2026

2028

# DOICIMÉAD CLÁRSCEIDEAL AITHE AONAIR

eU-LISA

**Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA)**

# Doiciméad Clársceidealaithe Aonair eu-LISA 2026–2028

Arna ghlacadh ag Bord Bainistíochta eu-LISA an 19-20 Samhain 2025

**Doiciméad 2024-547 REV 3**

# Clár Ábhair


**Figiúirí agus Táblaí** ... 5

**Acrainmneacha agus giorrúcháin** ... 6

**Liosta bunús dlí** ... 8

**Córais CGB agus réitigh dhigiteacha arna mbainistiú ag eu-LISA** ... 10

**Brollach** ... 13

**Ráiteas misin** ... 15

**Réamhrá** ... 19

**CUID I. Comhthéacs ginearálta** ... 21

**Comhthéacs an bheartais** ... 22

**CUID II. Clársceidealú ilbhliantúil** ... 26

**1. Clár oibre ilbhliantúil** ... 27

1.1. Straitéis fhadtéarmach agus cuspóirí ilbhliantúla ... 27

1.2. Gníomhaíochtaí agus acmhainní ilbhliantúla ... 28

1.3. Amlíne chun príomhghníomhaíochtaí a chur chun feidhme ... 32

1.4. Príomhtháscairí feidhmíochta corparáideacha ... 33

**2. Acmhainní daonna agus airgeadas: ionchas le haghaidh 2026-2028** ... 36

2.1. Forbhreathnú ar an staid san am atá thart agus san am i láthair ... 36

2.1.1. Acmhainní daonna ... 36

2.1.2. Caiteachas buiséid iomlán ... 36

2.2. Ionchas do 2026-2028 ... 38

2.2.1. Cúraimí nua ... 38

2.2.2. Forbairt tascanna reatha ... 38

2.3. Clársceidealú acmhainní do 2026-2028 ... 39

2.3.1. Clársceidealú acmhainní airgeadais ... 39

2.3.2. Clársceidealú acmhainní daonna ... 39

2.4. Straitéis chun gnóthachain éifeachtúlachta a bhaint amach ... 41

2.5. Tosaíochtaí diúltacha nó laghdú ar chúraimí atá ann cheana ... 43

**CUID III. Clársceidealú bliantúil** ... 44

**Achoimre feidhmiúcháin** ... 45

**3. Clár oibre bliantúil do 2026** ... 47

3.1. Slándáil inmheánach agus comhar i bhforfheidhmiú an dlí ... 48

3.1.1. Córas Faisnéise Schengen (SIS) ... 48

3.1.2. Ródaire lárnach Prüm II (malartú uathoibríoch sonraí le haghaidh comhar póilíneachta) ... 49

3.1.3. Ródaire API-PNR (réamhfhaisnéis faoi phaisinéirí agus taifead ainmneacha paisinéirí) ... 50

3.2. Teorainneacha Schengen agus víosa ... 51

3.2.1. An Córas Faisnéise Víosaí (VIS) ... 51

3.2.2. Córas Dul Isteach/Imeachta (EES) ... 52

3.2.3. An Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) ... 54

3.3. Imirce agus tearmann ... 55

3.3.1. An Bunachar Sonraí Eorpach um Dhachtalascópacht Tearmainn (Eurodac) ... 55

3.4. Comhar maidir le ceartas ... 57

3.4.1. An Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla (ECRIS) ... 57

3.4.2. e-CODEX (Cumarsáid r-Cheartais trí Mhalartú Sonraí ar Líne) ... 58

3.4.3. Ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú (CP JITanna) ... 59

3.5. Idir-inoibritheacht ... 59

3.5.1. Idir-inoibritheacht ... 61

3.6. Taighde, nuálaíocht agus forbairt acmhainneachta 62

3.6.1. Monatóireacht taighde agus teicneolaíochta ... 62

3.6.2. Tuairisciú reachtúil ... 63

3.6.3. Oiliúint do na Ballstáit agus do ghníomhaireachtaí CGB ... 64

3.6.4. Meastóireachtaí Schengen ... 65

3.7. Bonneagar agus líonraí ... 65

3.7.1. Bonneagar córas comhroinnte ... 66

3.7.2. Ardáin óstála cliste ... 67

3.7.3. Líonra ... 67

3.8. Tacaíocht dhíreach d'oibríochtaí ... 68

3.8.1. Oibríochtaí córais ... 69

3.8.2. Aistriú seirbhíse ... 69

3.8.3. Slándáil, cibearshlándáil agus leanúnachas gnó ... 71

3.8.4. Tacaíocht don Choimisiún agus do na Ballstáit ... 72

3.8.5. Grúpaí Comhairleacha, cruinnithe agus misin ... 72

3.9. Gníomhaíochtaí corparáideacha ... 73

3.9.1. Rialachas ... 73

3.9.2. Tacaíocht chorparáideach ... 75

**Iarscríbhinní** ... 80

**Iarscríbhinn I. Cairt eagraíochta** ... 81

**Iarscríbhinn II. Leithdháileadh acmhainní in aghaidh na gníomhaíochta** ... 85

**Iarscríbhinn III. Acmhainní airgeadais 2026-2028** ... 87

Ioncam ... 87

Caiteachas ... 88

Olltoradh buiséid agus cealú leithreasuithe ... 92

**Iarscríbhinn VI. Acmhainní daonna: anailís chainníochtúil** ... 93

**Iarscríbhinn V. Acmhainní daonna: anailís cháilíochtúil** ... 99

**Iarscríbhinn VI. Bainistiú comhshaoil** ... 107

**Iarscríbhinn VII. Beartas tógála** ... 109

**Iarscríbhinn VIII. Pribhléidí agus díolúintí** ... 112

**Iarscríbhinn IX.Meastóireachtaí** ... 113

Iarscríbhinn X. Straitéis maidir le bainistiú eagraíochtúil agus córais rialaithe inmheánaigh ....... 114
Iarscríbhinn XI. Plean le haghaidh deontais, ranníocaíochta nó SLAnna ....... 120
Iarscríbhinn XII. Straitéis maidir le comhar le tríú eagraíochtaí agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta ....... 121
Iarscríbhinn XIII. Staidéir agus measúnuithe tionchair a bhaineann le SPD 2026-2028 ....... 122

# Figiúirí agus Táblaí

## Figiúirí


▲ Fíor 1. Caidreamh gnó idir córais faisnéise CGB an Aontais arna mbainistiú ag eu-LISA .................. 12

▲ Fíor 2. Ailtireacht idir-inoibritheachta do réimse CGB an Aontais ....................................................... 60

▲ Fíor 3. Struchtúr eagraíochtúil ..................................................................................................... 82


## Táblaí


▲ Tábla 1. Forbhreathnú ar chórais faisnéise CGB arna mbainistiú ag eu-LISA .................................... 10

▲ Tábla 2. Acmhainní in aghaidh na gníomhaíochta ilbhliantúla ........................................................... 30

▲ Tábla 3. Príomhtháscairí feidhmíochta corparáideacha agus rannchuidiú le beartais an Aontais ....... 33

▲ Tábla 4. Forbhreathnú ar fhoireann eu-LISA in 2024 ........................................................................ 37

▲ Tábla 5. Meastacháin foirne do 2026-2028. ....................................................................................... 40

▲ Tábla 6. Líon na mball foirne de réir aonaid (in aghaidh na catagóire foirne) .................................... 83

▲ Tábla 7. Daonra foirne agus éabhlóid i ngach catagóir ...................................................................... 93

▲ Tábla 8. Baill foirne a bhfuiltear ag súil leis go ndéanfar iad a mhaoiniú ó chomhaontú ranníocaíochta CP JITanna ................................................................................................................................ 94

▲ Tábla 9. Seirbhísí tacaíochta seachtracha ......................................................................................... 94

▲ Tábla 10. Oibrithe eatramhacha 2024 ............................................................................................... 95

▲ Tábla 11. Plean bunaíochta do 2025-2028 ........................................................................................ 96

▲ Tábla 12. Gníomhairí ar conradh le haghaidh 2024-2028 .................................................................. 97

▲ Tábla 13. Saineolaithe náisiúnta ar iasacht sna blianta 2024-2028 .................................................... 97

▲ Tábla 14. Réamhaisnéisí earcaíochta do 2026 (tar éis scoir, soghluaisteachta, nó poist nua arna n-iarradh) ................................................................................................................................ 98

▲ Tábla 15. Rialacha cur chun feidhme maidir le hearcaíocht ............................................................... 99

▲ Tábla 16. Forbhreathnú ar spriocanna earcaíochta agus ar dhul chun cinn ........................................ 99

▲ Tábla 17. Rialacha cur chun feidhme maidir le breithmheas feidhmíochta agus athaicmiú/ardú céime 100

▲ Tábla 18. Foireann shealadach a athaicmiú/ardú céime oifigeach .................................................... 101

▲ Tábla 19. Foireann ar conradh a athaicmiú ..................................................................................... 102

▲ Tábla 20. Ionadaíocht inscne na foirne reachtúla (oifigigh, TA agus CA amháin) ............................. 103

▲ Tábla 21. Forbairt inscne na meánbhainistíochta agus na bainistíochta sinsearaí thar thréimhse 5 bliana 103

▲ Tábla 22. Cothromaíocht gheografach na foirne reachtúla amháin (oifigigh, TA agus CA) ............... 104

▲ Tábla 23. An náisiúntacht is mó ionadaíocht: éabhlóid thar 5 bliana ............................................... 105

▲ Tábla 24. Rioscaí corparáideacha a deimhníodh le déanaí agus a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar chuspóirí 2026-2028 ................................................................................................................... 116

▲ Tábla 25. Bearta freagartha agus maolaithe le haghaidh rioscaí corparáideacha is déanaí a deimhníodh ........................................................................................................................................ 117

# Acrainmneacha agus giorrúcháin

## Córais/réitigh TF agus a mbonneagar cumarsáide arna bhainistiú ag eu-LISA:

| | |
|---|---|
| **AFIS** | córas aitheantais méarloirg uathoibrithe |
| **API** | réamhfhaisnéis faoi phaisinéirí |
| **CCP** | néal-ardán cuimsitheach |
| **SCSC** | stóras coiteann sonraí céannachta |
| **CRRS** | an lárstóras um thuairisciú agus staidreamh |
| **CSI** | bonneagar coiteann comhroinnte |
| **CSLR** | Lárchóras um Réiteach an Naisc Bhuí |
| **CSP** | ardán comhroinnte |
| **DTA** | feidhmchlár um shonraí taistil digiteacha |
| **DTC** | dintiúr taistil digiteach |
| **DubliNet** | líonra cumarsáide leictreonaí Bhaile Átha Cliath |
| **e-CODEX** | Cumarsáid r-Cheartais trí Mhalartú Sonraí Ar Líne |
| **ECRIS** | An Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla |
| **ECRIS RI** | Cur Chun Feidhme Tagartha an Chórais Faisnéise Eorpaigh um Thaifid Choiriúla |
| **ECRIS-TCN** | an Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla maidir le náisiúnaigh tríú tír agus daoine gan stát |
| **EES** | Córas Dul Isteach/Imeachta |
| **ESP** | tairseach chuardaigh Eorpach |
| **ETIAS** | An Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil |
| **An Córas Eorpach méarlorgaireachta (Eurodac)** | An Bunachar Sonraí Eorpach um Dhachtalascópacht Tearmainn |
| **EU VAP** | Ardán an Aontais um Iarratais ar Víosaí |
| **CP JITanna** | ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú |
| **MID** | brathadóir ilchéannachtaí |
| **PNR** | taifead ainmneacha paisinéirí |
| **sBMS** | seirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha |
| **SIRENE** | Iarraidh ar Fhaisnéis fhorlíontach ag na Bealaí Isteach Náisiúnta |
| **SIS** | Córas Faisnéise Schengen |
| **TAP** | pointe rochtana lándéanta |
| **TESTA-ng** | Seirbhísí Tras-Eorpacha do Theileamaitice idir Riaracháin – glúin nua |
| **TESTA EIRIS** | Bonneagar Feabhsaithe TESTA le haghaidh Idirnascacht agus Slándáil Iontaofa |
| **VIS** | An Córas Faisnéise Víosaí |

## Acrainmneacha eile a úsáidtear:

| | |
|---|---|
| **ACFC** | An Coiste Iniúchta, Comhlíontachta agus Airgeadais de chuid Bhord Bainistíochta eu-LISA |
| **AS HOME** | An Ard-Stiúrthóireacht um Imirce agus Gnóthaí Baile |
| **AS JUST** | An Ard-Stiúrthóireacht um Cheartas agus Tomhaltóirí |
| **BCU** | láraonad cúltaca (ionad cúltaca in St Johann im Pongau, an Ostair) |
| **BSTF** | Bainistiú na Seirbhísí TF |
| **CEPOL** | Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí |
| **CGB** | ceartas agus gnóthaí baile |
| **COTS** | táirge le ceannach i siopa |
| **CU** | láraonad |
| **EiO** | teacht i bhfeidhm |
| **EMAS** | Scéim an Aontais um Bainistiú agus Iniúchadh Comhshaoil |
| **ENISA** | Gníomhaireacht an Aontais um Chibearshlándáil |
| **EUAA** | Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann |
| **EUAN** | Líonra Gníomhaireachtaí AE |
| **eu-LISA** | Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais |
| **Eurojust** | Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil |
| **Europol** | Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí |
| **FRA** | Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha |
| **Frontex** | An Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta |
| **FSA** | glacadh deiridh córais |
| **FTE** | coibhéis lánaimseartha |
| **IAC** | Cumas Iniúchóireachta Inmheánaí eu-LISA |
| **ICD** | doiciméad rialaithe comhéadain |
| **IO** | Iris Oifigiúil |
| **JHAAN** | Líonra Ghníomhaireachtaí CGB |
| **JRC** | An tAirmheán Comhpháirteach Taighde |
| **KPI** | príomhtháscaire feidhmíochta |
| **MECS** | An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí |
| **SEMM** | Sásra Meastóireachta agus Faireacháin Schengen |
| **SLA** | comhaontú ar leibhéal seirbhíse |
| **SNI** | saineolaí náisiúnta ar iasacht |
| **SPD** | doiciméad clársceidealaithe aonair |
| **TCN** | náisiúnaigh tríú tír |
| **TEF** | Creat Innealtóireachta Trasnaí |
| **TOF** | creat oibríochtaí trasnaí |

| | |
|---|---|
| **USK** | bogearraí úsáideora |

# Liosta bunús dlí

## Cothrománach

### Rialachán lena mbunaítear eu-LISA

*Rialachán (AE) 2018/1726*, IO L 295, 21.11.2018

### An Gníomh um an Intleacht Shaorga

*Rialachán (AE) 2024/1689*, IO L, 12.6.2024

## Córais faisnéise CGB agus ailtireacht idir-inoibritheachta

### Córas Faisnéise Schengen (SIS)

*Rialachán (AE) 2018/1860*, IO L 312, 7.12.2018

*Rialachán (AE) 2018/1861*, IO L 312, 7.12.2018

*Rialachán (AE) 2018/1862*, IO L 312, 7.12.2018

*Rialachán (AE) 2022/1190*, IO L 185, 12.7.2022

### Ródaire lárnach Prüm II

*Rialachán (AE) 2024/982*, IO L, 5.4.2024

### Ródaire API-PNR (réamhfhaisnéis faoi phaisinéirí agus taifead ainmneacha paisinéirí)

*Rialachán (AE) 2025/12,* IO L 08.01.2025

*Rialachán (AE) 2025/13*, IO L 08.01.2025

### An Córas Faisnéise Víosaí (VIS)

*Cinneadh 2004/512/CE ón gComhairle*, IO L 213, 15.6.2004

*Cinneadh 2008/602/CE ón gCoimisiún Eorpach*, IO L 194, 2C

*Cinneadh 2008/633/CGB ón gComhairle*, IO L 218, 13.8.2008

*Rialachán (CE) Uimh. 767/2008*, IO L 218, 13.8.2008

*Rialachán (AE) 2021/1133*, IO L 248, 13.7.2021

*Rialachán (AE) 2021/1134*, IO L 248, 13.7.2021

*Rialachán (AE) 2023/2667*, IO L, 7.12.2023

*Rialachán (AE) 2023/2685*, IO L, 7.12.2023

### Córas Dul Isteach/Imeachta (EES)

*Rialachán (AE) 2017/2226*, IO L 327, 9.12.2017

*Rialachán (AE) 2017/2225*, IO L 327, 9.12.2017

### An Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS)

*Rialachán (AE) 2018/1240*, IO L 236, 19.9.2018

*Rialachán (AE) 2018/1241*, IO L 236, 19.9.2018

### An Bunachar Sonraí Eorpach um Dhachtalascópacht Tearmainn (Eurodac)

*Rialachán (CE) 1560/2003 ón gCoimisiún*, IO L 222, 2003

*Rialachán (AE) 603/2013*, IO L 180, 29.6.2013

*Rialachán (AE) 604/2013*, IO L 180, 29.6.2013

*Rialachán (AE) 2024/1356*, IO L, 22.5.2024

*Rialachán (AE) 2024/1358*, IO L, 22.5.2024

### Idir-inoibritheacht idir córais faisnéise CGB an Aontais

*Rialachán (AE) 2019/817*, IO L 135, 22.5.2019

*Rialachán (AE) 2019/818*, IO L 135, 22.5.2019

### e-CODEX (Cumarsáid r-Cheartais trí Mhalartú Sonraí ar Líne)

*Rialachán (AE) 2022/850*, IO L 150, 1.6.2022

### An Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla maidir le náisiúnaigh tríú tír agus daoine gan stát (ECRIS-TCN)

*Rialachán (AE) 2019/816*, IO L 135, 22.5.2019

*Rialachán (AE) 2024/1352*, IO L, 22.5.2024

### Ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú (CP JITanna)

*Rialachán (AE) 2023/969*, IO L 132, 17.5.2023

### Rialacháin an Aontais maidir le cosaint agus próiseáil sonraí

*Rialachán (AE) 2018/1725*, IO L 295, 21.11.2018

*Rialachán (AE) 2016/679*, IO L 119, 4.5.2016

*Treoir (AE) 2016/680*, IO L 119, 4.5.2016

**Forálacha córas-sonracha maidir le cosaint sonraí**

*Rialachán (AE) 2018/1726*, Airt. 2, 35, 36

*Rialachán (AE) 2018/1860*, Airt. 16, 19

*Rialachán (AE) 2018/1861*, Airt. 9, 15-18, 41-57

*Rialachán (AE) 2018/1862*, Airt. 16-18, 56-71

*Rialachán (CE) Uimh. 767/2008*, Airt. 26-32, 34, 42-43, 50

*Rialachán (AE) Uimh. 603/2013*, Airt. 23-37

*Rialachán (AE) 2022/850*, Airt. 7, 11, 16

*Rialachán (AE) 2017/2226*, Airt. 5-8, 13, 34-35, 37-49, 56-57, 63, 65, 72

*Rialachán 2018/1240*, Airt. 6, 35, 45-46, 54-70, 73-74

*Rialachán (AE) 2019/816*, Airt. 4, 11, 13, 19-20, 23-27, 29, 31-32, 34-36

*Rialachán (AE) 2019/817*, agus *Rialachán (AE) 2019/818* Airt. 8-12, 16-17, 23-25, 28, 35-55

# Córais CGB agus réitigh dhigiteacha arna mbainistiú ag eu-LISA

▲ **Tábla 1. Forbhreathnú ar chórais faisnéise CGB arna mbainistiú ag eu-LISA**

| Cuspóir an chórais | EiO | Stádas |
|---|---|---|
| **Tearmann, imirce agus teorainneacha** | | |
| **Eurodac │ An Bunachar Sonraí Eorpach um Dhachtalascópacht Tearmainn** | | |
| Bunachar sonraí an Aontais de mhéarloirg dhigitithe chun iarratais ar thearmann a bhainistiú faoi Rialachán Bhaile Átha Cliath. Cuidíonn an córas le cinneadh cén Ballstát é an ceann atá freagrach trína chinneadh ar éiligh an t-iarratasóir tearmann i dtír AE eile roimhe sin. Chun an imirce neamhrialta a chomhrac ar bhealach níos fearr, tabharfaidh eu-LISA faoi uasghrádú mór, lena ndéanfar an lárchóras a athdhearadh agus feidhmiúlachtaí nua a thabhairt isteach. | 2003 | **i bhfeidhm**<br>á bhainistiú ag eu-LISA ó mhí an Mheithimh 2013 |
| **Slándáil inmheánach agus teorainneacha an Aontais** | | |
| **SIS │ Córas Faisnéise Schengen** | | |
| Is é SIS an córas comhroinnte faisnéise is mó chun teorainneacha seachtracha a bhainistiú agus chun slándáil inmheánach limistéar Schengen a áirithiú. Le SIS, éascaítear malartú faisnéise faoi dhaoine nó réada a bhfuiltear sa tóir orthu nó atá ar iarraidh, mar aon le treoracha d'údaráis inniúla maidir le cad ba cheart a dhéanamh nuair a bhraitear an duine nó an réad. Dá réir sin, is uirlis fhíorluachmhar é chun an choireacht trasteorann agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac. | 1995 | **i bhfeidhm**<br>á bhainistiú ag eu-LISA ó mhí na Bealtaine 2013 |
| **Ródaire lárnach Prüm II │Malartú sonraí uathoibrithe le haghaidh comhar póilíneachta** | | |
| Leis an ródaire lárnach nua le haghaidh malartú uathoibrithe sonraí i gcomhair comhar póilíneachta, déanfar malartú sonraí idir na Ballstáit a chuíchóiriú agus a éascú chun an choireacht trasteorann a chomhrac ar bhealach níos éifeachtúla. Tiocfaidh sé in ionad naisc aonair idir bunachair sonraí náisiúnta agus iompóidh sé na sonraí atá ar fáil maidir le ADN, méarloirg agus clárú feithicle ina gcatagóirí nua sonraí, amhail íomhánna den aghaidh agus taifid phóilíneachta. | 2027 | **á fhorbairt** |
| **Ródaire API-PNR│ réamhfhaisnéis faoi phaisinéirí agus taifead ainmneacha paisinéirí** | | |
| Leis an ródaire API-PNR, éascófar sainaithint agus imréiteach taistealaithe le linn seiceálacha teorann agus chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh trí shonraí taistealaithe agus faisnéis eitilte a aistriú sula dtiocfaidh siad. Feidhmeoidh an ródaire mar phointe nasctha idir na Ballstáit agus aeriompróirí chun sonraí API agus PNR a aistriú. | 2029 | **á fhorbairt** |
| **Teorainneacha Schengen, agus víosa** | | |
| **VIS │ An Córas Faisnéise Víosaí** | | |
| Éascaíonn VIS próiseáil iarratas ar víosaí agus bainistiú víosaí gearrfhanachta do TCNanna a thaistealaíonn nó a théann ar idirthuras trí limistéar Schengen. Tacaíonn sé le cur chun feidhme chomhbheartas víosaí an Aontais agus cuidíonn sé le calaois víosaí a chomhrac trí chúnamh a thabhairt daoine nach gcomhlíonann na coinníollacha maidir le fanacht nó dul isteach a shainaithint. | 2011 | **i bhfeidhm**<br>á bhainistiú ag eu-LISA ó mhí na Nollag 2012 |
| **EES │ Córas Dul Isteach/Imeachta** | | |
| Tá sé beartaithe le EES nósanna imeachta rialaithe teorann a chuíchóiriú trí chlárú leictreonach gach náisiúnach tríú tír atá ag dul isteach i limistéar Schengen agus atá ag imeacht as a chur in ionad stampáil na bpasanna de lámh. Nuair a bheidh sé oibríochtúil, áiritheofar le EES go ndéanfar faireachán níos fearr ar thréimhsí fanachta údaraithe agus go sainaithneofar daoine a d'fhéadfadh fanacht ró-fhada, agus ar an gcaoi sin rannchuideofar leis an imirce neamhrialta a chosc agus leis an tslándáil inmheánach a neartú, agus cuideofar an tráth céanna leis an gcoireacht eagraithe agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac. | 2025 | **I bhfeidhm**<br>ag tosú go comhleanúnach i mí Dheireadh Fómhair 2025; cur chun feidhme iomlán faoi mhí Aibreáin 2026 |
| **ETIAS │ Córas an Aontais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil** | | |
| Is córas um údarú taistil ar líne é ETIAS do náisiúnaigh tríú tír atá díolmhaithe ó cheanglas víosa agus iad ag taisteal chuig 30 tír Eorpach. Leis an gcóras scagtha réamhthaistil sin, déantar comparáid idir faisnéis ar fud na gcóras CGB uile, agus i mbunachair sonraí Europol, chun rioscaí slándála, rioscaí imirce neamhrialta nó ardrioscaí eipidéime féideartha a shainaithint roimh ré – ar cinn iad a d'fhéadfadh a bheith ina bhforas le cead isteach do náisiúnaigh tríú tír i limistéar Schengen a dhiúltú. Seiceálfaidh aeriompróirí, muiriompróirí agus iompróirí ar tír údaruithe ETIAS sula rachaidh siad ar bord, agus seiceálfaidh gardaí teorann ag teorainneacha seachtracha Schengen iad sin freisin. | 2026 | **á fhorbairt** |

| | | |
|---|---|---|
| **EU VAP │ Ardán an Aontais um Iarratais ar Víosaí** | | |
| Is ardán digiteach é EU VAP, a bhaineann le gach Ballstát, a chuirfidh ar chumas iarratasóirí ar víosa iarratas a dhéanamh ar víosa ar líne. Cinnfidh sé go huathoibríoch cén Ballstát atá inniúil chun iarratas a scrúdú i gcásanna ina bhfuil sé ar intinn ag an iarratasóir cuairt a thabhairt ar roinnt Ballstát. | 2028 | **á fhorbairt** |
| **Comhar maidir le ceartas** | | |
| **ECRIS RI │ An Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla – cur chun feidhme tagartha** | | |
| Is córas díláraithe é ECRIS RI chun faisnéis a mhalartú idir Ballstáit ar thaifid choiriúla de chuid shaoránaigh an Aontais, chomh maith le taifid choiriúla náisiúnach de chuid tíortha eile. Le ECRIS RI soláthraítear comhéadan comhtháthaithe, lenar féidir nasc a dhéanamh idir cláir náisiúnta taifead coiriúil na mBallstát. | 2012 | **i bhfeidhm**<br>á bhainistiú ag eu-LISA ó mhí Aibreáin 2020 i leith |
| **ECRIS-TCN │ An Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla maidir le náisiúnaigh tríú tír agus daoine gan stát** | | |
| Le ECRIS-TCN, an chéad chóras TF a d'fhorbair eu-LISA go hiomlán do réimse ceartais an Aontais, éascaítear malartú leictreonach faisnéise maidir le taifid choiriúla náisiúnach tríú tír agus daoine gan stát. Dá réir sin, tacaíonn sé le prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh de phianbhreitheanna agus de chinntí breithiúnacha ar fud na hEorpa. | 2026 | **á fhorbairt** |
| **e-CODEX │ Cumarsáid r-Cheartais trí Mhalartú Sonraí ar Líne** | | |
| Is ardán cumarsáide é e-CODEX chun tarchur slán ábhair leictreonaigh idir údaráis bhreithiúnacha agus gairmithe dlí in imeachtaí breithiúnacha trasteorann a éascú, rud a áirithíonn próiseas breithiúnach níos éifeachtúla do shaoránaigh agus do ghnólachtaí ar fud na hEorpa. | 2013 | **i bhfeidhm**<br>á bhainistiú ag eu-LISA ó mhí an Mheithimh 2024 |
| **CP JITanna │ Ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú** | | |
| Éascóidh ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú cumarsáid agus comhar idir údaráis bhreithiúnacha Eorpacha agus údaráis forfheidhmithe dlí, gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais, agus an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF), d'fhonn éifeachtúlacht agus éifeachtacht imscrúduithe agus ionchúiseamh trasteorann a fheabhsú. | 2026 | **á fhorbairt** |
| **Idir-inoibritheacht chórais faisnéise CGB an Aontais** | | |
| **Ailtireacht idir-inoibritheachta do réimse CGB** | | |
| Is éard is idir-inoibritheacht ann cumas na gcóras idirnasctha sonraí a chomhroinnt agus faisnéis a mhalartú, lena soláthraítear rochtain chuíchóirithe ar fhaisnéis chuimsitheach do na húdaráis ábhartha.<br>Cumasófar idir-inoibritheacht uileghabhálach na gcóras i réimse CGB trí na comhpháirteanna seo a leanas a éascaíonn cuardaigh údaraithe agus malartú faisnéise:<br>▪ an **tairseach cuardaigh Eorpach** (ESP): fuinneog cuardaigh aonair le haghaidh cuardaigh thapa ar fud na gcóras CGB go léir atá á mbainistiú ag eu-LISA,<br>▪ an **tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha** (sBMS) le haghaidh sonraí bithmhéadracha a mheaitseáil le chéile ar fud na gcóras CGB go léir,<br>▪ an **stóras coiteann sonraí céannachta** (SCSC) chun náisiúnaigh tríú tír a shainaithint i gceart (sonraí beathaisnéiseacha agus bithmhéadracha),<br>▪ an **brathadóir ilchéannachtaí** (MID) chun ilchéannachtaí a nochtadh agus chun calaois chéannachta a chomhrac.<br>an **lárstóras um thuairisciú agus staidreamh** (CRRS) chun tuairiscí comhiomlánaithe traschórais a ghiniúint. | 2024–2028[1] | **á fhorbairt** |

## Caidreamh gnó idir córais faisnéise CGB an Aontais arna mbainistiú ag eu-LISA

Leagtar amach/léirítear sa léaráid an malartú faisnéise idir córais faisnéise CGB an Aontais atá ann cheana – **SIS**, **VIS** agus **Eurodac** – agus na córais nua atá i mbun forbartha – **EES**, **ETIAS**, **ECRIS-TCN**, mar aon leis na comhpháirteanna agus na huirlisí lena gcumasófar idir-inoibritheacht idir na córais CGB uile atá á mbainistiú ag eu-LISA chun bainistiú comhtháite teorainneacha agus slándáil inmheánach fheabhsaithe a éascú do Limistéar Schengen.

Tabhair faoi deara go ndéanfar na naisc idir SIS, EES agus ETIAS, agus idir ECRIS-TCN agus EES, a ródú trí na comhpháirteanna idir-inoibritheachta a chuirtear i láthair thíos.

[1] Go dtí go nglacfar an treochlár idir-inoibritheachta don tréimhse 2027-2028.

**▲ Fíor 1. Caidreamh gnó idir córais faisnéise CGB an Aontais arna mbainistiú ag eu-LISA**[2]




[2] ** Beidh codanna den fheidhmiúlacht nasctha leis an ailtireacht idir-inoibritheachta chuimsitheach CGB.



# Brollach

**Tá limistéar Schengen ar cheann de na héachtaí is mó atá bainte amach ag an Aontas Eorpach – spás ina bhfuil an Eoraip athraithe ó bhonn de bharr na saoirse gluaiseachta, na muiníne agus na freagrachta comhroinnte. Taobh thiar den fhís sin tá ailtireacht dhigiteach lena gcinntítear slándáil, sláine agus feidhmiú rianúil theorainneacha seachtracha an Aontais.**

Tá áit tuillte ag eu-LISA i gcroílár réaltacht dhigiteach Schengen, agus é ag obair gan staonadh chun seirbhísí níos fearr a sholáthar a mbeidh tionchar dearfach acu ar shaol beagnach 450 milliún saoránach Eorpach. Ag an am céanna, tá digitiú an cheartais tagtha chun cinn mar cheann de phríomhthosaíochtaí an Aontais freisin, agus bainfidh eu-LISA leas go leanúnach as cumhacht na teicneolaíochta digití chun feabhas a chur ar an gcomhar idir cleachtóirí ceartais agus chun seirbhísí níos fearr a chur ar fáil do shaoránaigh an Aontais.

Trí theicneolaíocht úrscothach a ghiaráil chun tacú le hiarrachtaí an AE agus a Bhallstát an Eoraip a choinneáil oscailte agus slán, díríonn an Ghníomhaireacht ar an sprioc uaillmhianach a bhaint amach maidir le ceann de na córais bainistithe teorainneacha is forbartha ar domhan a chur chun feidhme. An 12 Deireadh Fómhair 2025, bhain eu-LISA garsprioc shainithe amach maidir leis an turas sin – teacht i bhfeidhm an Chórais Dul Isteach/Imeachta (EES) a rabhthas ag súil go mór leis. Níos mó ná córas casta teicneolaíochta a chur in úsáid, léiríonn an gharsprioc sin todhchaí lánpháirtiú, shlándáil agus bharr feabhais digiteach na hEorpa. Léirítear ann freisin cumas na Gníomhaireachta bonneagar mórscála atá ríthábhachtach ó thaobh misin de a chur ar fáil lena neartaítear teorainneacha seachtracha an Aontais go díreach agus lena gcaomhnaítear an ceart bunúsach chun saorghluaiseachta ag an am céanna.

Éilíonn an bhliain atá romhainn tiomantas agus diongbháilteacht chomhionann ón nGníomhaireacht. An chéad gharsprioc mhór eile a bheidh again – teacht i bhfeidhm Eurodac nua i mí an Mheithimh 2026 – beidh sí ina céim ríthábhachtach eile i dtreo ollstruchtúr Eorpach nua-aimseartha idir-inoibritheach a thógáil le haghaidh bainistiú imirce agus tearmainn. Ní hamháin go bhfeabhsóidh Eurodac an éifeachtúlacht a bhaineann le teorainneacha seachtracha an Aontais a bhainistiú, ach rannchuideoidh sé freisin le sainaithint níos fearr, le sásraí cosanta níos láidre, agus le cinnteoireacht níos eolasaí ar fud an Aontais Eorpaigh. Ag cur leis an móiminteam sin, tá eu-LISA réidh freisin chun na córais atá fágtha san ailtireacht idir-inoibritheachta – ETIAS agus ECRIS-TCN a sholáthar in 2026.

Ag an am céanna, leanfaidh eu-LISA de bhainistiú oibríochtúil rianúil chórais CGB an Aontais atá ann cheana a áirithiú laistigh dár sainchúram – SIS, VIS, EES, Eurodac, agus e-CODEX – agus ardleibhéal infhaighteachta agus freagrúlachta á choinneáil ar bun. Sa ról sin, beidh slándáil na gcóras agus na cosanta sonraí fós i measc na dtosaíochtaí is airde atá againn. Ós rud é go bhfuil na córais sin ag éirí níos idirnasctha i gcónaí, agus go bhfuil méid na sonraí ag fás go han-tapa i gcónaí, is amhlaidh atá an fhreagracht atá orainn na sonraí sin a chosaint. Chuige sin, leanfaidh eu-LISA dá sheasamh cibearshlándála a neartú a thuilleadh trí fhaireachán feabhsaithe, oibríochtaí slándála comhordaithe, agus comhar níos dlúithe leis na Ballstáit agus le hinstitiúidí an Aontais. Leanfaidh cosaint sonraí pearsanta agus muinín na saoránach agus na n-institiúidí de gach cinneadh teicniúil agus oibríochtúil a dhéanaimid a threorú.

Ag eu-LISA, is iad ár ndaoine is mó atá taobh thiar dár n-éachtaí san am atá thart agus san am atá le teacht. Bíonn fócas agus diongbháilteacht straitéiseach ag teastáil chun córais mhórscála TF a bhainistiú agus a fhorbairt. Cuireann saineolas agus athléimneacht fhoireann eu-LISA ar chumas na Gníomhaireachta feidhmiú le barr feabhais agus í faoi bhrú. Le blianta beaga anuas, tá dul chun cinn suntasach déanta ag eu-LISA trí shraith rialachán, straitéisí, gníomhartha, caibidlíochta agus cinntí nuashonraithe agus nua a stiúradh. Le linn a turais, léirigh an Ghníomhaireacht tiomantas láidir dá cáil agus do mhuinín a geallsealbhóirí a choinneáil, ár misean a chur i gcrích tríd an Treochlár Idir-inoibritheachta d’fhearann CGB an Aontais a chur chun feidhme agus, ar bhonn níos ginearálta, tacú le limistéar Schengen agus leis an Aontas Eorpach a mhianta maidir le claochlú digiteach a bhaint amach go rathúil.

In éineacht lenár ngeallsealbhóirí, leanfaidh an Ghníomhaireacht d'fhís an Aontais a chur i bhfeidhm — córas amháin, cloch mhíle amháin, agus nasc slán amháin in aon am amháin.

**Tillmann Keber**,

An Stiúrthóir Feidhmiúcháin

# Ráiteas misin

**Tá Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA) freagrach as bainistiú oibríochtúil agus forbairt leanúnach chórais mhórscála TF an Aontais i réimse an cheartais agus gnóthaí baile (CGB).[3] Ó thosaigh sí ag feidhmiú in 2012, tá an Ghníomhaireacht ag cur le cur chun feidhme raon leathan beartas CGB, cuir i gcás víosaí, imirce agus tearmann agus slándáil inmheánach agus ceartas. Dírítear le freagrachtaí eu-LISA ar mhalartú éifeachtúil faisnéise a éascú idir na húdaráis ábhartha ar fud na hEorpa chun bainistíocht sonraíbhunaithe ar theorainneacha seachtracha an Aontais agus i réimse an cheartais a áirithiú, agus taithí shlán gan uaim á cur ar fáil ag an am céanna do thaistealaithe idirnáisiúnta.**

Is é príomhthosaíocht na Gníomhaireachta feidhmiú éifeachtach, slán agus gan bhriseadh chórais faisnéise CGB an Aontais a áirithiú i gcomhréir leis an mbunús dlí agus leis na comhaontuithe seirbhíse faoi seach, chomh maith leis an dlí cosanta sonraí agus na ceanglais slándála is infheidhme.[4] Tá infhaighteacht leanúnach na gcóras TF sin riachtanach chun slándáil inmheánach an Aontais a áirithiú agus chun saoirse gluaiseachta a áirithiú do shaoránaigh an Aontais.

Chun feidhmiú éifeachtúil limistéar Schengen a áirithiú, tá na córais seo a leanas á mbainistiú ag eu-LISA faoi láthair:

- Córas Faisnéise Schengen (SIS),
- an Córas Faisnéise Víosaí (VIS),
- An Bunachar Sonraí Eorpach um Dhachtalascópacht Tearmainn (Eurodac),
- an Córas Dul Isteach/Imeachta (EES),

Ina theannta sin, tacaíonn eu-LISA freisin le digitiú réimse ceartais an Aontais trí chumarsáid shlán a éascú idir údaráis bhreithiúnacha in imeachtaí sibhialta agus coiriúla trasteorann tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- an córas e-CODEX (Cumarsáid r-Cheartais trí Mhalartú Sonraí ar Líne),
- An Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla – cur chun feidhme tagartha (ECRIS RI).

Chun bainistiú teorainneacha sonraíbhunaithe a neartú tuilleadh, agus chun slándáil inmheánach limistéar Schengen a threisiú, cuireadh de chúram ar eu-LISA **ailtireacht idir-inoibritheachta chuimsitheach a fhorbairt don réimse CGB**, mar aon leis na **córais nua** seo a leanas:

- Córas an Aontais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS)
- ECRIS maidir le náisiúnaigh tríú tír agus daoine gan stát (ECRIS-TCN),
- an Eurodac nua,
- an Córas Faisnéise Víosaí Athbhreithnithe,
- an lárstóras um thuairisciú agus staidreamh (CRRS),
- agus comhpháirteanna idir-inoibritheachta: an tairseach chuardaigh Eorpach (ESP), an tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha (sBMS), an stóras coiteann sonraí céannachta (SCSC), an brathadóir ilchéannachtaí (MID).

Le cúpla bliain anuas, cuireadh de chúram ar an nGníomhaireacht freisin roinnt tionscnamh nua a fhorbairt:

- Ródaire lárnach Prüm II (malartú uathoibríoch sonraí le haghaidh comhar póilíneachta),
- Ródaire API-PNR (réamhfhaisnéis faoi phaisinéirí agus taifead ainmneacha paisinéirí),
- Ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú (CP JITanna).
- Ardán an Aontais um Iarratais ar Víosaí (EU VAP).

Chun saineolas úrscothach a chur ar fáil dá phríomh-gheallsealbhóirí – an Coimisiún, na Ballstáit agus gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais – déanann eu-LISA faireachán gníomhach ar na forbairtí is déanaí

---

[3] *Rialachán (AE) 2018/1726*, IO L 295, 21.11.2018.

[4] Chun forléargas a fháil ar na rialacháin lena rialaítear na córais TF atá á mbainistiú ag eu-LISA, féach na bunúis dlí atá liostaithe ar leathanach 7.

ó thaobh **taighde agus nuálaíochta** de, chun réitigh theicneolaíocha nua a shainaithint agus a thástáil chun a éifeachtúlacht oibríochtúil a fheabhsú tuilleadh agus chun an claochlú digiteach i réimse CGB a chur chun cinn. Ina theannta sin, cuireann eu-LISA seirbhísí ardcháilíochta ar fáil d'úsáideoirí deiridh chórais CGB, lena n-áirítear tacaíocht 24/7, oiliúint d'úsáideoirí agus tuairisciú ar fheidhmíocht an chórais.

Tá an Ghníomhaireacht fós trédhearcach agus cuntasach dá geallsealbhóirí agus do shaoránaigh an Aontais.




* The development and operational management of the e-CODEX is in Tallinn, Estonia.

## Cosaint sonraí

Le linn a ghníomhaíochtaí go léir, tá eu-LISA tiomanta do **ardleibhéal cosanta sonraí** a áirithiú, i gcomhréir le dlí an Aontais maidir le cosaint sonraí, lena n-áirítear forálacha sonracha le haghaidh gach córais mórscála TF atá faoina chúram.

Agus sonraí pearsanta á bpróiseáil aige, cuireann eu-LISA cearta bunúsacha san áireamh go hiomlán, lena n-áirítear urraim don saol príobháideach agus do shaol an teaghlaigh agus cosaint sonraí pearsanta mar a chumhdaítear in Airteagal 7 agus in Airteagal 8 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais.[5] Urramaíonn an Ghníomhaireacht na prionsabail uile a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta de réir Rialachán (AE) 2018/1725,[6] eadhon teorannú de réir cuspóra, íoslaghdú sonraí, cruinneas, cuntasacht, teorannú stórála, sláine agus rúndacht. Agus corais nua agus a n-idir-inoibritheacht á bhforbairt aige, tugann eu-LISA aird ar leith ar phrionsabal na **cosanta sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú**, mar a leagtar amach in Airteagal 27 de Rialachán (AE) 2018/1725, Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2016/679[7] agus Airteagal 20 de Threoir (AE) 2016/680.[8]

---

[5] *Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh*, IO C 202, 7.6.2016, lgh. 389–405.

[6] *Rialachán (AE) 2018/1725* an 23 Deireadh Fómhair 2018, **EU-DPR**.

[7] *Rialachán (AE) 2016/679*, Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, **RGCS**.

[8] *Treoir (AE) 2016/680*, maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin.

## AISTRIÚCHÁN leathanach 11

| | |
|---|---|
| ***MISSION*** | ***MISEAN*** |
| *we aim to support the EU and its Member States in their efforts to keep Europe open and secure through advanced technology* | *is é ár misean tacú leis an Aontas agus leis na Ballstáit agus iad ag iarraidh an Eoraip a choinneáil oscailte agus slán trí ardteicneolaíocht* |
| | |
| ***VISION*** | ***FÍS*** |
| *we strive to provide innovative and practical solutions for the EU's evolving needs, while also driving digital transformation in the area of justice and home affairs* | *déanaimid ár ndícheall réitigh nuálacha agus phraiticiúla a sholáthar do riachtanais athraitheacha an Aontais agus, ag an am céanna, claochlú digiteach a bhrú chun cinn i réimse an cheartais agus gnóthaí baile* |
| | |
| ***CORE VALUES*** | ***CROÍLUACHANNA*** |
| | |
| ***Accountability*** | ***Cuntasacht*** |
| *deploying a robust governance framework, cost-efficient operations and sound financial management* | *creat fónta rialachais, oibríochtaí costéifeachtacha agus bainistiú fónta airgeadais a chur i bhfeidhm* |
| | |
| ***Transparency*** | ***Trédhearcacht*** |
| *engaging in continuous dialogue with key stakeholders to define eu-LISA's long-term development strategy* | *dul i mbun idirphlé go leanúnach leis na príomhpháirtithe leasmhara chun straitéis forbartha fhadtéarmach eu-LISA a shainiú* |
| | |
| ***Excellence*** | ***Barr feabhais*** |
| *having the right organisational structure, processes and people to ensure service continuity and quality of tools provided to the Member States* | *an struchtúr, na próisis agus na daoine eagrúcháin cearta a bheith ann chun leanúnachas seirbhíse agus cáilíocht na n-uirlisí a chuirtear ar fáil do na Ballstáit a áirithiú* |
| | |
| ***Continuity*** | ***Leanúnachas*** |
| *making the best use of expertise, knowledge and investments provided by the Member States, and their continued development* | *an úsáid is fearr a bhaint as saineolas, eolas agus infheistíochtaí arna soláthar ag na Ballstáit, agus as a bhforbairt leanúnach* |
| | |
| ***Teamwork*** | ***Obair Foirne*** |
| *empowering each team member to make the best use of their knowledge and experience, contributing to shared success.* | *cur ar chumas gach ball foirne an úsáid is fearr a bhaint as a gcuid eolais agus taithí d'fhonn cur le rath comhroinnte* |
| | |
| ***Customer focus*** | ***Fócas ar chustaiméirí*** |
| *ensuring that eu-LISA's activities are always aligned with the needs and demands of its stakeholders* | *a áirithiú go mbíonn gníomhaíochtaí eu-LISA ailínithe i gcónaí le riachtanais agus éilimh a bpáirtithe leasmhara* |
| | |
| | |
| ***HEADQUARTERS*** | ***CEANNCHEATHRÚ*** |
| *Tallinn, Estonia* | *Taillinn, an Eastóin* |
| ***OPERATIONAL SITE*** | ***SUÍOMH OIBRÍOCHTÚIL*** |
| *Strasbourg, France* | *Strasbourg, an Fhrainc* |
| ***LIAISON OFFICE*** | ***OIFIG IDIRCHAIDRIMH*** |
| *Brussels, Belgium* | *An Bhruiséil, an Bheilg* |
| ***TECHNICAL BACK-UP SITE*** | ***LÁITHREÁN CÚLTACA TEICNIÚIL*** |
| *St Johan im Pongau, Austria* | *St Johan im Pongau, an Ostair* |

# Réamhrá

**Sa Doiciméad Clársceidealaithe Aonair (SPD) seo tugtar forléargas struchtúrtha ar chuspóirí agus ar ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta atá beartaithe, lena n-áirítear leithdháileadh acmhainní (airgeadais agus daonna) chun trédhearcacht, cuntasacht agus éifeachtúlacht a áirithiú maidir lena sainordú a sheachadadh.**

Cuirtear i láthair san SPD seo tosaíochtaí agus gníomhaíochtaí eu-LISA bunaithe ar chuspóirí oibríochtúla na Gníomhaireachta agus ar thosaíochtaí polaitiúla an Aontais. Dá réir sin, cuirtear ar fáil ann soiléireacht agus cinnteacht do gheallsealbhóirí eu-LISA go bhfuil cur chuige córasach agus comhsheasmhach á ghlacadh ag an nGníomhaireacht i leith chomhlíonadh a sainordaithe trí úsáid éifeachtúil a bhaint as acmhainní daonna agus airgeadais leithdháilte.

Ina theannta sin, feidhmíonn an SPD freisin mar chinneadh maoinithe ina leagtar amach leithdháiltí acmhainní eu-LISA ar fud na ngníomhaíochtaí go léir atá beartaithe do 2026. Tá sé mar aidhm ag an doiciméad seo breac-chuntas soiléir a sholáthar ar na hacmhainní is gá chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais nua agus ar riachtanais atá ag teacht chun cinn, agus ag an am céanna a leibhéal barr feabhais oibríochta atá ann cheana a chothabháil agus a fhorbairt tuilleadh.

- Tugtar i **gCuid 1** forléargas ar chomhthéacs foriomlán eacnamaíoch, beartais agus rialála obair eu-LISA, ina leagtar béim mhionsonraithe ar na dúshláin, na riachtanais agus na tosaíochtaí a bhfuil sé mar aidhm ag an doiciméad seo aghaidh a thabhairt orthu.
- Leagtar amach i **gCuid 2** an plean ilbhliantúil trí bliana (2026-2028), gníomhaíochtaí agus acmhainní, lena dtugtar forléargas mionsonraithe ar fhócas fadtéarmach na Gníomhaireachta, agus ar a pleananna chun spriocanna agus cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach.
- I **gCuid 3** tugtar tuilleadh sonraí ar an gcaoi a bhfuil sé beartaithe ag an nGníomhaireacht a tosaíochtaí ilbhliantúla a chur i gcrích **in 2026**, lena n-áirítear miondealú ar na hacmhainní daonna agus airgeadais is gá chun na cuspóirí sin a bhaint amach.
- Sna **hiarscríbhinní** a ghabhann leis an doiciméad seo breathnaítear níos mionsonraithe ar úsáid acmhainní, agus cuirtear trédhearcacht bhreise ar fáil freisin maidir le hobair agus oibríochtaí na Gníomhaireachta.

### ↘ Cúlra dlíthiúil

Le hAirteagal 24(3)(d) de eu-LISA lena mbunaítear Rialachán (AE) 2018/1726, cuirtear de chúram ar an Stiúrthóir Feidhmiúcháin Doiciméad Clársceidealaithe Aonair na Gníomhaireachta a ullmhú agus dul faoi chomhairliúcháin leis an gCoimisiún agus leis na Grúpaí Comhairleacha sula gcuirtear faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta é lena ghlacadh.

Tugtar sainordú don Bhord Bainistíochta chun Doiciméad Clárúcháin Aonair na Gníomhaireachta a ghlacadh le hAirteagail 19(1)(q) agus (r) den Rialachán céanna.



### Leagan amach an doiciméid clársceidealaithe

Tá an doiciméid chlársceidealaithe seo leagtha amach i gcomhréir le treoirlínte an Choimisiúin.[9] Tá cur i láthair ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta bunaithe ar shraith **punann**.[10] Sa chomhthéacs seo, tagraíonn 'punann' do bhailiúchán gníomhaíochtaí, tionscadail aonair agus/nó cúraimí neamhthionscadail a bhainistítear mar ghrúpa. Déantar punanna a ghrúpáil de réir na réimsí oibre oibríochtúla seo a leanas de chuid na Gníomhaireachta: imirce agus tearmann, slándáil inmheánach agus comhar forfheidhmithe dlí, Schengen, teorainneacha agus víosaí, comhar ceartais, idir-inoibritheacht, agus bonneagar, chomh maith le tacaíocht d'oibríochtaí, rialachas agus feidhmeanna corparáideacha.

Áirithítear leis an gcur chuige sin comhordú níos fearr idir tionscadail aonair agus gníomhaíochtaí nach gníomhaíochtaí tionscadail iad, agus ag an am céanna éascaíonn sé cuspóirí straitéiseacha agus oibríochtúla eu-LISA a bhaint amach trí úsáid optamaithe a bhaint as na hacmhainní daonna agus airgeadais atá ar fáil.

---

[9] Teachtaireacht ón gCoimisiún an 20 Aibreán 2020 [*COM (2020) 2297*] maidir le rialachas Chomhlachtaí an Aontais a neartú faoi Airteagal 70 de Rialachán Airgeadais 2018/1046 agus maidir leis na treoirlínte do dhoiciméid chlársceidealaithe aonair (SPD).

[10] D'fhéadfadh líon na bpunann a athrú le himeacht ama ag brath ar theacht chun cinn na gcúraimí a shanntar do eu-LISA.

Cumasaíonn sé freisin sineirgí agus barainneachtaí scála, agus an úsáid is fearr is féidir a bhaint as na hacmhainní daonna agus airgeadais atá ar fáil.

# 1 COMHTHÉACS GINEARÁLTA

# Comhthéacs an bheartais

Tá an nuálaíocht dhigiteach agus glacadh teicneolaíochtaí nua ag athrú go tapa bainistiú teorainneacha, slándáil inmheánach agus comhar ceartais an AE. Mar an ghníomhaireacht de chuid an Aontais Eorpaigh atá freagrach as bainistiú oibríochtúil chórais faisnéise CGB, leanfaidh eu-LISA de bheith ar cheann de na príomh-rannpháirtithe **i ndigitiú réimse Cheartas agus Gnóthaí Baile (CGB) an AE**. Beidh an tréimhse 2026-2028 ina tráth ríthábhachtach do eu-LISA atá ag forbairt roinnt córas idir-inoibritheach nua agus réitigh dhigiteacha nua a bheidh **ar cheann de na córais bainistithe teorainneacha is forbartha ó thaobh na teicneolaíochta de agus is idirnasctha ar domhan** chun slándáil limistéar Schengen a dhaingniú, agus taisteal idirnáisiúnta níos rianúla chun na hEorpa á éascú ag an am céanna. Beidh teacht i bhfeidhm tráthúil agus rathúil na gcóras nua agus a n-idir-inoibritheacht fós ina phríomhthosaíocht ag eu-LISA sna blianta amach romhainn.

### Ailtireacht idir-inoibritheachta do réimse CGB

Tá bainistiú éifeachtach agus éifeachtúil theorainneacha seachtracha an Aontais, rialú na himirce neamhrialta agus an fhreagairt do bhagairtí slándála atá ag teacht chun cinn (i.e. an sceimhlitheoireacht nó an choireacht eagraithe) ag brath ar mhalartú tráthúil cuimsitheach faisnéise idir na húdaráis ábhartha náisiúnta agus Eorpacha, rud is fearr a éascaítear le córais faisnéise nua-aimseartha agus idir-inoibritheacha. Sna blianta amach romhainn, cuirfidh eu-LISA roinnt córas nua i bhfeidhm, mar aon le **hailtireacht idir-inoibritheachta** uileghabhálach lena nascfar córais faisnéise CGB uile an Aontais chun cur chuige comhtháite a chur ar fáil maidir le bainistiú teorainneacha.

Tar éis theacht i bhfeidhm EES an 12 Deireadh Fómhair 2025, leanann an Ghníomhaireacht ar aghaidh le forbairt na **gcóras nua atá le teacht** lena neartófar slándáil inmheánach limistéar Schengen a thuilleadh agus lena n-éascófar taisteal idirnáisiúnta chun na hEorpa: **ETIAS** le haghaidh réamhscagadh taistealaithe atá díolmhaithe ó cheanglas víosa, **Eurodac nua** mar an príomhchóras chun an Comhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann a chur chun feidhme, agus **VIS Athbhreithnithe** le haghaidh seiceálacha slándála feabhsaithe ar iarratasóirí ar víosa. Déanfar na córais nua sin, agus **na comhpháirteanna idir-inoibritheachta** (ESP, sBMS, SCSC, MID), mar aon leis an CRRS, a chur i bhfeidhm de réir a chéile agus a chomhtháthú leis na córais atá ann cheana (SIS, VIS agus EES) chun ailtireacht idir-inoibritheachta uileghabhálach a chruthú d’fhearann CGB an Aontais.

Chomh maith le héifeachtúlacht oibríochtúil a éascú, trí idir-inoibritheacht córas a bhunú, soláthrófar staidreamh traschórais lena gcumhdófar réimse CGB ina iomláine, rud a chuirfidh go mór le cinnteoireacht shonraíbhunaithe agus le ceapadh beartas fianaisebhunaithe d’institiúidí an Aontais agus do na Ballstáit.

### Bainistiú imirce agus slándáil teorann

Tar éis ghlacadh **Chomhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann** i mí na Bealtaine 2024, beidh ról lárnach ag eu-LISA maidir le tacú le bainistiú éifeachtach imirce, go háirithe trí chóras bainistithe tearmainn agus imirce an Aontais **Eurodac** a athchóiriú.[11] Tá an Rialachán Eurodac (athmhúnlú) ar cheann de na cnámha droma oibríochtúla a thacaíonn leis an gcreat dlíthiúil nua, agus is réamhchoinníoll criticiúil é forbairt tráthúil an chórais agus **teacht i bhfeidhm faoi mhí Mheithimh 2026** chun gach gné eile den Chomhshocrú a chur chun feidhme.[12]

I gcomhthráth le leanúint de lárchóras Eurodac atá ann cheana a oibriú, forbróidh eu-LISA ardán lárnach nua idir-inoibritheach agus comhtháite le haghaidh imirce agus bainistiú teorainneacha chun an imirce neamhrialta a chomhrac trí **shonraí níos cruinne agus níos iomláine** a bhailiú, lena n-áirítear sonraí bithmhéadracha breise, amhail íomhánna den aghaidh. A luaithe a bheidh sé oibríochtúil, beidh ról lárnach ag an gcóras nua maidir le rialacha nua freagrachta a chur i bhfeidhm agus rialacha nua dlúthpháirtíochta a oibríochtú trí naisc shoiléire agus chomhsheasmhacha a chruthú idir daoine aonair sonracha agus na nósanna imeachta a bhfuil siad faoina réir, agus ag an am céanna brath gluaiseachtaí neamhúdaraithe chuig Ballstáit eile a éascú. Ina theannta sin, beidh údaráis forfheidhmithe dlí na mBallstáit agus Europol in ann dul i gcomhairle leis an mbunachar sonraí chun cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú. Le hidir-inoibritheacht uileghabhálach na gcóras, beifear in ann céannachtaí a chuardach agus a chros-seiceáil ar fud na gcóras CGB eile go léir chun daoine a chuireann an tslándáil inmheánach nó an tsláinte phoiblí i mbaol, chomh maith le daoine leochaileacha, a shainaithint.

---

[11] Le haghaidh tuilleadh faisnéise, féach leathanach tiomnaithe AS HOME ar an *gComhshocrú nua maidir le hImirce agus Tearmann*.

[12] *Rialachán (AE) 2024/1358* maidir le bunú Eurodac IO L, 22 Bealtaine 2024.

Maidir le bainistiú teorainneacha, leanfaidh eu-LISA de bheith ag rannchuidiú **le feidhmiú Limistéar Schengen** trí chórais agus uirlisí TF a bhainistiú a thacaíonn le bainistiú neartaithe theorainneacha seachtracha an Aontais, agus treoir á fáil aige ó **straitéis an Choimisiúin i dtreo limistéar Schengen lánfheidhmiúil athléimneach**,[13] agus ón **tuarascáil bhliantúil ar Staid Schengen**.[14] Chun feidhmiú éifeachtúil Limistéar Schengen a áirithiú, tacaíonn eu-LISA leis na Ballstáit *acquis* Schengen a chur i bhfeidhm i gceart trí pháirt a ghlacadh i meastóireachtaí an Choimisiúin faoi chuimsiú **Shásra Meastóireachta agus Faireacháin Schengen** (SEMM) agus trí rannchuidiú leis na meastóireachtaí sin.[15] Thairis sin, i gcomhréir leis an teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le **Protect EU**,[16] tá ról lárnach ag eu-LISA maidir le stóráil agus infhaighteacht shlán sonraí a áirithiú ar mhaithe le comhordú níos fearr agus malartú faisnéise níos éifeachtúla idir gníomhaireachtaí.

In éineacht le gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais, rannchuidíonn eu-LISA le sásra Threoirphlean Ullmhachta Imirce agus Bainistithe Géarchéime chun feabhas a chur ar **fheasacht staide agus** réamhaisnéis an Aontais a mhéid a bhaineann le bainistiú imirce agus slándáil inmheánach.[17] Áirítear leis sin sonraí staidrimh ábhartha a sholáthar, laistigh de na teorainneacha a shainítear i rialacháin a bhaineann go sonrach leis an gcóras, maidir le **Baraiméadar Schengen+** chun rioscaí a shainaithint i réimsí an bhainistithe teorainneacha, na himirce, na slándála inmheánaí agus na víosaí. Amach anseo, cuideoidh an ailtireacht idir-inoibritheachta nua le haghaidh a thabhairt ar bhearnaí sonraí trí na tacair sonraí atá ar fáil a leathnú chun faireachán níos fearr a dhéanamh ar fheidhmiú limistéar Schengen.

### Claochlú digiteach

Tá an claochlú digiteach lárnach i bhfís an Aontais maidir le hEoraip shlán agus idirnasctha. Tá claochlú bunúsach á dhéanamh ar réimsí fócais uile eu-LISA – rialú teorann, imirce, slándáil inmheánach agus ceartas – trí dhigitiú agus uathoibriú. Cuidíonn ullmhacht na Gníomhaireachta córais agus uirlisí TF níos sofaisticiúla, níos solúbtha agus níos comhtháite a úsáid lena áirithiú go bhfreagraíonn an Aontais go héifeachtach do thírdhreach bagairtí agus dúshláin slándála atá ag síorathrú.

Go háirithe, leanfaidh an Ghníomhaireacht de thacaíocht a thabhairt do dhigitiú an cheartais chun feabhas a chur ar an gcomhar breithiúnach trasteorann agus ar imscrúduithe i **réimse ceartais** an Aontais, agus leas á bhaint as cumhacht na dteicneolaíochtaí digiteacha chun próisis a chuíchóiriú agus an saol a dhéanamh níos éasca do chleachtóirí ceartais, rud a mhéadóidh cáilíocht agus inrochtaineacht an cheartais chun seirbhísí i bhfad níos fearr a chur ar fáil do shaoránaigh an Aontais. Ó 2020 i leith, tá an Ghníomhaireacht freagrach as tacaíocht a thabhairt do ECRIS-RI. Ó mhí an Mheithimh 2024 i leith, tá an Ghníomhaireacht freagrach as bainistiú oibríochtúil agus forbairt leanúnach an **chórais e-CODEX**. Ina theannta sin, tá bailchríoch á cur ag eu-LISA ar fhorbairt **ECRIS-TCN** agus tá **ardán comhair á fhorbairt aige freisin d'Fhoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú** (CP JITanna).[18]

Chun taisteal idirnáisiúnta rianúil chun na hEorpa a éascú a thuilleadh, leanfaidh an Ghníomhaireacht de thacaíocht a thabhairt **do dhigitiú nós imeachta víosaí Schengen**. Sa chomhthéacs sin, cuireadh de chúram ar eu-LISA VIS Athbhreithnithe a fhorbairt chomh maith le **hardán an Aontais maidir le hiarratais ar víosaí** (EU VAP) lena ndéanfar na nósanna imeachta maidir le víosaí do náisiúnaigh tríú tír a chuíchóiriú agus a nuachóiriú.[19]

I réimse na slándála inmheánaí, tá **ródaire lárnach Prüm II** á fhorbairt ag an nGníomhaireacht a chuirfear in ionad an chórais nasc aonair atá ann faoi láthair idir bunachair sonraí náisiúnta chun **malartú faisnéise a éascú agus comhar póilíneachta a fheabhsú**.[20] Ag deireadh 2024, cuireadh de chúram ar eu-LISA freisin ródaire a fhorbairt chun **chun réamhfhaisnéis faoi phaisinéirí (API)** agus **taifead ainmneacha paisinéirí (PNR)** a aistriú ó aeriompróirí chuig na Ballstáit chun sainaithint taistealaithe a fheabhsú a thuilleadh agus seiceálacha teorann a chuíchóiriú chomh maith le tacú le forfheidhmiú an dlí maidir le cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh.[21]

---

[13] *A strategy towards a fully functioning and resilient Schengen Area [Straitéis i dtreo Limistéar Schengen atá lánfheidhmiúil agus athléimneach]*, COM (2021) 277 final.

[14] Chun tuilleadh eolais a fháil, féach na *tuarascálacha ar Staid Schengen ó 2022 go 2025*.

[15] *Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle* maidir leis an sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm acquis Schengen a fhíorú.

[16] Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le *Protect EU: Straitéis Eorpach um an tSlándáil Inmheánach*, COM/2025/148 final.

[17] *Moladh (AE) 2020/1366 ón gCoimisiún* maidir le sásra an Aontais i ndáil le hullmhacht agus bainistiú géarchéimeanna imirce.

[18] Chun tuilleadh faisnéise a fháil, tabhair cuairt ar shuíomh gréasáin tiomnaithe an Choimisiúin maidir le *Foirne Comhpháirteacha um Imscrúdú*.

[19] *Rialachán (AE) 2023/2667* an 22 Samhain 2023 a mhéid a bhaineann le **digitiú an nós imeachta víosa**.

[20] *Rialachán (AE) 2024/982* maidir le cuardach agus malartú uathoibrithe sonraí le haghaidh comhar póilíneachta **(Rialachán Prüm II)**.

[21] *Rialachán (AE) 2025/12*, IO L 08.01.2025 agus *Rialachán (AE) 2025/13*, IO L 08.01.2025

Leis an tírdhreach rialála atá ag athrú i dteicneolaíochtaí digiteacha, go háirithe an chibearshlándáil, chomh maith le forbairtí ar an intleacht shaorga, líonraí slána, agus réitigh néalseirbhísí, ceanglaítear ar an nGníomhaireacht díriú níos mó ar dheiseanna atá ag teacht chun cinn. In 2024, chuir eu-LISA tús le hiniúchadh a dhéanamh ar úsáid néalteicneolaíochtaí ceannasacha chun tacú lena cuid oibre, agus srianta oibríochtúla na Gníomhaireachta á gcur san áireamh ag an am céanna, agus dhréachtaigh sé a chéad néalstraitéis.

Tá eu-LISA tiomanta chun fanacht ar thús cadhnaíochta sa nuálaíocht dhigiteach i réimse CGB an Aontais. Chun ailíniú le spriocanna uileghabhálacha an Aontais agus chun freagairt do dhúshláin atá ag teacht chun cinn agus do thírdhreach slándála na mbagairtí agus na ndúshlán atá ag síorathrú, leanfaidh an Ghníomhaireacht d'infheistíocht a dhéanamh i réitigh athléimneacha atá réidh don todhchaí, ag díriú ar fhaireachán taighde agus teicneolaíochta, chomh maith le measúnú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm teicneolaíochtaí ceannródaíocha, amhail intleacht shaorga agus anailísíocht sonraí, chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí teicneolaíochta agus ar riachtanais na bpáirtithe leasmhara, agus éifeachtúlacht an chórais agus próisis chinnteoireachta ábhartha á bhfeabhsú ag an am céanna.

### Cibearshlándáil agus cosaint sonraí

Beidh sábháilteacht agus slándáil chórais CGB an Aontais agus cosaint sonraí a áirithiú fós i measc phríomhthosaíochtaí eu-LISA. Le blianta beaga anuas, tá an Ghníomhaireacht ag díriú níos mó agus níos mó ar an gcibearshlándáil agus ag dul i ngleic le bagairtí atá ag teacht chun cinn sa chibear-réimse. Aithníonn an Ghníomhaireacht na dúshláin a eascraíonn as an ré dhigiteach agus tá sí tiomanta a áirithiú go gcomhlíonfaidh a cuid gníomhaíochtaí uile **Rialachán maidir le Cibearshlándáil** an Aontais, lena gcuirfear raon leathan beart ar fáil chun faisnéis a mhalartú go slán idir na Ballstáit agus gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais, chomh maith le slándáil fhoriomlán na gcóras TF atá faoina bhainistiú a áirithiú.[22] Amach anseo, leanfaidh eu-LISA de bheith ag forbairt agus ag feabhsú a chumais chibearshlándála trí fheabhas a chur ar na huirlisí agus na teicneolaíochtaí chun cosaint a dhéanamh i gcoinne gníomhartha agus gníomhaithe mailíseacha, iad a bhrath, a aithint, a dhíspreagadh agus freagairt dóibh. Chuige sin, leanfaidh eu-LISA freisin de bheith i ndlúthchomhar le hinstitiúidí agus gníomhaireachtaí an Aontais maidir leis an gcibearshlándáil agus leis an athléimneacht, lena n-áirítear comhar seanbhunaithe le CERT-EU.

Sa bhreis ar an Rialachán maidir le Cibearshlándáil, cuirfidh an Ghníomhaireacht chun feidhme na ceanglais slándála a eascraíonn as an togra reachtach a cuireadh ar aghaidh le haghaidh rialachán an Aontais maidir le **slándáil faisnéise** agus cuirfidh sí a creat beartais slándála agus leanúnachais gnó atá ann faoi láthair in oiriúint do chóras nua an Aontais.[23]

Tá an Ghníomhaireacht tiomanta freisin do **ardleibhéal cosanta sonraí** a áirithiú, i gcomhréir iomlán le cearta bunúsacha agus le dlí an Aontais maidir le cosaint sonraí, lena n-áirítear forálacha sonracha le haghaidh gach córais mórscála TF atá faoina cúram. Feidhmíonn an Ghníomhaireacht i gcomhréir leis na prionsabail uile a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta, eadhon teorannú de réir cuspóra, íoslaghdú sonraí, cruinneas, cuntasacht, teorannú stórála, sláine agus rúndacht, mar a leagtar síos i **Rialachán an Aontais maidir le Cosaint Sonraí**.[24] Agus córais nua á bhforbairt agus naisc idir-inoibritheachta á mbunú aici, tugann an Ghníomhaireacht aird ar leith ar phrionsabal na **cosanta sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú**.[25] Ina theannta sin, leanann eu-LISA d'aghaidh a thabhairt go réamhghníomhach ar ábhair imní maidir le cosaint sonraí i gcomhar leis an **Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí** (MECS).

---

[22] *Rialachán (AE, Euratom) 2023/2841* lena leagtar síos bearta le haghaidh **ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála**, IO L, 18.12.2023.

[23] Togra le haghaidh Rialachán maidir le **slándáil faisnéise** in institiúidí, i gcomhlachtaí, in oifigí agus i ngníomhaireachtaí an Aontais, *COM (2022) 119* final.

[24] *Rialachán (AE) 2018/1725*, próiseáil **sonraí pearsanta** ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais ((EU-DPR).

[25] *Airteagal 27* de Rialachán (AE) 2018/1725, *Airteagal 25* de Rialachán (AE) 2016/679 agus *Airteagal 20* de Threoir (AE) 2016/680.

### Comhar straitéiseach le príomh-chomhpháirtithe

Is iad príomh-chomhpháirtithe na Gníomhaireachta institiúidí an Aontais agus údaráis náisiúnta na mBallstát, chomh maith le hinstitiúidí taighde, agus ionadaithe tionscail ábhartha, go príomha iad siúd atá ag feidhmiú i réimse CGB.

Thar na blianta, tá comhar dlúth agus torthúil á chothú ag eu-LISA le raon leathan **gníomhaireachtaí AE**, ag comhaireamh mar na comhpháirtithe is gaire dó Europol, Eurojust, Frontex, CEPOL, EUAA, FRA agus ENISA. Ina theannta sin, tá an Ghníomhaireacht ag súil le comhar níos dlúithe le **Eurostat** a bhunú i réimse an staidrimh agus le bheith ag rannchuidiú le gníomhaíochtaí caighdeánaithe a bhaineann le taifid riaracháin atá ábhartha do tháirgeadh staidrimh Eorpaigh. Tá sé beartaithe an comhar a chur ar bhonn foirmiúil i Meabhrán Tuisceana leis an gCoimisiún (Eurostat).

Glacann an Ghníomhaireacht páirt ghníomhach in obair roinnt brateagraíochtaí, go háirithe **Líonra Gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh** (EUAN) agus **Líonra Gníomhaireachtaí CGB** (JHAAN). Ina theannta sin, comhoibríonn eu-LISA go gníomhach le hAirmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin (DG JRC) agus le **Mol Nuálaíochta an Aontais Eorpaigh don tSlándáil Inmheánach**, atá ag feidhmiú faoi láthair mar chathaoirleach ar an mbraisle bhithmhéadrachta.

Leanfaidh an tAontas freisin dá **thacaíocht bhuanseasmhach don Úcráin**, dá muintir, agus do na hEorpaigh a bhfuil deacrachtaí acu mar thoradh ar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. I ndlúthpháirtíocht leis an Úcráin, tá an Ghníomhaireacht tiomanta i gcónaí do chúnamh a thabhairt d’institiúidí agus do ghníomhaireachtaí an Aontais, agus do na Ballstáit, leis na huirlisí uile atá ar fáil faoina sainordú, go háirithe trí iarrachtaí comhroinnte JHAAN, agus tríd an ról ríthábhachtach atá ag córais TF arna mbainistiú ag eu-LISA (e.g. SIS agus Eurodac), chomh maith le córais agus uirlisí nua, amhail EES agus ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú. Thairis sin, tá an Ghníomhaireacht réidh chun comhairle agus tacaíocht a chur ar fáil don Choimisiún agus do na Ballstáit maidir le saincheisteanna teicniúla a bhaineann le córais atá ann cheana nó le córais nua.

Ó chlaochlú digiteach a chothú, cibearshlándáil agus cosaint sonraí a áirithiú, go hailtireacht idir-inoibritheachta a fheabhsú agus a neartú, tacaíonn an Ghníomhaireacht le spriocanna straitéiseacha an Aontais agus aghaidh á tabhairt ag an am céanna ar thosca inmheánacha agus seachtracha a mbíonn tionchar acu ar a chuid oibríochtaí. Leanfaidh eu-LISA de bheith ag obair gan staonadh chun teicneolaíochtaí nua a ghiaráil agus próisis a dhigitiú chun tionchar dearfach a imirt ar shaol níos mó ná 400 milliún duine san Eoraip trí obair údaráis CGB a chuíchóiriú agus seirbhísí níos fearr a chur ar fáil do shaoránaigh.

Amach anseo, le meastóireacht sheachtrach na Gníomhaireachta, a rinneadh in 2024, tugtar deis athbhreithniú agus feabhsú a dhéanamh ar thacaíocht agus ar rannchuidiú eu-LISA le tosaíochtaí an Aontais, lena n-áirítear tríd an lúfaireacht oibríochtúil a neartú chun a athléimneacht mar thimpeallacht beartais dhinimiciúil a áirithiú.

Mar ghníomhaireacht an Aontais atá freagrach as bainistiú oibríochtúil a dhéanamh ar chórais faisnéise CGB, leanfaidh eu-LISA de bheith ina phríomh-rannpháirtí agus ina phríomh-pháirtí leasmhara i réimse CGB an Aontais. Tá an Ghníomhaireacht tiomanta go hiomlán do thacaíocht a thabhairt do na Ballstáit ina n-iarrachtaí cur chun feidhme agus leis na príomhdhúshláin atá romhainn le hamlínte atá an-dian.

# 2 CLÁRSCEIDEALÚ ILBHLIANTÚIL

# 1. Clár oibre ilbhliantúil

Thar na blianta, tá fás agus forbairt tagtha ar eu-LISA, a bhí ina gníomhaireacht bheag theicniúil tráth, ionas go bhfuil sé anois ina rannchuiditheoir iontaofa, ar féidir brath air i dtaobh beartais digitithe an Aontais i réimse CGB a chur chun feidhme. Téann an Ghníomhaireacht i mbun comhar réamhghníomhach agus malartú faisnéise ar leibhéal an Aontais idir na páirtithe leasmhara ábhartha i réimse CGB, seasann sí le cearta bunúsacha na saoránach, agus cloíonn sí leis na caighdeáin is airde cosanta sonraí agus slándála faisnéise.

## 1.1. Straitéis fhadtéarmach agus cuspóirí ilbhliantúla

Tógann obair na Gníomhaireachta treoir ó na cuspóirí a leagtar amach sa Rialachán lena mbunaítear í, agus ó na spriocanna straitéiseacha a leagtar amach i straitéis fhadtéarmach eu-LISA 2021-2027. Leis na cuspóirí straitéiseacha sin, treisítear príomh-mhisean eu-LISA maidir le réitigh theicneolaíocha úrscothacha a chur ar fáil agus leanúint de dhigitiú an réimse CGB chun tacú leis na páirtithe leasmhara ina gcuid iarrachtaí an Eoraip a choinneáil oscailte agus slán.[26]

- **SPRIOC STRAITÉISEACH 1:** Leanúint de bheith ag fás mar rannpháirtí agus comhpháirtí forfheidhmithe do na beartais ábhartha i réimse cheartas agus gnóthaí baile an Aontais (CGB).
- **SPRIOC STRAITÉISEACH 2:** Ról na Gníomhaireachta mar chomhpháirtí aitheanta iontaofa d'institiúidí an Aontais agus do na Ballstáit a chothabháil agus a leathnú chun an claochlú digiteach a bhrú chun cinn i réimse CGB an Aontais
- **SPRIOC STRAITÉISEACH 3:** Nuálaíocht agus claochlú digiteach a chumasú agus a spreagadh i réimse CGB an AE.
- **SPRIOC STRAITÉISEACH 4:** Leanúint de bheith ag obair ar theacht chun cinn eagraíochtúil eu-LISA ar mhaithe lena thiontú ina eagraíocht níos éifeachtúla, níos sofhreagrúla agus níos athléimní laistigh de chreat rialála an Aontais.

Leanfaidh eu-LISA dá Phlean Gníomhaíochta Straitéiseach a glacadh in 2024 a chur chun feidhme, agus a bhealach nua oibre á dhéanamh aige chun na córais nua a sheachadadh, feabhas a chur ar a chomhlíonadh, go háirithe i réimse an bhainistithe conarthaí, a bheith ina áit iontach chun obair a dhéanamh chun tallann a mhealladh agus a choinneáil, a bheith réidh chun dul chun cinn teicneolaíoch nua a ionchorprú (néalríomhaireacht cheannasach, IS), agus feabhas breise a chur ar a chaidreamh lena pháirtithe leasmhara.

Is é an cuspóir atá ag an nGníomhaireacht go háirithe rialú a fháil ar ais ar na feidhmeanna criticiúla (coincheap, ailtireacht agus ceanglais) agus córais nua a fhorbairt, chomh maith le héifeachtúlacht a mhéadú agus an t-am chun na réitigh nua a mhargú a laghdú. Déanfaidh an Ghníomhaireacht an cur chuige nua a phíolótú le forbairt an Eurodac nua (féach 3.3.1)

- Feabhas a chur ar bhainistiú riachtanas, ag athrú ó sholáthraí seirbhíse go comhpháirtí gnó do na Ballstáit agus don Choimisiún, aiseolas úsáideoirí a ghabháil go réamhghníomhach mar ionchur don táirge deiridh;
- Straitéis foinsithe nua a ghlacadh, chun rialú ar fheidhmeanna criticiúla a fháil ar ais, amhail an ailtireacht a bhunú agus ceanglais do chórais nua;
- Glacadh le cur chuige DevSecOps lena ndéantar uirlisiú iomchuí a ghiaráil, Agile ar scála chun dlús a chur leis an bhforbairt, chomh maith le hoibriú trí fhoirne trasfheidhmiúla;
- Cumais néalríomhaireachta a úsáid le haghaidh chéim forbartha thógáil an réitigh nua, chun riachtanais soláthair le haghaidh bonneagair a laghdú, dlús a chur leis an bhforbairt agus an t-am go dtí an margadh a laghdú;
- An comhar leis na Ballstáit a neartú le linn a bpróiseas tástála gnó;
- A phleanáil chomhtháite a bharrfheabhsú le haghaidh éifeachtúlacht fheabhsaithe;
- Comhlíonadh iomlán a fheabhsú maidir le soláthar agus bainistiú conarthaí;
- Cumais agus scileanna inmheánacha a mhapáil, straitéis nua Acmhainní Daonna a ghlacadh agus timpeallacht na n-oifigí a fheabhsú.
- Treochlár teicneolaíochta a bhunú agus teicneolaíochtaí ábhartha nua (IS, néalríomhaireacht) a chur chun feidhme de réir a chéile.

---

[26] *Straitéis eu-LISA 2021–2027*, arna glacadh ag Bord Bainistíochta eu-LISA i mí na Samhna 2021.

## 1.2. **Gníomhaíochtaí agus acmhainní ilbhliantúla**

Tugtar forléargas sa chuid seo a leanas ar phleanáil tháscach obair na Gníomhaireachta do 2026-2028, ag cur leis an méid a baineadh amach agus leis na forbairtí a rinneadh sna blianta roimhe sin. Liostaítear sa chlár oibre ilbhliantúil na gníomhaíochtaí ardleibhéil mar aon leis na hacmhainní comhiomlánaithe is gá chun a áirithiú go mbainfear amach spriocanna agus cuspóirí straitéiseacha na Gníomhaireachta.

**SPRIOC STRAITÉISEACH 1: Leanúint de bheith ag fás mar rannpháirtí agus comhpháirtí forfheidhmithe do na beartais ábhartha i réimse an cheartais agus na ngnóthaí baile**

Tá an Ghníomhaireacht tiomanta dá barr feabhais oibríochtúil a choinneáil ar bun agus d'fheabhas breise a chur ar éifeachtacht agus ar éifeachtúlacht a cuid oibríochtaí chun oibriú an-slán, cobhsaí agus leanúnach chórais faisnéise CGB an Aontais a áirithiú, agus ag an am céanna leanúint d'fhorbairt de réir a chéile na gcóras agus de sholáthar na seirbhísí gaolmhara i gcomhréir le caighdeáin agus dea-chleachtais an tionscail.

Ag an am céanna, leanfaidh an Ghníomhaireacht de bheith ina comhpháirtí solúbtha do na Ballstáit, d'institiúidí an Aontais agus do ghníomhaireachtaí comhpháirtíochta maidir le teicneolaíocht agus saineolas ardluacha a sholáthar chun tacú lena gcinnteoireacht agus lena gcur chun feidhme beartas.

**Príomhchuspóirí:**

- Na córais agus na seirbhísí go léir a chuirtear de chúram ar an nGníomhaireacht a bhainistiú i gcomhréir leis na rialacháin is infheidhme, e.g. VIS Athbhreithnithe agus Eurodac Athbhreithnithe a chur chun feidhme, na hidirnaisc agus na coigeartuithe córais uile leis na comhpháirteanna idir-inoibritheachta.
- Réitigh nuálacha a chur chun feidhme agus seirbhísí a fhorbairt ar bhealach caighdeánaithe agus i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil ábhartha agus le riachtanais na ngeallsealbhóirí, e.g. a áirithiú go dtiocfaidh socrú conarthach nua i bhfeidhm do gach córas.
- Leibhéal iomchuí slándála, athléimneachta agus infhaighteachta do gach córas CGB a fheabhsú agus a áirithiú, e.g. athbhreithniú a dhéanamh ar an ailtireacht slándála do chórais CGB i bhfianaise cheanglais slándála na gcomhpháirteanna idir-inoibritheachta.
- Cur chun feidhme Agile ar scála agus seachadadh solúbtha na gcóras nua, i gcomhar leis bhforbairt de réir a chéile i dtreo samhail oibriúcháin nua don Ghníomhaireacht.
- Oiliúint iomchuí a chur ar fáil do na páirtithe leasmhara ábhartha go léir mar fhreagairt ar a n-éilimh.

**SPRIOC STRAITÉISEACH 2: Ról na Gníomhaireachta mar chomhpháirtí aitheanta iontaofa d'institiúidí an Aontais agus do na Ballstáit a chothabháil agus a leathnú chun an claochlú digiteach a bhrú chun cinn i réimse CGB an Aontais**

Neartóidh an Ghníomhaireacht a saineolas teicniúil agus a cumais theicniúla a thuilleadh trí leanúint dá ról a leathnú maidir le réitigh TF úrscothacha agus sainchomhairle a chur ar fáil chun tacú le cinnteoireacht agus le cur chun feidhme beartas i réimse CGB.

**Príomhchuspóirí:**

- Iarracht leanúnach a dhéanamh chun barr feabhais a bhaint amach i ndearadh, i bhforbairt agus i mbainistiú oibríochtúil na gcóras mórscála TF a chuirtear de chúram ar eu-LISA, e.g. an plean gníomhaíochta a chur chun feidhme bunaithe ar mheastóireacht sheachtrach na Gníomhaireachta a rinneadh in 2024, chomh maith le haon mhodhnuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar a shainordú.
- Tacú go réamhghníomhach leis na Ballstáit ina n-iarrachtaí oiliúna agus forbartha cumais.
- Saineolas na Gníomhaireachta maidir le comhairle a chur ar na geallsealbhóirí ábhartha go léir a chur chun cinn, e.g. Ardán Comhroinnte Eolais eu-LISA a chur ar fáil do na Ballstáit.
- Tacaíocht leanúnach a áirithiú do gheallsealbhóirí uile eu-LISA chun a malartuithe a éascú ar mhaithe leis na tograí reachtacha atá fágtha agus atá ábhartha do shainordú na Gníomhaireachta a ghlacadh go rianúil agus go pras.

### SPRIOC STRAITÉISEACH 3: Nuálaíocht agus claochlú digiteach a chumasú agus a bhrú chun cinn i réimse CGB an Aontais

Leanfaidh an Ghníomhaireacht dá hiarrachtaí claochlú digiteach breise a éascú i réimse CGB trí ghníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta a dhéanamh chun réitigh theicneolaíocha nua a shainaithint chun próisis ghnó a uasghrádú, feabhsuithe ar cháilíocht sonraí a spreagadh trí chaighdeánú teicneolaíoch, agus buanchumais a fhorbairt chun seirbhísí ar éileamh a sholáthar, amhail tástáil, treoirthionscadail agus cruthúnais choincheapa dá príomh-gheallsealbhóirí.

**Príomhchuspóirí:**

- Faireachán agus anailís a dhéanamh ar an bhforbairt theicneolaíoch agus ar an nuálaíocht chun na cumais atá ann cheana a fheabhsú agus a leathnú, píolótú agus glacadh réiteach nua TF a éascú, agus comhairle theicniúil iontaofa a chur ar fáil do lucht déanta beartas i réimsí tosaíochta gaolmhara don Aontas ag an am céanna.
- Measúnú a dhéanamh ar bhealaí chun bonneagar agus acmhainn óstála na Gníomhaireachta (óstáil chliste) a nuachóiriú, go háirithe trí úsáid a bhaint as néalteicneolaíochtaí.
- Caighdeánú teicneolaíoch a chur chun cinn ar fud an Aontais.
- Oibriú i gcomhar leis na geallsealbhóirí ábhartha agus leis an tionscal chun deiseanna agus tairbhí teicneolaíochta a shainaithint agus a fhiosrú chun éifeachtúlacht oibríochtaí agus barainneachtaí scála a chur chun cinn tuilleadh agus a uasmhéadú ar fud na gcóras uile, e.g. leanúint ar aghaidh le himeachtaí Comhchéime Tionscail, réitigh IS-bhunaithe a chur chun feidhme.

### SPRIOC STRAITÉISEACH 4: Leanúint de bheith ag obair ar theacht chun cinn eagraíochtúil eu-LISA ar mhaithe lena iompú ina eagraíocht níos éifeachtúla, níos sofhreagrúla agus níos athléimní laistigh de chreat rialála an Aontais

Leanfaidh an Ghníomhaireacht dá tionscadal claochlaithe eagraíochtúil a chur chun feidhme chun freastal níos fearr ar riachtanais na ngeallsealbhóirí trína hacmhainní a ailíniú go héifeachtúil, trí chumais nua a fhorbairt, trína seirbhísí agus a próisis a uasghrádú, agus trí chinnteoireacht shonraíbhunaithe a chothú. Chuige sin, tá eu-LISA tiomanta i gcónaí a áirithiú go bhforbrófar a phróisis uile i gcomhréir leis an mbunús dlí agus le prionsabail na dea-bhainistíochta feidhmíochta.

**Príomhchuspóirí**

- Acmhainní na Gníomhaireachta a mheasúnú agus a ailíniú, na cumais riachtanacha a fhorbairt, cinnteoireacht shonraíbhunaithe a chothú chun tacú le riachtanais na ngeallsealbhóirí, e.g. athbhreithniú a dhéanamh ar straitéis fhadtéarmach, pleanáil airgeadais chorparáideach agus cumas anailíse eu-LISA.
- Rannpháirtíocht foirne a chothú trí ionad oibre fónta a dhéanamh de eu-LISA d’fhonn tallann nua a mhealladh agus a choinneáil, fás gairmiúil a éascú agus forbairt leanúnach tallainne a áirithiú chun fothú inmheánach acmhainne a chur chun cinn, e.g. dlús a chur le gníomhaíochtaí earcaíochta chun ráta áitíochta a fheabhsú, straitéis bainistithe acmhainní daonna atá bunaithe ar inniúlachtaí a thabhairt chun críche, gníomhaíochtaí forbartha ceannaireachta a chur chun feidhme, ár luachanna agus ár gcultúr a chothú, chun bheith ina áit ionad oibre fónta atá trédhearcach, cuimsitheach agus eiticiúil.
- Comhlíonadh phróisis na Gníomhaireachta le rialacháin agus prionsabail ábhartha maidir le dea-bhainistiú feidhmíochta a áirithiú agus a fheabhsú, e.g. plean feabhsúcháin an Chomhchreata Measúnaithe (CAF) a chur chun feidhme, athbhreithniú a dhéanamh ar Phlean Feabhsúcháin Cáilíochta eu-LISA, agus moltaí iniúchóireachta atá thar théarma a chur chun feidhme.
- Dul chun cinn a dhéanamh le clár na Gníomhaireachta um méadú ar acmhainn.

▲ **Tábla 2. Acmhainní in aghaidh na gníomhaíochta ilbhliantúla**

| Réimse | | Buiséad (i milliúin EUR) | | | FTEnna (foireann reachtúil agus SNInna) | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Gníomhaíocht ilbhliantúil** | | **2026** | **2027** | **2028** | **2026** | **2027** | **2028** |
| **Gnóthaí Baile** | | **173.175** | **165.081** | **223.888** | **197** | **201.5** | **212.5** |
| **Cuspóirí ilbhliantúla:**<br>1.1 Réitigh atá an-slán, cost-éifeachtach agus atá ar fáil go leanúnach a áirithiú.<br>1.2 Feabhas a chur ar bhreisluach na gcóras TF, na teicneolaíochta sonraí agus an tsaineolais a sholáthraíonn eu-LISA.<br>3.3 Breisluach na hailtireachta idir-inoibritheachta a mhéadú go leanúnach. | | | | | | | |
| **Slándáil inmheánach agus comhar i bhforfheidhmiú an dlí** | | **43.757** | **49.546** | **42.488** | **58** | **60.5** | **78.5** |
| **SIS** | cothabháil/tionscadail | 22.983 | 22.681 | 25.711 | 35 | 35 | 35 |
| **Ródaire lárnach Prüm II** | cothabháil/tionscadail | 1.796 | 1.080 | - | 6 | 6 | 6 |
| **Ródaire API-PNR** | cothabháil/tionscadail | 18.978 | 25.290 | 11.260 | 17 | 17.5 | 20 |
| **DTA** | cothabháil/tionscadail | - | 0.495 | 5.517 | - | 2 | 17.5 |
| **Schengen, teorainneacha agus víosa** | | **58.614** | **65.489** | **95.786** | **79** | **81** | **81** |
| **VIS** (lena n-áirítear VAP AE) | cothabháil/tionscadail | 16.575 | 30.270 | 34.895 | 38 | 40 | 40 |
| **EES** | cothabháil/tionscadail | 30.718 | 25.801 | 42.837 | 24 | 24 | 24 |
| **ETIAS** | cothabháil/tionscadail | 11.321 | 9.418 | 18.054 | 17 | 17 | 17 |
| **Imirce agus tearmann** | | **10.278** | **6.815** | **20.579** | **27** | **27** | **20** |
| **Eurodac** (lena n-áirítear scagadh) | cothabháil/tionscadail | 10.278 | 6.815 | 20.579 | 27 | 27 | 20 |
| **Idir-inoibritheacht** | | **60.525** | **43.230** | **65.035** | **33** | **33** | **33** |
| **Comhpháirteanna idir-inoibritheachta agus CRRS** (lena n-áirítear CSLR) | cothabháil/tionscadail | 60.525 | 43.230 | 65.035 | 33 | 33 | 33 |
| **Gnóthaí Ceartais** | | **7.742** | **8.509** | **7.982** | **47** | **47** | **46** |
| **Cuspóirí ilbhliantúla:**<br>1.1 Réitigh dhigiteacha atá an-slán, cost-éifeachtach agus atá ar fáil go leanúnach a áirithiú.<br>1.2 Feabhas a chur ar bhreisluach na gcóras TF, na teicneolaíochta sonraí agus an tsaineolais a sholáthraíonn eu-LISA. | | | | | | | |
| **Comhar maidir le ceartas** | | **7.742** | **8.509** | **7.982** | **47** | **47** | **46** |
| **ECRIS** | cothabháil/tionscadail | 5.952 | 6.285 | 5.289 | 30 | 30 | 29 |
| **e-CODEX** | cothabháil/tionscadail | 1.790 | 2.225 | 2.693 | 7 | 7 | 7 |
| **CP JITanna** | cothabháil/tionscadail | -[27] | - | - | 10 | 10 | 10 |
| **Bonneagar** | | **46.456** | **55.082** | **85.374** | **31** | **31** | **30** |
| 1.1 Réitigh atá an-slán, cost-éifeachtach agus atá ar fáil go leanúnach a áirithiú.<br>1.4 A bheith ina sholáthraí seirbhíse ardluacha comhroinnte ina réimsí bairr feabhais | | | | | | | |
| **Bonneagar agus líonraí** | | **46.456** | **55.082** | **85.374** | **31** | **31** | **30** |
| **Bonneagar córas comhroinnte** | cothabháil/tionscadail | 31.060 | 32.713 | 48.507 | 18 | 18 | 18 |
| **Líonraí** | cothabháil/tionscadail | 15.396 | 22.369 | 36.867 | 13 | 13 | 12 |

[27] Maoinítear CP JITanna faoi chomhaontú deontais agus dá bhrí sin ní léirítear anseo iad. Féach **Iarscríbhinn XI**.

| Réimse | | Buiséad (i milliúin EUR) | | | FTEnna (foireann reachtúil agus SNInna) | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Gníomhaíocht ilbhliantúil | | 2026 | 2027 | 2028 | 2026 | 2027 | 2028 |
| **Gníomhaíochtaí tacaíochta oibríochtúla** | | **11.179** | **11.160** | **11.483** | **51** | **52** | **51** |
| **Cuspóirí ilbhliantúla:**<br>1.3 Cumais slándála faisnéise a bhaineann leis na córais TF a chuirtear de chúram ar eu-LISA a neartú.<br>2.2 Próifíl na Gníomhaireachta mar chomhairleoir iontaofa a mhéadú tuilleadh.<br>3.1 Réitigh nuálacha TF a shainaithint chun próisis ghnó a fheabhsú.<br>3.2 A bheith ina chomhairleoir iontaofa agus ina chumasóir claochlaithe dhigitigh agus nuálaíochta TF. | | | | | | | |
| **Taighde, nuálaíocht agus forbairt acmhainneachta** | | | | | | | |
| **Monatóireacht taighde agus teicneolaíochta** | gnó mar is gnách | | | | | | |
| **Tuairisciú reachtúil** | gnó mar is gnách | | | | | | |
| **Oiliúint do na Ballstáit** | gnó mar is gnách | | | | | | |
| **Meastóireachtaí Schengen** | gnó mar is gnách | | | | | | |
| **Tacaíocht dhíreach d'oibríochtaí** | | | | | | | |
| **Oibríochtaí córais** | gnó mar is gnách | | | | | | |
| **Aistriú seirbhíse** | gnó mar is gnách | | | | | | |
| **Slándáil, cibearshlándáil agus leanúnachas gnó** | gnó mar is gnách / tionscadail | | | | | | |
| **Tacaíocht don Choimisiún agus do na Ballstáit** | ad hoc, de réir mar a iarrtar | | | | | | |
| **Grúpaí Comhairleacha, cruinnithe agus misin** | gnó mar is gnách | | | | | | |
| **Gníomhaíochtaí corparáideacha** | | **80.582** | **82.613** | **85.884** | **151** | **149** | **147** |
| **Cuspóirí ilbhliantúla:**<br>4.1 Freastal ar riachtanais na bpáirtithe leasmhara trí acmhainní, cumais, seirbhísí agus próisis na Gníomhaireachta a ailíniú go héifeachtach.<br>4.2 Fás mar phríomhghníomhaireacht AE, tallanna a mhealladh, dul i dteagmháil leo agus iad a fhorbairt.<br>4.3 Comhlíonadh córasach agus éifeachtach creat rialála an AE a áirithiú.<br>4.4 Misean agus luachanna na Gníomhaireachta a chur chun cinn. | | | | | | | |
| **Rialachas** | | **1.537** | **1.595** | **1.683** | **31** | **31** | **31** |
| **Rialachas agus comhlíonadh** | gnó mar is gnách | 0.019 | 0.020 | 0.022 | 17 | 17 | 17 |
| **Bainistiú páirtithe leasmhara agus cumarsáid leo** | gnó mar is gnách | 1.518 | 1.575 | 1.661 | 14 | 14 | 14 |
| **Tacaíocht chorparáideach** | | **79.044** | **81.018** | **84.200** | **120** | **118** | **116** |
| **Slándáil chorparáideach agus leanúnachas gnó** | gnó mar is gnách | 3.838 | 3.916 | 3.994 | 15 | 14 | 14 |
| **Bainistiú acmhainní daonna** | gnó mar is gnách | 58.541 | 59.772 | 61.058 | 23 | 23 | 22 |
| **Bainistiú buiséadach agus airgeadais** (lena n-áirítear cuntasaíocht) | gnó mar is gnách | 0.698 | 0.738 | 0.793 | 20 | 20 | 20 |
| **Soláthar agus bainistiú conarthaí** | gnó mar is gnách | - | - | - | 27 | 26 | 25 |
| **Seirbhísí dlíthiúla agus corparáideacha cothrománacha** | gnó mar is gnách | 0.417 | 0.451 | 0.485 | 11 | 11 | 11 |
| **Seirbhísí tacaíochta corparáidí** (lena n-áirítear ionaid sonraí) | gnó mar is gnách / tionscadail | 15.550 | 16.141 | 17.870 | 24 | 24 | 24 |
| | **IOMLÁN** | **319.134** | **322.446** | **414.610** | **477** | **480.5** | **486.5** |

## 1.3. **Amlíne chun príomhghníomhaíochtaí a chur chun feidhme**




Bunaithe ar na cuspóirí ilbhliantúla, cuirtear i láthair sa chairt Gantt seo a leanas na príomhthionscnaimh agus na garspriocanna a ghabhann leo do thionscadail roghnaithe chun forléargas achomair a thabhairt ar an amlíne agus ar na hidirghaolta idir príomhghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta, mar a leagtar amach sa Treochlár Idir-inoibritheachta a ghlac Comhairle CGB i mí Mhárta 2025. Tabharfar an chairt cothrom le dáta nuair a fhormhuineofar an Treochlár Idir-inoibritheachta athbhreithnithe do na blianta 2027-2028.

## 1.4. Príomhtháscairí feidhmíochta corparáideacha[28]

Ó cruthaíodh é, tá rannchuidiú eu-LISA le cur chun feidhme raon leathan beartas de chuid an Aontais i réimse an Cheartais agus Gnóthaí Baile (CGB) ríthábhachtach. Thar na blianta, bhí an Ghníomhaireacht i gcónaí ina comhpháirtí iontaofa, tiomanta de chuid na n-institiúidí Eorpacha agus na mBallstát agus beartais ábhartha CGB á gcur chun feidhme acu, agus sábháilteacht agus sláine na dteicneolaíochtaí a úsáidtear á n-áirithiú an tráth céanna. Áirítear ar na beartais sin bainistiú teorainneacha, slándáil (forfheidhmiú an dlí), agus imirce agus tearmann. Rannchuidíonn an Ghníomhaireacht freisin leis na beartais i réimse an chomhair bhreithiúnaigh.

Is tionchar díreach agus indíreach araon atá ag an nGníomhaireacht sna réimsí sin, agus tá gá le feidhmiú cuí agus inrochtaineacht na gcóras atá faoi bhainistiú oibríochtúil eu-LISA chun na beartais ábhartha a chur chun feidhme go rathúil. Dá bhrí sin, le liosta príomhtháscairí feidhmíochta a bhaineann le córais, tomhaistear a n-infhaighteacht, a n-am freagartha/frithghnímh agus an iarracht chun iad a choinneáil ag feidhmiú, iontaofa agus chun sásamh custaiméirí seachtracha a áirithiú (na Ballstáit agus comhlachtaí agus gníomhaireachtaí institiúidí eile an Aontais).

Déanann an Ghníomhaireacht faireachán agus measúnú rialta ar ailíniú a cuid gníomhaíochtaí agus ar bhaint amach cuspóirí, agus ag an am céanna coimeádann sí a geallsealbhóirí cothrom le dáta go rialta maidir leis na forbairtí, an dul chun cinn agus an fheidhmíocht is déanaí.

**▲ Tábla 3. Príomhtháscairí feidhmíochta corparáideacha agus rannchuidiú le beartais an Aontais**

| Príomhtháscaire feidhmíochta | Sprioc | Foinse |
|---|---|---|
| **Bainistiú oibríochtúil na gcóras faisnéise CGB[29]** | | |
| **Rannchuidiú le beartais an Aontais:**<br>Tá sé ríthábhachtach infhaighteacht gan bhriseadh agus aga freagartha an chórais a áirithiú chun cur chun feidhme bheartais imirce agus tearmainn an Aontais a áirithiú. Tá sé ríthábhachtach freisin an tslándáil inmheánach a fheabhsú agus tacú le saorghluaiseacht laistigh de limistéar Schengen. Thairis sin, is príomhthosca iad infhaighteacht gan bhriseadh (fiosruithe agus stóráil) agus am freagartha na gcóras sin chun a áirithiú go gcuirtear faisnéis thráthúil ar fáil do na Ballstáit, chun na seiceálacha slándála is gá a dhéanamh ag na teorainneacha seachtracha. Cuireann siad le Beartas Teorainneacha an AE trí shlándáil limistéar Schengen a fhorfheidhmiú agus sreafaí paisinéirí a éascú ag an am céanna.<br>I réimse an cheartais[30], tá sé ríthábhachtach infhaighteacht gan bhriseadh agus aga freagartha na gcóras a áirithiú chun seirbhísí tráthúla a chur ar fáil do na Ballstáit i réimse an chomhair bhreithiúnaigh agus, ar deireadh, do na saoránaigh, agus chun rannchuidiú go mór leis an gcuspóir maidir le digitiú an cheartais san Eoraip. | | |
| **Infhaighteacht an chórais (* fiosruithe agus stóráil)** | | |
| **Infhaighteacht lárchóras SIS*** | ≥ 99.90 % | SLA agus tuarascálacha míosúla seirbhíse |
| **Infhaighteacht lárchóras VIS*** | ≥ 99.90 % | SLA agus tuarascálacha míosúla seirbhíse |
| **Infhaighteacht lárchóras EES*** | ≥ 99.90 % | SLA agus tuarascálacha míosúla seirbhíse |
| **Infhaighteacht seirbhísí gréasáin EES d'iompróirí** | ≥ 99.90 % | SLA agus tuarascálacha míosúla seirbhíse |
| **Infhaighteacht seirbhísí gréasáin EES do TCNanna** | ≥ 99.90 % | SLA agus tuarascálacha míosúla seirbhíse |
| **Infhaighteacht lárchóras Eurodac*** | ≥ 99.90 % | SLA agus tuarascálacha míosúla seirbhíse |
| **Infhaighteacht lárchóras ECRIS-TCN*** | ≥ 97.60 % | SLA agus tuarascálacha míosúla seirbhíse |
| **Infhaighteacht lárchóras e-CODEX (uirlis bainistithe cumraíochta)** | ≥ 98 % | SLA agus tuarascálacha míosúla seirbhíse |
| **Infhaighteacht CP JITanna** | ≥ 97.60 % | SLA agus tuarascálacha míosúla seirbhíse |
| **Aga freagartha** | | |
| **Aga freagartha lárchóras SIS** | ≥ 99.50 % | SLA agus tuarascálacha míosúla seirbhíse |
| **Aga freagartha lárchóras VIS** | 100 % | SLA agus tuarascálacha míosúla seirbhíse |
| **Aga freagartha lárchóras EES** | ≥ 99.55 % | SLA agus tuarascálacha míosúla seirbhíse |
| **Aga freagartha lárchóras Eurodac** | ≥ 99.45 % | SLA agus tuarascálacha míosúla seirbhíse |
| **Aga freagartha lárchóras ECRIS-TCN** | ≥ 99.55 % | SLA agus tuarascálacha míosúla seirbhíse |

[28] Ghlac an Bord Bainistíochta an leagan ba dhéanaí de KPInna corparáideacha eu-LISA an 19-20 Samhain 2025.

[29] Níl spriocanna infhaighteachta sainithe go beacht in ionstraimí dlí córas-shonracha. Ós rud é go sainmhínítear na córais TF arna mbainistiú ag eu-LISA mar chórais ard-infhaighteachta, tá an sprioc 'glas' socraithe ag an nGníomhaireacht ag 99.90 % don chuid is mó de na córais

[30] Tiocfaidh CP JITanna i bhfeidhm in R1 2026 (de réir an chinnidh ón mBord Bainistíochta i mí na Samhna 2025).

| Príomhtháscaire feidhmíochta | Sprioc | Foinse |
|---|---|---|
| **Infhaighteacht bonneagair cumarsáide** | | |
| **Rannchuidiú le beartais an Aontais:**<br>Tá infhaighteacht gan bhriseadh an bhonneagair líonra ríthábhachtach chun feidhmiú ceart na gcóras mórscála TF éagsúil faoi shainordú na Gníomhaireachta a ráthú chun cur chun feidhme na mbeartas gaolmhar a áirithiú. | | |
| **Infhaighteacht an Líonra Achair Fhairsing (WAN) (réimse SIS agus VIS)** | ≥ 99.99 % | Tuarascáil infhaighteachta TESTA-ng |
| **Tacaíocht dhíreach d'oibríochtaí** | | |
| **Rannchuidiú le beartais an Aontais:**<br>Ardleibhéal sástachta i measc custaiméirí a áirithiú, tacaíocht éifeachtach a chur ar fáil do na húsáideoirí deiridh, agus úsáid éifeachtúil na gcóras a chur chun cinn trí oiliúint thiomnaithe, is gnéithe fíor-riachtanacha iad sin chun tacú le páirtithe leasmhara na Gníomhaireachta agus chun éifeachtúlacht na gcóras a fheabhsú ar deireadh. | | |
| **Oiliúint do na Ballstáit** | ráta sásaimh: > 4 (as 6) | Tuarascáil ar Ghníomhaíochtaí Oiliúna eu-LISA |
| **Sásamh custaiméirí: Céatadán na n-úsáideoirí deiridh a bhí sásta nó an-sásta le hoibriú foriomlán na gcóras CGB** | ≥ 80 % | suirbhé bliantúil ar shásamh custaiméirí |
| **Feidhmíocht Dheasc Freastail eu-LISA** | ≥ 75 % | tuarascáil feidhmíochta dheasc freastail |
| **Slándáil córas** | | |
| **Rannchuidiú le beartais an Aontais agus comhlíonadh na mbeartas sin:**<br>Tá sé ríthábhachtach slándáil áitreabh, córas agus sonraí eu-LISA a áirithiú toisc go bhfuil méideanna ollmhóra sonraí íogaire á mbainistiú agus á n-óstáil ag an nGníomhaireacht, i gcomhréir le beartais ábhartha an Aontais i réimse na slándála agus na cosanta sonraí. | | |
| **Céatadán na gcuspóirí slándála arna gcur chun feidhme** ***(de réir na reachtaíochta)*** | 100 % | Deais dearbhaithe slándála |
| **Líon na ndruileanna éigeandála, na gcleachtaí a bhaineann le slándáil agus leanúnachas gnó a dhéantar go bliantúil** | 2 | Deais dearbhaithe slándála |
| **Rialachas agus comhlíonadh** | | |
| **Rannchuidiú le beartais an Aontais agus comhlíonadh na mbeartas sin:**<br>Is é is aidhm don rialú inmheánach agus don mhaoirseacht inmheánach a áirithiú go mbainfear amach na cuspóirí comhaontaithe i gcomhréir le rialacha agus rialacháin an Aontais.<br>Áirithítear le cumarsáid oiriúnach go seachtrach infheictheacht na Gníomhaireachta, mar chomhpháirtí iontaofa, trédhearcach agus iontaofa i leith a bpáirtithe leasmhara agus an phobail i gcoitinne (tá eu-LISA á chistiú le hairgead poiblí). | | |
| **Comhlíontacht** | | |
| **Feidhmíocht na dtionscadal TF a cuireadh i gcrích i gcomparáid leis an mbuiséad tosaigh agus bonnlíne an sceidil fhormheasta** | ± 10 % de dhiall ar bhonnlíne an bhuiséid<br>≥ 70 % le haghaidh líon na dtionscadal nach n-imíonn ó na garspriocanna maidir le hullmhacht theicniúil | tuarascálacha tionscadail agus cláir |
| **Céatadán na moltaí iniúchóireachta curtha i bhfeidhm laistigh de na spriocdhátaí sonraithe** | 80 %:<br>criticiúil: 100 %<br>an-tábhachtach: 90 %<br>tábhachtach: 80 % | Tuarascáil bhliantúil IAC ar ghníomhaíochtaí |
| **Líon agus aois na moltaí iniúchóireachta atá fós le cur chun feidhme** | thar théarma níos lú ná 6 mhí: ≤ 4<br>thar théarma 6 mhí agus bliain amháin: ≤ 2<br>thar théarma níos mó ná bliain amháin: ≤ 1 | Tuarascáil bhliantúil IAC ar ghníomhaíochtaí |
| **Céatadán na moltaí MECS curtha i bhfeidhm laistigh de na spriocdhátaí sonraithe** | 80 %:<br>an-ard: 100 %<br>ard: 100 %<br>meánach ard: 90 %<br>meánach íseal: 80 %<br>íseal: 80 % | Tuarascáil bhliantúil DPO ar ghníomhaíochtaí |
| **Líon agus aois na moltaí atá fós le cur chun feidhme** | thar théarma níos lú ná 6 mhí: ≤ 4<br>thar théarma 6 mhí agus bliain amháin: ≤ 2<br>thar théarma níos mó ná bliain amháin: ≤ 1 | Tuarascáil bhliantúil DPO ar ghníomhaíochtaí |
| **Bainistiú páirtithe leasmhara agus cumarsáid leo** | | |
| **Tionchar na cumarsáide seachtraí** | suíomh gréasáin: ≥ 80 000 cuairteoir agus + 20 % síntiúsóirí nuachtlitreach<br>na meáin shóisialta:<br>+200 leantóir agus ≥ 250 postáil in aghaidh an ardáin in aghaidh na bliana | anailísíocht ghréasáin |

| Príomhtháscaire feidhmíochta | Sprioc | Foinse |
|---|---|---|
| **Tionchar cumarsáide inmheánaí (suirbhé sástachta)** | ráta rannpháirtíochta: ≥ 51 %<br>ráta sásaimh: > 70 %<br>(bealaí inmheánacha agus gníomhaíochtaí do bhaill foirne) | suirbhé bliantúil sásaimh |

| Riarachán agus tacaíocht ghinearálta | | |
|---|---|---|
| **Rannchuidiú le beartais an Aontais agus comhlíonadh na mbeartas sin:**<br>Tá bainistiú éifeachtúil acmhainní daonna ríthábhachtach chun a áirithiú go meallann, go bhforbraíonn agus go gcoinníonn an Ghníomhaireacht daoine tréitheacha, ionas go mbeidh na hacmhainní is iomchuí aici chun a sainordú a chur chun feidhme.<br>Tá bainistiú airgeadais agus soláthair atá éifeachtúil agus comhlíontach ríthábhachtach chun leithdháileadh acmhainní is fearr is féidir a áirithiú do ghníomhaíochtaí atá dírithe ar mhisin na Gníomhaireachta a chur chun feidhme, agus bainistiú fónta airgeadais agus trédhearcacht á ráthú ag an am céanna.<br>Rannchuidíonn cur in úsáid córais bainistíochta comhshaoil (EMS) le beartais chomhshaoil an Aontais agus le Comhaontú Glas an Choimisiúin. | | |
| **Bainistiú acmhainní daonna** | | |
| **Cóimheas na nacmhainní riaracháin i gcomparáid le hacmhainní oibríochtúla i gcomparáid leis na hacmhainní daonna go léir laistigh den Ghníomhaireacht (baill foirne agus SNEnna) (%)** | riarachán: ≤ 20 %<br>oibríochtúil: ≥ 70 % | Bunachar sonraí AD, tuarascálacha SYSPER |
| **Ráta neamhláithreachta bliantúil** | meánlíon laethanta saoire breoiteachta:<br>< 15 lá in aghaidh an bhaill foirne<br>Céatadán de bhaill foirne ar saoire bhreoiteachta fhadtéarmach: < 10 %<br>Ceatadán de bhaill foirne nach n-úsáideann saoire bhreoiteachta: > 15 % | Bunachar sonraí AD, tuarascálacha SYSPER |
| **Ráta athraithe foirne bliantúil (%)** | ≤ 5% | Bunachar sonraí AD, tuarascálacha SYSPER |
| **Ráta áitíochta bliantúil (%)** | > 92 % (gan tairiscintí poist a eisíodh a áireamh)<br>> 94 % (lena n-áirítear tairiscintí poist a eisíodh) | Bunachar sonraí AD, tuarascálacha SYSPER |
| **Leibhéal rannpháirtíochta na foirne** | ≥ 3.7 (as 5) | Bunachar sonraí AD, tuarascálacha SYSPER |
| **Eitic: ráta na nDearbhuithe Leasa bliantúla a cuireadh isteach** | ≥ 94 % | Bunachar sonraí AD, tuarascálacha SYSPER |
| **Céatadán den inscne tearcionadaithe i bpoist cheannaireachta** | ≥ 32 % | Bunachar sonraí AD, tuarascálacha SYSPER |
| **Bainistiú agus soláthar airgeadais agus buiséadach** | | |
| **Ráta cealaithe na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí (%)** | < 5 % | Stóras sonraí ABAC |
| **Ráta chur chun feidhme na ngealltanas buiséadach (%)** | > 95 % | Stóras sonraí ABAC |
| **Ráta cur chun feidhme na híocaíochta (%)** | > 95 % | Stóras sonraí ABAC |
| **Céatadán (%) d'íocaíochtaí críochnaithe laistigh de spriocdhátaí reachtúla** | > 90 % | Stóras sonraí ABAC |
| **An plean soláthair a chur chun feidhme go tráthúil** | > 80 % | tuarascáil soláthair |
| **Bainistiú comhshaoil** | | |
| **Astaíochtaí gás ceaptha teasa** | astaíochtaí TeqCO2 a laghdú i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin | Ráiteas ar an gcomhshaol |
| **Comhlíonadh rialála comhshaoil** | 100 % | Tuarascáil EMAS |

# 2. **Acmhainní daonna agus airgeadas: ionchas le haghaidh 2026-2028**

Le blianta beaga anuas, tá méadú suntasach tagtha ar ról na Gníomhaireachta maidir le córais faisnéise CGB an Aontais a bhainistiú, go háirithe ó thaobh freagracht mhéadaithe a ghlacadh as nuachóiriú agus digitiú an mhalartaithe faisnéise trasteorann atá slán a bhainistiú agus éifeachtúlacht an bhainistithe teorann agus imirce a fheabhsú.

Sna blianta amach romhainn, beidh bainistíocht oibríochtúil eu-LISA bunaithe ar na gnéithe seo a leanas:

- an creat rialála a bhíonn ag síorathrú,
- an líon mór córas mórscála TF a chuirtear de chúram ar eu-LISA,
- ionchais arda gheallsealbhóirí na Gníomhaireachta, agus
- brú méadaitheach chun torthaí a bhaint amach le hacmhainní teoranta.

Le blianta beaga anuas, tá measúnú rialta déanta ag an nGníomhaireacht ar a leithdháileadh acmhainní chun tacú leis na héilimh atá ag dul i méid, ag brath ar ath-leithdháileadh inmheánach acmhainní airgeadais agus daonna araon.

Léiríonn an clársceidealú ilbhliantúil do 2026-2028 na dúshláin sin agus iarrachtaí na Gníomhaireachta leanúint de bheith tiomanta dá lúfaireacht agus dá héifeachtúlacht oibríochtúil a mhéadú tríd an leas is fearr is féidir a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil arna leithdháileadh don chlárthréimhse seo agus ina dhiaidh sin.

## 2.1. **Forbhreathnú ar an staid san am atá thart agus san am i láthair**

### 2.1.1. **Acmhainní daonna**

Bhí 401 ball foirne ar an iomlán sa phlean bunaíochta a glacadh le haghaidh 2024 ar dtús: 228 post TA, 162 CA agus 11 phost SNE.[31] I mí na Samhna 2024, chun athruithe a eascraíonn as an gComhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann a chomhtháthú, méadaíodh plean bunaíochta eu-LISA go 421 post: 239 TA, 171 CA agus 11 SNI.

Bhí tionchar ag an méadú sin ag deireadh na bliana ar ráta áitíochta an phlean bunaíochta toisc nár leor an tréimhse a bhí ar fáil chun baill foirne bhreise a earcú chun céimeanna uile an nós imeachta earcaíochta a thabhairt i gcrích, go háirithe maidir le tréimhsí fógra reachtúla d'fhostóirí reatha na n-iarrthóirí, féach Tábla 4.

Mar sin féin, rinne an Ghníomhaireacht dul chun cinn tapa maidir le hearcaíocht le linn 2025. Chun próisis earcaíochta atá ar na bacáin a chuíchóiriú, tá dhá dhíorma tallainne ar mhórscála bunaithe ag eu-LISA ar leibhéil AD5 agus AD6 chun liostaí ionadaithe a áirithiú le haghaidh próifílí éagsúla, go príomha le haghaidh príomhfheidhmeanna TF.

Chun tuilleadh eolais a fháil, féach an fhochaibidil maidir le beartas earcaíochta in **Iarscríbhinn V Acmhainní daonna: anailís cháilíochtúil**.

### 2.1.2. **Caiteachas buiséid iomlán**

Maoinítear buiséad eu-LISA trí fhoinsí éagsúla cistí. Tagann an príomhioncam ó fhóirdheontas an Aontais, a fhaightear ar bhonn bliantúil ó bhuiséad an Aontais – *Cuid an Choimisiúin, Caibidil 11 10 'Bainistiú Teorainneacha – Gníomhaireachtaí Díláraithe'* – mar a ghlac an t-údarás buiséadach é, i.e., Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh. Fuarthas ranníocaíochtaí breise ó thíortha comhlachaithe Schengen, mar aisíocaíocht pháirteach ar chaiteachas tabhaithe ag an nGníomhaireacht.

In 2024, rinne eu-LISA bainistiú ar bhuiséad de EUR 307.39 milliún i leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí agus de EUR 260.11 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a fuarthas mar ranníocaíocht ón Aontas.

---

[31] Is éard atá i bplean bunaíochta foirne eu-LISA gníomhairí sealadacha (TA) agus gníomhairí ar conradh (CA), gan aon phoist ar leith d'oifigigh.

Rátaí cur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta faoi dheireadh na bliana 2024:

- 100 % le haghaidh leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí
- 100% le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochta, lena n-áirítear caiteachas riaracháin a thabhairt ar aghaidh ó 2024 go dtí 2025.

**▲ Tábla 4. Forbhreathnú ar fhoireann eu-LISA in 2024**

| Réimse gníomhaíochta | An staid iarbhír in 2024[32] | | | Buiséad údaraithe 2024[33] | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | TA | CA | SNI | TA | CA | SNI |
| **Rialachán eu-LISA** | **134** | **47** | **9** | **142** | **57** | **11** |
| Foireann bhunlíne | 107 | 26 | 7 | 113 | 30 | 9 |
| Rialachán athbhreithnithe eu-LISA (foireann bhreise) | 21 | 21 | 2 | 23 | 27 | 2 |
| Poist chibearshlándála a bronnadh in 2023 | 6 | 0 | 0 | 6 | 0 | 0 |
| **Rialacháin a bhaineann le córas sonrach (glactha)** | **78** | **90** | **0** | **95** | **114** | **0** |
| EES | 30 | 0 | 0 | 32 | 0 | 0 |
| ETIAS | 6 | 26 | 0 | 7 | 35 | 0 |
| ECRIS-TCN | 0 | 5 | 0 | 0 | 5 | 0 |
| e-CODEX | 2 | 3 | 0 | 2 | 3 | 0 |
| Tacaíocht iompróra EES-ETIAS[34] | 0 | 18 | 0 | 0 | 21 | 0 |
| Idir-inoibritheacht | 22 | 28 | 0 | 24 | 31 | 0 |
| SIS (athmhúnlú) (Filleadh agus Teorainneacha) | 0 | 2 | 0 | 0 | 4 | 0 |
| VIS athbhreithnithe[35] | 5 | 6 | 0 | 6 | 6 | 0 |
| CP JITanna | 3 | 0 | 0 | 4 | 0 | 0 |
| Digitiú víosaí | 1 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 |
| Eurodac (athmhúnlú) | 5 | 2 | 0 | 8 | 7 | 0 |
| Rialacháin maidir le Scagadh | 0 | 0 | 0 | 5 | 2 | 0 |
| Ródaire lárnach Prüm II | 4 | 0 | 0 | 6 | 0 | 0 |
| **Tograí reachtacha ar feitheamh a nglactha**[36][37] | **0** | **0** | **0** | **2** | **0** | **0** |
| Ródaire API-PNR | 0 | 0 | 0 | 2 | 0 | 0 |
| **Poist ghearrthéarmacha neamhúdaraithe** | **0** | **17** | **0** | **0** | **0** | **0** |
| Poist ghearrthéarmacha neamhúdaraithe | 0 | 17 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **Iomlán** | **212** | **154** | **9** | **239** | **171** | **11** |

*Tagairt: 31 Nollaig 2024*

[32] Baill foirne atá i bhfeidhm, gan tairiscintí poist a eisíodh a áireamh.

[33] Líon iomlán na bpost de réir an phlean bunaíochta leasaithe do 2024, arna ghlacadh ag an údarás buiséadach i mí na Samhna 2024.

[34] Déantar na poist seo a leithdháileadh go sealadach ar eu-LISA ó Frontex ar feadh tréimhse trí bliana ó 2025 go 2027.

[35] Tugadh líon na mball foirne bliain amháin chun tosaigh mar gheall ar ghlacadh déanach Rialachán VIS Athbhreithnithe, mar atá léirithe i bpleanáil foirne.

[36] Stádas amhail an 31 Nollaig 2024.

[37] Is líon sealadach é líon na mball foirne a léirítear atá bunaithe ar ráitis airgeadais reachtacha atá i gceangal leis na tograí reachtacha faoi seach.

## 2.2. Ionchas do 2026-2028

### 2.2.1. Cúraimí nua

Le blianta beaga anuas, cuireadh de chúram ar eu-LISA roinnt córas nua agus réitigh dhigiteacha a fhorbairt agus a chothabháil ina dhiaidh sin do réimse CGB an Aontais (le haghaidh tuilleadh eolais, féach comhthéacs an Bheartais), agus an tionchar seo a leanas aige ar phleanáil acmhainní daonna do 2026-2028:

- **Ardán an Aontais maidir le hiarratais ar víosaí** (VAP AE):[38] leithdháileadh poist bhreise ar eu-LISA chun tús a chur le forbairt an ardáin ó 2026 ar aghaidh agus chun cothabháil a áirithiú ó 2028 ar aghaidh. Chuige sin, tá 6 phost TA agus 4 phost CA beartaithe do 2026, agus post TA breise amháin agus post CA amháin in 2027, rud a fhágann go mbeidh 12 phost san iomlán ann (7 TA agus 5 CA), a fhanfaidh i bhfeidhm do na blianta ina dhiaidh sin.
- **Ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú** (CP JITanna):[39] deonaíodh poist bhreise chun an t-ardán a fhorbairt ó 2026 ar aghaidh agus chun a áirithiú go gcoinneofar ar bun é ó 2028 ar aghaidh. Chomh maith le 8 bpost TA atá ar fáil cheana féin in 2025, gheobhaidh an Ghníomhaireacht 2 phost CA in 2026, rud a fhágfaidh go mbeidh 10 bpost nua san iomlán, a fhanfaidh i bhfeidhm do na blianta ina dhiaidh sin.
- **Athmhúnlú Eurodac:**[40] le haghaidh 2025, deonaíodh 35 post do eu-LISA, a mhéadófar go 38 post in 2026 (15 phost TA agus 23 post CA). Tosóidh laghdú foirne de réir a chéile ó 2027 ar aghaidh, rud a fhágfaidh go mbeidh 36 post ann (lúide 2 phost CA), agus go laghdófar an líon sin a thuilleadh go 24 post (10 TA agus 14 CA), rud a fhanfaidh i bhfeidhm amach anseo.
- **Rialacháin Scagtha:**[41] déanfaidh eu-LISA córais agus comhpháirteanna idir-inoibritheachta éagsúla a fhorbairt, a chomhtháthú agus a chothabháil chun críche scagtha. In 2025, deonaíodh 19 bpost do eu-LISA (13 TA agus 6 CA) chun an tionscadal seo a chur chun feidhme, a bheidh i bhfeidhm go dtí 2028, nuair a bheartaítear laghdú beag ar an bhfoireann.
- **Ródaire Lárnach Prüm II le haghaidh comhar póilíneachta feabhsaithe**:[42] in 2026, beidh 10 bpost TA ag eu-LISA (3 phost bhreise i gcomparáid le 2025). In 2027, cuirfear deireadh le post TA amháin, agus deonófar 2 phost CA breise, rud a fhágfaidh go mbeidh 11 bhall foirne san iomlán ann amach anseo.
- **Ródaire API-PNR chun réamhfhaisnéis faoi phaisinéirí (API) agus taifead ainmneacha paisinéirí (PNR) a aistriú:**[43] foráiltear leis na figiúirí athbhreithnithe sa ráiteas airgeadais reachtach atá i gceangal leis na tograí ón gCoimisiún go leithdháilfear 12 phost TA agus 4 phost CA breise in 2025, 1 TA in 2026, 0.5 CA in 2027, agus 3 CA in 2027 a fhágann go mbeidh 20 post san iomlán ann (13 phost TA agus 7 bpost CA) a mbeidh gá leo freisin sna blianta ina dhiaidh sin.
- **An feidhmchlár AE um Thaisteal Digiteach (DTA)**:[44] De réir an togra reachtaigh a cuireadh chun cinn i mí Dheireadh Fómhair 2024, bheadh eu-LISA freagrach as tacú leis an gCoimisiún agus an feidhmchlár á ullmhú agus á imscaradh ar leibhéal an AE. Beidh an feidhmchlár ar fáil do chách, idir shaoránaigh AE agus saoránaigh neamh-AE, a bhfuil pas bithmhéadrach nó cárta aitheantais AE acu agus iad ag taisteal chuig Limistéar Schengen nó uaidh. Chuige sin, d'fhéadfaí acmhainní a leithdháileadh ar eu-LISA le haghaidh foireann bhreise ó 2027 ar aghaidh, le 2 phost TA ar dtús agus in 2028, méadú breise go 17.5 post (9 TA agus 8.5 CA).

Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach Tábla 5 Meastacháin foirne do 2026-2028 faoi **2.3.2. Clársceidealú acmhainní daonna**.

---

[38] *Rialacháin (AE) 2023/2667* agus *2023/2685* an 22 Samhain 2023 a mhéid a bhaineann le digitiú an **nós imeachta víosa**.

[39] *Rialachán (AE) 2023/969*, IO L 132, 17.5.2023.

[40] *Rialachán (AE) 2024/1358*, IO L, 2024/1358, 22.5.2024 (**Rialachán Athmhúnlaithe Eurodac**).

[41] *Rialachán (AE) 2024/1356*, IO L, 22.05.2024; *Rialachán (AE) 2024/1352*, IO L, 22.05.2024.

[42] *Rialachán (AE) 2024/982*, IO L, 2024/982, 5.4.2024.

[43] *Rialachán (AE) 2025/12*, IO L, 2025/12, 8.1.2025, agus *Rialachán (AE) 2025/13*, IO L, 2025/13, 8.1.2025.

[44] *Togra le haghaidh Rialacháin* lena mbunaítear feidhmchlár chun sonraí taistil a chur isteach go leictreonach (**An feidhmchlár AE um Thaisteal Digiteach**) a mhéid a bhaineann le húsáid dintiúr digiteach taistil [*COM(2024) 670* final]; agus *Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle* maidir le heisiúint **dintiúr digiteach taistil agus caighdeáin theicniúla ina leith** bunaithe ar chártaí aitheantais [*COM(2024) 671* final].

### 2.2.2. **Forbairt tascanna reatha**

Tar éis rialacháin nua a ghlacadh agus acmhainní daonna breise a leithdháileadh, rinne eu-LISA a struchtúr eagraíochtúil a oiriúnú chun an fás a léiriú agus chun cur chun feidhme éifeachtúil cúraimí a cheadú. Ina theannta sin, thug sé faoi athrú a dhéanamh ar a bhealach oibre, lena n-áirítear cumais ábhartha a fhoinsiú allamuigh chun bainistiú conarthaí agus tionscadal níos éifeachtaí a chumasú. Leithdháil an Ghníomhaireacht roinnt acmhainní daonna a bhí ar fáil ar réimsí a sainaithníodh roimhe seo mar réimsí nach raibh dóthain foirne iontu (amhail éagsúlacht agus cuimsiú, eagrú glas agus inbhuanaithe, seirbhísí dlí, cuntasaíocht, iniúchadh inmheánach, TF corparáideach, acmhainní daonna agus bainistíocht airgeadais nó soláthar) chun líon méadaitheach cúraimí cothrománacha a chumhdach a bhí ag gabháil le fás na Gníomhaireachta agus a cúraimí nua.

Chun seirbhís leanúnach gan bhriseadh a áirithiú, áfach, ní fhéadfadh an Ghníomhaireacht ach líon teoranta post atá ann cheana a ath-imlonnú ó chúraimí (forbartha) a bhaineann leis an tionscadal go cúraimí eile. Mar fhocal scoir, maidir le réimsí a shainaithnítear le haghaidh cur i bhfeidhm feabhsaithe breise an “cur chuige comhthiomsaithe” mar a thugtar air, cuirfear i bhfeidhm iad trí fhoinsiú le poist bhreise don fhoireann, atá folamh i réimsí eile, chun cuspóirí na Gníomhaireachta a bhaint amach.

## 2.3. Clársceidealú acmhainní do 2026-2028

### 2.3.1. **Clársceidealú acmhainní airgeadais**

Tá na hacmhainní airgeadais don tréimhse 2026-2027 mar chuid de phleanáil ilbhliantúil eu-LISA agus cuireadh san áireamh iad sa réamhaisnéis do chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) 2021-2027.

In **Iarscríbhinn II**, tugtar forléargas mionsonraithe ar chaiteachas oibríochtúil eu-LISA de réir córais mar a fhoráiltear i gclársceidealú ilbhliantúil agus bliantúil, agus i réasúnuithe buiséid, ach in **Iarscríbhinn III** déantar an buiséad a mhiondealú de réir struchtúr buiséadach eu-LISA ina ngrúpáiltear caiteachas oibríochtúil le haghaidh gach córais de réir na caibidle buiséadaí.

Don tréimhse 2026-2028, bhain cleachtadh pleanála eu-LISA úsáid as pleanáil CAI mar bhonnlíne do mheastacháin airgeadais:

- **córais nua a cuireadh de chúram ar eu-LISA**: le glacadh na reachtaíochta tánaistí tugadh sonraí criticiúla nárbh eol iad agus na ráitis airgeadais reachtacha (LFS) faoi seach á n-ullmhú, rud a d’fhág gur tháinig méadú suntasach ar raon feidhme agus ar chastacht na gcóras nua, lena n-áirítear iad a chomhtháthú san ailtireacht idir-inoibritheachta;
- **castacht mhéadaithe na gcóras**: sáraíonn na costais chothabhála a bhaineann le bonneagar agus bogearraí tacaíochta na meastacháin tosaigh. Bhí lorg bonneagair na gcóras nua ní ba mhó ná mar a bhíothas ag súil leis ar dtús, mar aon le torthaí na nósanna imeachta tairisceana, i gcás inar ríomhadh costais chothabhála an chórais bunaithe ar an ailtireacht a bhí acu cheana féin. Ina theannta sin, sháraigh úsáid ardán comhroinnte comhchoiteann na Gníomhaireachta (CSI) na pleananna bunaidh mar gheall ar éilimh mhéadaithe a d’eascair as córais nua agus as córais a bhí ann cheana, rud a rinne difear mór dá chostais chothabhála.

Tá na meastacháin sin bunaithe ar thaithí na Gníomhaireachta roimhe seo, i.e. rinneadh sonraisc reatha agus na praghsanna a eachtarshuí ó chonarthaí a bhí ann cheana agus ó chostais i dtaobh ‘coimeád in ord oibre’ (MWOnna). Dá bhrí sin, beidh ar eu-LISA na meastacháin sin a bheachtú agus a choigeartú bunaithe ar na tairiscintí iarbhír a gheofar.[45]

### 2.3.2. **Clársceidealú acmhainní daonna**

Tá na meastacháin ar acmhainní daonna don tréimhse 2026-2028 bunaithe ar rialacháin agus ráitis airgeadais reachtacha (LFS)[46] a glacadh chun córais nua nó réitigh dhigiteacha a fhorbairt (féach thíos).

Cé go bhfuil comhdhlúthú agus athbheartú tosaíochta déanta ag eu-LISA cheana féin ar na hacmhainní daonna atá ar fáil do na blianta atá le teacht tar éis an treochlár idir-inoibritheachta a athbhreithniú agus tar éis bealaí oibre nua níos solúbtha a ghlacadh, shainaithin sé roinnt post atá fíor-riachtanach chun cúraimí criticiúla a dhéanamh, ar poist iad nach féidir a sheachfhoinsiú nó nár cheart a sheachfhoinsiú mar gheall ar a

---

[45] Tá tairiscint seolta ag an nGníomhaireacht don Chreat Oibríochtúil Trasnach (TOF) i ndáil le cothabháil gach córais a chlúdach.

[46] *Ráitis airgeadais reachtacha* Soláthraítear i ráitis airgeadais reachtacha (LFS) meastachán ar thionchar buiséadach (lena náirítear speansais riaracháin, bainistithe agus tacaíochta) na n-oibríochtaí atá beartaithe ag an gCoimisiún, mar shampla i dtograí reachtacha.

gcineál, i.e. cúraimí a bhaineann le príomh-shainordú eu-LISA ar cheart don fhoireann reachtúil iad a dhéanamh.

Chun spleáchas ar sholáthraithe seirbhíse seachtracha a laghdú, tá an Ghníomhaireacht tar éis a tosaíochtaí a athdhíriú chun cumais agus inniúlachtaí inmheánacha a fheabhsú. Leanfar leis sin in 2026 agus ina dhiaidh sin le cur chun feidhme na straitéise foinsithe. Díreoidh an Ghníomhaireacht ar phoist fholmha a líonadh leis na cumais riachtanacha agus ar an ráta áitíochta a mhéadú.

**▲ Tábla 5. Meastacháin foirne do 2026-2028.**

| | 2026 | | | | 2027 | | | | 2028 | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | TA | CA | SNI | Iomlán | TA | CA | SNI | Iomlán | TA | CA | SNI | Iomlán |
| **Rialachán eu-LISA** | **142** | **57** | **11** | **210** | **142** | **57** | **11** | **210** | **142** | **57** | **11** | **210** |
| Foireann bhunlíne | 113 | 30 | 9 | 152 | 113 | 30 | 9 | 152 | 113 | 30 | 9 | 152 |
| Rialachán athbhreithnithe eu-LISA (foireann bhreise) | 23 | 27 | 2 | 52 | 23 | 27 | 2 | 52 | 23 | 27 | 2 | 52 |
| Poist chibearshlándála (a deonaíodh in 2023) | 6 | 0 | 0 | 6 | 6 | 0 | 0 | 6 | 6 | 0 | 0 | 6 |
| **Rialacháin a bhaineann le córas sonrach (glactha)** | **131** | **140** | **0** | **271** | **130** | **138.5** | **0** | **268.5** | **125** | **134** | **0** | **259** |
| EES | 32 | 0 | 0 | 32 | 32 | 0 | 0 | 32 | 32 | 0 | 0 | 32 |
| ETIAS | 7 | 35 | 0 | 42 | 7 | 35 | 0 | 42 | 7 | 35 | 0 | 42 |
| ECRIS-TCN | 0 | 5 | 0 | 5 | 0 | 5 | 0 | 5 | 0 | 5 | 0 | 5 |
| e-CODEX | 2 | 3 | 0 | 5 | 2 | 3 | 0 | 5 | 2 | 3 | 0 | 5 |
| Tacaíocht iompróra EES-ETIAS[47] | 0 | 21 | 0 | 21 | 0 | 21 | 0 | 21 | 0 | 21[48] | 0 | 21 |
| Idir-inoibritheacht | 22 | 30 | 0 | 52 | 22 | 30 | 0 | 52 | 22 | 30 | 0 | 52 |
| SIS (athmhúnlú) (Filleadh agus Teorainneacha) | 0 | 4 | 0 | 4 | 0 | 4 | 0 | 4 | 0 | 4 | 0 | 4 |
| VIS athbhreithnithe[49] | 2 | 0 | 0 | 2 | 2 | 0 | 0 | 2 | 2 | 0 | 0 | 2 |
| CP JITanna | 8 | 2 | 0 | 10 | 8 | 2 | 0 | 10 | 8 | 2 | 0 | 10 |
| Digitiú víosaí (e-VISA) | 6 | 4 | 0 | 10 | 7 | 5 | 0 | 12 | 7 | 5 | 0 | 12 |
| Eurodac (athmhúnlú) | 15 | 23 | 0 | 38 | 15 | 21 | 0 | 36 | 10 | 14 | 0 | 24 |
| Rialachán Scagtha | 13 | 6 | 0 | 19 | 13 | 6 | 0 | 19 | 13 | 6 | 0 | 19 |
| Ródaire lárnach Prüm II | 10 | 0 | 0 | 10 | 9 | 2 | 0 | 11 | 9 | 2 | 0 | 11 |
| Ródaire API-PNR[50] | 13 | 4 | 0 | 17 | 13 | 4.5 | 0 | 17.5 | 13 | 7 | 0 | 20 |
| **Tograí reachtacha ar feitheamh a nglactha[51]** | **0** | **0** | **0** | **0** | **2** | **0** | **0** | **2** | **9** | **8.5** | **0** | **17.5** |
| DTA | 0 | 0 | 0 | 0 | 2 | 0 | 0 | 2 | 9 | 8.5 | 0 | 17.5 |
| **Iomlán de réir an phlean bunaíochta** | 272 | 194 | 11 | 477 | 274 | 195.5 | 11 | 480.5 | 276 | 199.5 | 11 | 486.5 |

Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach **Iarscríbhinn II** agus **Iarscríbhinn V.**

[47] Déantar na poist seo a leithdháileadh go sealadach ar eu-LISA ó Frontex ar feadh tréimhse trí bliana ó 2025 go 2027.

[48] Ó 2028 ar aghaidh, beidh gá le comhaontú nua nó leis na poist sin a áireamh i mbuiséad eu-LISA.

[49] Rinneadh líon na mball foirne, a aistríodh ar aghaidh bliain amháin mar gheall ar ghlacadh déanach Rialachán VIS Athbhreithnithe, a ailíniú leis an togra tosaigh ón gCoimisiún mar a léirítear sa choigeartú do phleanáil foirne 2026.

[50] *Rialachán (AE) 2025/12*, IO L, 2025/12, 8.1.2025, agus *Rialachán (AE) 2025/13*, IO L, 2025/13, 8.1.2025.

[51] Is líon sealadach é líon na mball foirne a léirítear atá bunaithe ar ráitis airgeadais reachtacha atá i gceangal leis na tograí reachtacha faoi seach.

## 2.4. Straitéis chun gnóthachain éifeachtúlachta a bhaint amach

Is é cuspóir eu-LISA eagraíocht lúfar agus éifeachtach a fhorbairt a mbeidh a fheidhmíocht den scoth.

Chun feabhas a chur ar a rialachas foriomlán, a pleanáil acmhainní agus a bainistiú buiséid, tá an Ghníomhaireacht ag féachaint ar bhealaí chun barrfheabhsú breise a fheabhsú, chun gnóthachain éifeachtúlachta níos airde a bhaint amach agus chun feabhas a chur ar a húsáid acmhainní.

Faoi láthair, ní dhéanann an Ghníomhaireacht cainníochtú córasach ar na gnóthachain éifeachtúlachta a baineadh amach ach tá sé beartaithe aici clár a bhunú faoi lár 2026 chun faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí as a n-eascraíonn gnóthachain éifeachtúlachta, lena n-áirítear meastachán ar na gnóthachain a baineadh amach (maidir le hídiú acmhainní ach freisin cáilíocht agus luach na n-aschur).

Cheana féin, tá gnóthachain éifeachtúlachta bainte amach i roinnt réimsí:

- Bhí coigilteas buiséadach ann cheana féin mar thoradh ar **úsáid a bhaint as cumais físchomhdhála** le haghaidh cruinnithe (inmheánach agus le páirtithe leasmhara seachtracha).
- Baineadh éifeachtúlachtaí amach trí **sholáthar comhroinnte** leis an gCoimisiún Eorpach nó le Gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais, chun fógraí folúntais a fhoilsiú agus chun liostaí ionadaithe seanbhunaithe d’iarrthóirí ar éirigh leo ó Ghníomhaireachtaí eile a mhalartú. I gcás inar féidir, leanfaidh eu-LISA de shineirgí breise a lorg go hinmheánach agus le gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais, e.g., trí nósanna imeachta soláthair idirinstitiúideacha a úsáid, le haghaidh seirbhísí agus soláthairtí cothrománacha. Trí acmhainní agus cumhacht ceannaigh níos mó a chomhthiomsú, chuidigh nósanna imeachta soláthair idirinstitiúideacha den sórt sin cheana féin le barainneachtaí scála ní b’fhearr a bhaint amach. Amach anseo, tá sé beartaithe ag eu-LISA tuilleadh feabhais a chur ar an gcomhar laistigh de Líonra na nGníomhaireachtaí Eorpacha (EUAN). Ó 2020 agus ó phaindéim COVID-19 i leith, tá seachadadh gníomhaíochtaí oiliúna aistrithe ag eu-LISA chuig na Ballstáit ó chur chuige aghaidh ar aghaidh chuig tairiscint ar líne. In 2024, **cuireadh 80 % de na gníomhaíochtaí oiliúna ar fáil ar líne** (i gcomparáid le 52 % in 2019), agus d’fhreastail 94 % de na rannpháirtithe orthu ar líne. Tháinig méadú freisin ar líon iomlán na rannpháirtithe oiliúna dá bharr sin: ó 623 in 2019 go dtí os cionn 4 100 in 2024. Tá an chuid is mó d’ábhair oiliúna ar líne in-athúsáidte, rud a laghdaíonn na costais do eu-LISA agus ualach oibre na foirne oiliúna, agus a sholáthraíonn deiseanna coigilte costais do na Ballstáit ag an am céanna, (trí chostas agus am taistil a laghdú). Táthar ag súil go leanfaidh an treocht seo ar aghaidh.

Tá gnóthachain éifeachtúlachta ag teacht de réir a chéile freisin as cur chun feidhme phlean gníomhaíochta straitéiseach eu-LISA i dtreo bealaí nua oibre:

- Is gné thábhachtach í an **straitéis foinsithe nua** (a ghlac an Bord Bainistíochta i mí na Samhna 2025) chun pleanáil acmhainní daonna a threorú ar bhealach níos trédhearcaí agus chun an gá atá le hacmhainní nach féidir a sheachfhoinsiú a shainaithint. Sainaithnítear sa straitéis foinsithe nua 10 gcumas ar fud na gníomhaireachta leis an bhfoinsiú is éifeachtúla (tógáil, iasacht, ceannach) do gach ceann acu. Is é is aidhm don straitéis foinsithe tacú le hinmheánú feidhmeanna criticiúla, amhail ailtireacht nó bainistiú riachtanas. Treiseoidh sé sin smacht na gníomhaireachta ar ghníomhaíochtaí criticiúla, beidh cleachtais níos éifeachtúla mar thoradh air agus cabhróidh sé le scileanna criticiúla a choinneáil. Maidir lena chuid oibríochtaí, tá iarracht shuntasach déanta ag eu-LISA chun **bealaí níos solúbtha oibre ar scála** a chur chun feidhme, comhar a fheabhsú trí fhoirne trasnaíochta éagsúla chun tionscadail forbartha TF nua a sheachadadh, agus féachaint ar bhealaí chun a shamhail oibríochtúil a nuachóiriú i dtreo níos lú spleáchais ar chonraitheoirí seachtracha. Tá measúnú á dhéanamh freisin ar chomhthiomsú acmhainní inmheánacha foirne, chun níos mó solúbthachta a sholáthar idir tionscadail. Maidir le coincheap na monarchan bogearraí trína ndéanann an ghníomhaireacht cuid de na feidhmeanna criticiúla (ceanglais, cuid den fhorbairt) a sholáthar trí mhodhanna Agile a úsáid, tá sé á phíolótú anois chun Eurodac nua a fhorbairt agus tá tairbhí soiléire léirithe aige cheana féin, trí am don fhorbairt a laghdú, am laghdaithe a cheadú don mhargadh, aiseolas luath a fháil ó na Ballstáit agus sástacht pháirtithe leasmhara na Gníomhaireachta a mhéadú.
- Chun an brú ar chostais bhonneagair a laghdú, rinne an Ghníomhaireacht measúnú in 2024 ar **réitigh agus modhanna néalteicneolaíochta** chun tacú lena hoibríocht. In 2025, ghlac an Bord Bainistíochta **néalstraitéis**, lena bhforáiltear do choigilteas ó úsáid a bhaint as néalseirbhísí le haghaidh forbartha agus réamhtháirgthe, laistigh de na srianta rialála. Chuir an Ghníomhaireacht tús cheana féin le roinnt gnéithe den straitéis sin a chur chun feidhme in 2025. Trí úsáid a bhaint as néalseirbhísí le haghaidh gníomhaíochtaí forbartha, laghdófar cuid den am agus de na costais a bhaineann le soláthar crua-earraí agus ar an iomlán laghdófar an t-am chun an mhargaidh chun feidhmchláir nua a fhorbairt.

- Chun éifeachtúlacht a fheabhsú maidir le **pleanáil inmheánach agus leithdháileadh acmhainní** i dtreo costéifeachtacht fheabhsaithe, thug eu-LISA **uirlis TF** isteach (Anaplan) in 2023 chun na hiarrachtaí pleanála a chuíchóiriú ar fud na Gníomhaireachta, trí úsáid a bhaint as tacar coiteann sonraí mar phointe aonair fírinne, as a dtiocfaidh gnóthachain éifeachtúlachta. Úsáidtear Anaplan chun tacú le hullmhú an chláir oibre bhliantúil, lena n-áirítear leithdháileadh buiséid agus acmhainní daonna. Tá sé beartaithe freisin síneadh a chur leis an uirlis chun tacú le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an chláir oibre bhliantúil.
- Tá **sraith de 69 próiseas** forbartha agus doiciméadaithe ag an nGníomhaireacht lena gcumhdaítear a gníomhaíochtaí oibríochtúla agus corparáideacha chun tacú leis an bhfoireann ina gcúraimí agus chun na hidirghníomhaíochtaí idir foirne a éascú. Déantar na próisis go léir a thomhas le KPInna d'fhonn a n-ábharthacht a áirithiú, agus déantar iad a athbhreithniú agus a nuashonrú go rialta chun barrfheabhsú breise agus sineirgí a bhaint amach. Táthar ag súil freisin go ndéanfar roinnt próiseas a shimpliú. In 2025-2026, déanfar athbhreithniú córasach ar na próisis uile agus é mar aidhm leis sin níos mó éifeachtúlachta a thabhairt ar fud eu-LISA agus cleachtais lúfar a leabú sna próisis atá ann cheana. Tá measúnú á dhéanamh ag an nGníomhaireacht freisin ar uirlisí digiteacha chun tacú le próisis inmheánacha a bhainistiú, rochtain a éascú agus comhlíonadh a threisiú.
- In 2024, rinne an Ghníomhaireacht mapáil inmheánach ar chásanna úsáide ina bhféadfadh an **intleacht shaorga ghiniúnach** feabhas a chur ar **éifeachtúlacht na bpróiseas inmheánach**. In 2025, rinneadh treoirthionscadal chun ceanglais a bhunú le haghaidh dhá chás úsáide ina n-úsáidtear IS giniúnach: 1/ tacaíocht do sholáthar agus do bhainistiú conarthaí, 2/ aisghabháil faisnéise trí bhotaí comhrá i réimsí éagsúla ar fud na gníomhaireachta. Cuirfear an dá chás úsáide sin chun feidhme in 2026, rud a fhágfaidh gur féidir fothú inmheánach acmhainneachta agus athúsáid teicneolaíochtaí a leathnú tuilleadh chuig cásanna úsáide eile, arb é is aidhm dóibh éifeachtúlacht inmheánach na Gníomhaireachta a fheabhsú. Úsáidtear uirlisí IS saor in aisce ón gCoimisiún Eorpach go forleathan cheana féin chun tacú le, mar shampla, aistriúcháin, achoimriú, caint go téacs le haghaidh mhiontuairiscí na gComhlachtaí Rialaithe. In 2025, chuir an Ghníomhaireacht tús freisin le comhphíolóta Ballstáit a phíolótú chun achoimre uathoibríoch a dhéanamh ar chruinnithe.
- Tá **úsáid IS chun tacú le gníomhaíochtaí oibríochtúla** ann cheana féin don tSeirbhís Meaitseála Bithmhéadracha chomhroinnte, i gcás ina gceadaíonn IS cruinneas agus luas feabhsaithe na meaitseálacha bithmhéadracha, rud a théann chun tairbhe go díreach d'úsáideoirí deiridh na seirbhíse sna Ballstáit. Tá botaí comhrá á n-ullmhú ag an nGníomhaireacht freisin don ardán ETIAS agus Iarratais ar Víosaí a bheidh ann amach anseo, atá dírithe go díreach ar thaistealaithe, agus úsáid á baint as cumais ghiniúnacha IS. Urscaoilfidh na botaí comhrá oifigí consalacha thíortha AE ar fud an domhain de chuid mhór ceisteanna atriallacha nach mór déileáil leo go laethúil, rud a scaoilfidh uaireanta oibre ar féidir iad a atreorú chuig tascanna níos casta a bhfuil breisluach níos airde ag baint leo. Ar deireadh, cuireadh tús cheana féin in 2025 le treoirthionscadal maidir le húsáid IS chun tacú le hathbhreithniú cóid chun córais a fhorbairt.
- Tá machnaimh ag tosú freisin ar **ghníomhaíochtaí bainistithe sonraí** a bharrfheabhsú agus a chomhordú ar bhealach níos fearr ar fud na Gníomhaireachta, tráth inar féidir déileáil le líon i bhfad níos airde sonraí agus líon méadaitheach iarrataí ar staidreamh agus ar thuairisciú mar thoradh ar chórais nua atá i bhfeidhm . Tá uirlisí anailíseacha sonraí a bhaineann úsáid as an intleacht shaorga beartaithe.

Is toradh iad gnóthachain éifeachtúlachta freisin ar úsáid sruthlínithe **uirlisí TF** chun obair laethúil na foirne a éascú. Tá uirlisíá n-úsáid ag eu-LISA nó tá sé beartaithe aige **uirlisí a fháil chun a chuid oibre a bharrfheabhsú, amhail**:

- Service Now [Seirbhís Anois] le cur in ionad na huirlise BSTF atá ann faoi láthair, le huathoibriú próisis agus sreafaí oibre cuíchóirithe chun seirbhís do chustaiméirí a fheabhsú, costais a laghdú, agus cur leis an lúfaireacht chun oiriúnú do riachtanais ghnó a bhíonn ag athrú,
- Córas Bainistithe Teagmhas (EMS) lena dtabharfar inbhreathnaitheacht níos fearr do gach córas CGB arna bhainistiú ag eu-LISA (ar leibhéal an fheidhmchláir agus an bhonneagair), lena ndéanfar próisis bainistithe teagmhas agus fadhbanna a uathoibriú, agus ar an gcaoi sin an t-am le haisghabháil a íoslaghdú,
- lámhleabhar nua Ríomhoibreora (eOPM) mar fhorbairt ar eOPM SIS atá ann faoi láthair agus a imscarfar do gach córas CGB chun feabhas a chur ar an tacaíocht a thugtar don Deasc Freastail chun éifeachtúlacht na deisce seirbhíse a mhéadú chun tacú leis na Ballstáit i gcás teagmhais.
- RE-USE, uirlis chun cabhrú le riachtanais na n-úsáideoirí a bhainistiú agus a chur in ord tosaíochta, úsáid CENTRICS, uirlis a d'fhorbair an Coimisiún Eorpach le píolótú in 2025 chun tacú le gníomhaíochtaí rialaithe inmheánaigh.

## 2.5. **Tosaíochtaí diúltacha nó laghdú ar chúraimí atá ann cheana**

Tá obair na Gníomhaireachta ag brath go mór ar an gcreat reachtach atá ann faoi láthair, agus ar an amlíne atá leagtha síos ag an reachtóir maidir le hoibriú agus teacht chun cinn na gcóras arna mbainistiú agus arna bhforbairt ag an nGníomhaireacht. Eascraíonn tosaíochtaí diúltacha nó laghdú ar chúraimí atá ann cheana as forbairt córas nua agus comhpháirteanna idir-inoibritheachta a thabhairt chun críche. Leis sin, is féidir deis a thabhairt acmhainní a ath-leithdháileadh i gcás ina bhfuil gá leo, i gcomhréir le Ráitis Airgeadais Reachtacha. Mar shampla, tar éis theacht i bhfeidhm EES, déanfar cuid de na próifílí inmheánacha atá ann cheana a athshannadh do chórais eile atá á bhforbairt.

Ina theannta sin, tá eu-LISA ag súil le toradh níos airde ar infheistíocht trí mhodhanna oibre solúbtha a úsáid, acmhainní a chomhthiomsú, oibriú trí fhoirne trasnaí, an intleacht shaorga ghiniúnach agus uirlisí TF feabhsaithe a úsáid, agus níos mó cruinnithe agus oiliúint ar líne a eagrú.

Lena hacmhainní teoranta, déanfaidh an Ghníomhaireacht measúnú de réir an cháis ar thosaíocht a thabhairt do roinnt gníomhaíochtaí ar luach níos ísle, gníomhaíochtaí neamhchriticiúla a chur siar nó féachaint ar bhealaí chun soláthar cúraimí nó tionscadal níos riachtanaí a bharrfheabhsú, e.g. trí uathoibriú nó IS a úsáid le haghaidh cúraimí atriallacha, rud a chuirfidh teorainn le líon na n-ionadaithe ag cruinnithe seachtracha. Leis an tionscnamh nua um bainistiú éilimh, chuir an Ghníomhaireacht tús cheana féin le hanailís níos criticiúla a dhéanamh ar indéantacht iarrataí nua i bhfianaise na n-acmhainní atá ar fáil. Éascaítear é sin anois leis an gcomhairliúchán córasach a dhéanann an Coimisiún chun meastachán a sholáthar ar na riachtanais acmhainní mar chuid den mheasúnú teicniúil agus airgeadais le haghaidh tionscnaimh nua.

# 3

# CLÁRSCEIDEALÚ BLIANTÚIL

# Achoimre feidhmiúcháin

**Leagtar amach sa chlár oibre bliantúil príomhchuspóirí eu-LISA do 2026 agus tugtar forléargas ann ar na gníomhaíochtaí a bhfuil sé beartaithe ag an nGníomhaireacht a dhéanamh chun a cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach.**

In 2026, tá fócas agus iarrachtaí na Gníomhaireachta dírithe ar an **gclár dúshlánach um chlaochlú digiteach a leagtar amach sa Treochlár Idir-inoibritheachta nuashonraithe** a chur i gcrích – na chéad chórais nua eile a sholáthar agus a gcomhtháthú san ailtireacht idir-inoibritheachta a thabhairt chun críche, – agus uasghrádú cuimsitheach Eurodac nua a thabhairt chun críche faoin 12 Meitheamh 2026. Sna blianta amach romhainn, beidh teacht i bhfeidhm tráthúil agus rathúil córas nua agus a n-idir-inoibritheacht fós ina bpríomhthosaíocht ag eu-LISA. Ag an am céanna, leanfaidh an Ghníomhaireacht de bhainistiú oibríochtúil rianúil na gcóras uile atá faoinár sainchúram a áirithiú: SIS, VIS, Eurodac, EES, agus e-CODEX, ardleibhéal infhaighteachta agus freagrúlachta a choinneáil ar bun, agus na caighdeáin is airde maidir le cosaint sonraí agus slándáil faisnéise á n-urramú ag an am céanna.

Léiríonn an clár oibre bliantúil le haghaidh 2026 iarrachtaí leanúnacha eu-LISA chun a éifeachtúlacht oibríochtúil agus a sholúbthacht oibríochtúil a chothabháil agus a fheabhsú chun dul i ngleic leis na dúshláin sin. Leanfaidh an Ghníomhaireacht de bheith ag obair chun bheith ina gníomhaireacht de chuid an Aontais atá éifeachtúil, barainneach agus idirnasctha go cliste chun na torthaí a bhfuiltear ag súil leo a bhaint amach le hacmhainní teoranta i gcoinne ionchais arda ár bpáirtithe leasmhara.

In 2026, leanfaidh an Ghníomhaireacht dá Plean Gníomhaíochta Straitéiseach, a glacadh in 2024, a chur chun feidhme chun feabhas a chur ar a bainistiú oibríochtúil. Tá na gníomhaíochtaí éagsúla leabaithe sna cúig thosaíocht a chuirtear i láthair thíos.

## Tosaíochtaí eu-LISA do 2026

### ↘ Tosaíocht 1: Oibriú agus cur i bhfeidhm éifeachtach na gcóras faisnéise CGB de chuid an Aontais a chuirtear de chúram ar eu-LISA a áirithiú

Is é príomhthosaíocht na Gníomhaireachta **oibriú cobhsaí gan bhriseadh** chórais faisnéise CGB an Aontais atá faoina sainchúram a áirithiú agus na **huasghráduithe agus na héabhlóidí is gá** a sholáthar chun a ráthú go gcuirfidh siad feabhas leanúnach ar chórais faisnéise CGB an Aontais atá faoina bainistiú: **SIS**, **VIS**, **Eurodac**, **e-CODEX**, **EES** agus **ECRIS RI**. Chun a áirithiú go mbeidh siad ar fáil go leanúnach, soláthróidh an Ghníomhaireacht cothabháil do na córais seo uile agus dá mbonneagair chumarsáide faoi seach, mar aon le tacaíocht ardcháilíochta d'úsáideoirí deiridh (i.e. údaráis náisiúnta agus gníomhaireachtaí an Aontais). Ina theannta sin, díreoidh an Ghníomhaireacht ar fheidhmíocht fhoriomlán na seirbhíse do na córais sin a fheabhsú, agus leibhéal iomchuí slándála, athléimneachta agus infhaighteachta do gach córas a fheabhsú agus a áirithiú ag an am céanna.

Leanfaidh an Ghníomhaireacht ar aghaidh le **cur chun feidhme an Treochláir Idir-inoibritheachta**, agus cuirfear an méid seo a leanas i bhfeidhm in 2026: JITanna CP, ECRIS-TCN agus ETIAS. Déanfaidh an Ghníomhaireacht **comhpháirteanna idir-inoibritheachta** (ESP, SCSC, MID) agus an lárstóras um thuairisciú agus staidreamh (CRRS) a imscaradh de réir a chéile freisin, agus déanfaidh sí iad a chomhtháthú leis na córais atá ann cheana (SIS, VIS agus Eurodac, lena n-áirítear VIS Athbhreithnithe) chun ailtireacht idir-inoibritheachta uileghabhálach a chur ar fáil do réimse CGB. Tá an lárchóras le haghaidh taifeach naisc bhuí (CSLR) á bhreithniú freisin. Tar éis ghlacadh **Chomhshocrú an Aontais maidir le hImirce agus Tearmann** i mí na Bealtaine 2024, díreoidh an Ghníomhaireacht freisin ar fhorbairt agus ar **theacht i bhfeidhm tráthúil Rialachán athmhúnlaithe Eurodac** (mar aon leis na Rialacháin Scagtha) **faoi mhí an Mheithimh 2026** chun bainistiú níos fearr ar nósanna imeachta tearmainn agus ar bhainistiú imirce neamhrialta an Aontais a éascú.

Thairis sin, leanfaidh eu-LISA de thacaíocht a thabhairt do dhigitiú uirlisí agus ardán TF. Mar chuid den nós imeachta maidir le víosaí Schengen a dhigitiú, tosóidh an Ghníomhaireacht ar VIS Athbhreithnithe agus **ardán an Aontais maidir le hiarratais ar víosaí** (EU VAP) a fhorbairt in 2026, chun na nósanna imeachta eisiúna víosaí a éascú tuilleadh agus chun an bealach a réiteach le haghaidh taisteal idirnáisiúnta rianúil chun na hEorpa. I réimse na slándála inmheánaí, tá eu-LISA ag forbairt **ródaire lárnach Prüm II** chun malartú faisnéise a éascú agus chun comhar póilíneachta a fheabhsú. Chun sainaithint taistealaithe a fheabhsú a thuilleadh agus bainistiú teorainneacha a chuíchóiriú, forbróidh an Ghníomhaireacht freisin **an ródaire API-PNR chun réamhfhaisnéis faoi phaisinéirí** (API) agus **taifead ainmneacha paisinéirí** (PNR) a aistriú ó aeriompróirí chuig na Ballstáit.

Mar cheann de na rannchuiditheoirí agus na páirtithe leasmhara is mó i réimse CGB an Aontais, tá eu-LISA lántiomanta i gcónaí tacú leis na Ballstáit agus córais nua agus idir-inoibritheacht á gcur chun feidhme acu. Chuige sin, leanfaidh eu-LISA den chomhar leis na Ballstáit a neartú le linn a bpróiseas tástála gnó agus de ghníomhaíochtaí oiliúna saincheaptha a chur ar fáil maidir le feidhmiú teicniúil chórais CGB dá n-úsáideoirí deiridh.

### ↘ Tosaíocht 2: Feidhmíocht na Gníomhaireachta a ardú ó thaobh comhlíontachta de

Leanann an Ghníomhaireacht dá **córas rialaithe inmheánaigh** a fheabhsú agus a neartú a thuilleadh, mar aon le plean gníomhaíochta an **Chomhchreata Measúnaithe** (CAF) a chur chun feidhme, mar a comhaontaíodh in 2022. Díreoidh rialuithe inmheánacha, lena n-áirítear Straitéis Rialaithe Inmheánaigh eu-LISA, ar réimsí inarb ann do phríomhlaigí, go háirithe próisis agus gníomhaíochtaí bainistithe conarthaí a fheabhsú.

Leanfaidh an Ghníomhaireacht de na leibhéil is airde **de chaighdeain slándála faisnéise agus cosanta sonraí** a chur i bhfeidhm chun a ráthú go bhfanfaidh an chaoi a gcaitear le faisnéis phearsanta cothrom agus dleathach, i gcomhréir iomlán le prionsabail chosanta sonraí agus le dlí cosanta sonraí an AE. Tá tuairisciú ar chosaint sonraí agus dlúthchomhar leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS) fós ina phríomhghné de chuntasacht na Gníomhaireachta, agus, le comhoibriú le gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais, cuirtear dea-chleachtais chun cinn.

### ↘ Tosaíocht 3: Rannpháirtíocht na foirne a chothú trí ionad oibre fónta a dhéanamh den Ghníomhaireacht d'fhonn tallann nua a mhealladh agus a choinneáil

Déanfaidh an Ghníomhaireacht a dícheall feabhas a chur ar a **ráta áitíochta**, go háirithe trí nósanna imeachta earcaíochta níos tapúla a dhéanamh, trí úsáid a bhaint as na meáin shóisialta chun tacú le hearcaíocht, agus tríd an úsáid is fearr is féidir a bhaint as liostaí ionadaithe inmheánacha agus as liostaí ionadaithe comhroinnte atá ann cheana le gníomhaireachtaí eile. Tá eu-LISA tiomanta dá iarrachtaí a uasmhéadú trí nós imeachta roghnúcháin comhpháirteach a stiúradh don Líonra um Cheartas agus Gnóthaí Baile chun táirgiúlacht na nósanna imeachta earcaíochta a fheabhsú. Leanfaidh an Ghníomhaireacht dá hiarrachtaí a áirithiú go bhfuil na daoine cearta aici sna poist chearta trí ghairmithe cáilithe a bhfuil luachanna eu-LISA acu a mhealladh, a fhorbairt agus a choinneáil, ar daoine iad atá ardspreagtha agus tiomanta dá mhisean agus dá chuspóirí a chomhlíonadh. Leanfaidh an Ghníomhaireacht dá seasamh a neartú **mar fhostóir de rogha sa tírdhreach TF** agus líon éagsúil iarrthóirí a mhealladh, le fócas ar leith ar mhná in STEM.

### ↘ Tosaíocht 4: A bheith oiriúnach don todhchaí, teicneolaíochtaí agus nuálaíocht a fheabhsú

Ar bhonn chonclúidí mheastóireacht neamhspleách sheachtrach rialta eu-LISA arna déanamh i gcomhréir le hAirteagal 39 den Rialachán lenar bunaíodh é, cuirfidh an Ghníomhaireacht **plean gníomhaíochta** chun feidhme a bheidh le formheas ag an mBord Bainistíochta.

Chun athléimneacht agus infhaighteacht chórais CGB an AE a chinntiú, leanfaidh an Ghníomhaireacht leis an **gclár méadaithe acmhainne** trí acmhainní ionad sonraí a bharrfheabhsú agus acmhainn chumhachta agus fuaraithe a fheabhsú ag ionad sonraí Strasbourg chun freastal ar riachtanais oibríochtúla méadaitheacha a eascraíonn as líon méadaitheach córas agus méideanna sonraí nua. Tá sé mar aidhm ag an nGníomhaireacht a lorg comhshaoil a laghdú agus a feidhmíocht fuinnimh a fheabhsú, trí phlean feabhsúcháin a chur chun feidhme bunaithe ar phrionsabail **Scéim an Aontais um Bainistiú agus Iniúchadh Comhshaoil (EMAS)** agus **Phlean Gníomhaíochta an Choimisiúin maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip**.

Thairis sin, leanfaidh an Ghníomhaireacht dá bonneagar agus feidhmchláir chorparáideacha TF a aistriú chuig an néal a n-óstálann Ard-Stiúrthóireacht na Seirbhísí Digiteacha (DIGIT) sa Choimisiún é chun costais a laghdú, éifeachtacht na bpróiseas TF a fheabhsú, agus timpeallacht dhinimiciúil ar éileamh a sholáthar chun freastal ar bhealach níos fearr ar riachtanais úsáideoirí, lena n-áirítear a néalstraitéis a chur i bhfeidhm chun tacú le córais ghnó lárnacha agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shonracha.

Déanfaidh an Ghníomhaireacht na **bealaí nua oibre** a ndéantar tástáil rathúil orthu i gcur i bhfeidhm treochlár idir-inoibritheachta 2025–2026 a leathnú tuilleadh, trína modhanna oibre a oiriúnú i dtreo cleachtais níos solúbtha agus eagrúchán níos trasnaí de róil, agus trí oibriú ar bhealach níos comhtháite le conraitheoirí agus le soláthraithe seirbhíse.

Leanfaidh an Ghníomhaireacht dá cumais taighde agus nuálaíochta a fheabhsú trí dhíriú ar fhaireachán a dhéanamh ar thaighde agus nuálaíochtaí ábhartha a d'fhéadfadh eu-LISA a chur chun feidhme, chomh maith le tacaíocht shainiúil a chur ar fáil don Chlár Eorpach Taighde agus do na Ballstáit, i gcomhréir lena straitéis taighde. Leanfaidh an Ghníomhaireacht freisin dá rannchuidiú gníomhach le Mol Nuálaíochta an Aontais maidir leis an tslándáil inmheánach.

Chun láimhseáil níos fearr a dhéanamh ar chibirionsaithe agus ar theagmhais atá ag dul i méid, díreoidh an Ghníomhaireacht ar a **cumas cibear-athléimneachta agus freagartha** a neartú. Leanfaidh an Ghníomhaireacht freisin d'fheabhas a chur ar a **punann bhithmhéadrachta** agus ar a cumais chun cáilíocht fhoriomlán na réiteach bithmhéadrachta a úsáidtear i gcórais faisnéise CGB a mhéadú.

Féachfaidh an Ghníomhaireacht lena héifeachtúlacht a fheabhsú tuilleadh, trí úsáid a bhaint as uirlisí agus teicneolaíochtaí a thacóidh lena próisis oibríochtúla agus chorparáideacha, lena n-áirítear uathoibriú próiseas agus seirbhísí (lena n-áirítear meaisínfhoghlaim agus intleacht shaorga a chur chun feidhme) i réimsí ábhartha, go háirithe sa deasc freastail, sa bhonneagar agus sa chibearshlándáil.

### ↘ Tosaíocht 5: Rialachas agus caidreamh na Gníomhaireachta lena príomhpháirtithe leasmhara a chomhdhlúthú

Beidh sé fós ina phríomhthosaíocht comhpháirtíochtaí agus comhghuaillíochtaí institiúideacha a neartú le hinstitiúidí agus gníomhaireachtaí an Aontais, chomh maith leis na Ballstáit, tíortha óstacha, an saol acadúil agus an tionscal. Leanfaidh an Ghníomhaireacht de bheith ag obair go dlúth lena páirtithe leasmhara, go háirithe leis na Ballstáit, leis an gCoimisiún, le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta agus le Parlaimint na hEorpa. Neartóidh sé freisin comhpháirtíochtaí le tíortha óstacha agus le cathracha óstacha (Taillinn, an Eastóin agus Strasbourg, an Fhrainc) chun tuilleadh infheictheachta ar leibhéal áitiúil don Aontas a áirithiú agus chun feasacht níos fearr a áirithiú maidir le ról eu-LISA. Neartófar comhpháirtíochtaí leis an tionscal agus leis an saol acadúil tuilleadh freisin.

Cuirfidh an Ghníomhaireacht feabhas ar a saolré bainistithe riachtanas do na córais atá ann cheana agus do na córais nua. Maidir le córais nua a fhorbairt, forbróidh an Ghníomhaireacht táirgí íosta inmharthana (MVPanna[52]) agus samhlacha chun aiseolas ó úsáideoirí a ghabháil ar bhealach níos fearr agus chun an tionchur is gá a fháil don táirge deiridh.

---

[52] Is éard atá i MVP nó i dtáirge inmharthana íosta leagan de tháirge nach bhfuil ach go leor gnéithe aige le bheith inúsáidte ag luathchustaiméirí ar féidir leo aiseolas a sholáthar ansin d'fhorbairt táirgí amach anseo.

# 3. Clár oibre bliantúil do 2026

Leagtar amach sa chlár oibre seo a leanas príomhthosaíochtaí eu-LISA do 2026 agus tugtar forléargas ann ar na gníomhaíochtaí a bhfuil sé beartaithe ag an nGníomhaireacht a dhéanamh chun a cuspóirí straitéiseacha a leagtar amach sa doiciméad clársceidealaithe seo a bhaint amach faoi gach tosaíocht. Cuirtear na meastacháin ar an mbuiséad agus na hacmhainní daonna is gá i láthair in Iarscríbhinn II.

## 3.1. Slándáil inmheánach agus comhar i bhforfheidhmiú an dlí

### 3.1.1. Córas Faisnéise Schengen (SIS)

Is é SIS an córas TF is mó agus is mó úsáid le haghaidh slándáil inmheánach agus bainistiú teorainneacha san Eoraip. Éascaíonn sé malartú faisnéise faoi dhaoine nó réada a bhfuiltear sa tóir orthu nó atá ar iarraidh, mar aon le treoracha d'údaráis náisiúnta inniúla. Tá feidhmiúlacht cuardaigh bhithmhéadraigh ag SIS freisin, rud a fhágann gur féidir daoine a shainaithint bunaithe ar a méarloirg. Dá réir sin, is cuid lárnach d'ailtireacht Schengen é SIS, lena gcumasaítear bainistiú cliste agus éifeachtúil ar theorainneacha seachtracha an Aontais agus a chuireann leis an tslándáil inmheánach.

#### Príomhchuspóirí

- **oibríocht éifeachtach agus leanúnach** de lárchóras SIS a áirithiú (lena n-áirítear an fheidhmiúlacht cuardaigh bhithmhéadraigh AFIS go dtí go rachaidh sBMS i bhfeidhm le haghaidh SIS), bonneagar crua-earraí agus bogearraí a choinneáil cothrom le dáta agus tacú leis na Ballstáit córais náisiúnta SIS a bhainistiú.
- **infhaighteacht gan bhriseadh** agus leanúnachas d'úsáideoirí deiridh i gcomhréir leis na rialacháin ábhartha agus leis na comhaontuithe ar leibhéal seirbhíse;
- bunú treochláir chun aghaidh-aithint SIS a chur chun feidhme;
- seachadadh **uasghráduithe agus éabhlóidí riachtanacha** chun feabhsú leanúnach ar an gcóras a áirithiú.

#### Príomhtháscairí feidhmíochta

| Táscaire feidhmíochta | Sprioc | Bonnlíne (2024) | Foinse |
|---|---|---|---|
| **Infhaighteacht lárchóras SIS** | ≥ 99.99 % | 99.78 % | SLA agus tuarascálacha míosúla seirbhíse |
| **Aga freagartha lárchóras SIS** | ≥ 99.50 % | 100 % | SLA agus tuarascálacha míosúla seirbhíse |

#### Cúraimí agus tionscadail

| Tasc tionscadail/neamhthionscadail | An toradh a bhfuiltear ag súil leis (toradh) | Cur síos agus garsprioc/garspriocanna |
|---|---|---|
| **Bainistiú oibríochtúil** | | |
| **Cothabháil SIS / cothabháil oiriúnaitheach**<br>gnó mar is gnách | Seirbhísí éifeachtúla, costéifeachtacha agus leanúnacha d'úsáideoirí deiridh, le feidhmíocht an chórais i gcomhréir leis na ceanglais dhlíthiúla is infheidhme. | Cothabháil cheartaitheach, oiriúnaitheach, foirfeach agus choisctheach chun feidhmíocht riachtanach an chórais a áirithiú, lena n-áirítear seiceálacha rialta comhsheasmhachta sonraí.<br>Córas lánoibríochtúil agus feidhmiúil lena n-áirithítear ard-infhaighteacht leanúnach agus seachadadh éifeachtúil seirbhíse do na húsáideoirí deiridh sna Ballstáit uile. |
| **Bonneagar SIS**<br>gnó mar is gnách | Seirbhísí atá go hiomlán oibríochtúil agus éifeachtúil, costéifeachtach agus leanúnach d'úsáideoirí deiridh, agus feidhmíocht an chórais i gcomhréir leis na ceanglais dlí is infheidhme. | Bonneagar an chórais a chothabháil, lena n-áirítear uasghráduithe, trealamh agus teicneolaíocht, a chomhlíonann na caighdeáin agus na sonraíochtaí riachtanacha le haghaidh seachadadh éifeachtúil seirbhíse. |

| Uasghrádú agus éabhlóid | | |
|---|---|---|
| **Éabhlóid táirge SIS** | Córas comhlíontach ag a bhfuil feidhmiúlacht fheabhsaithe, feidhmíocht fheabhsaithe, agus éifeachtúlacht mhéadaithe, rud a spreagann luach gnó ar deireadh agus a thacaíonn le cuspóirí páirtithe leasmhara. | Feidhmiúlachtaí nó gnéithe a thabhairt cothrom le dáta, lena n-ionchorpraítear an dul chun cinn teicneolaíoch agus na dea-chleachtais is déanaí chun feidhmíocht fhoriomlán an chórais agus eispéireas an úsáideora a fheabhsú.<br>**Garsprioc 2026:**<br>■ foláirimh faisnéise SIS maidir le náisiúnaigh tríú tír a sheachadadh;<br>■ Naisc idir-inoibritheachta SIS, agus le ETIAS, EES agus VIS Athbhreithnithe freisin. |
| **Idir-inoibritheacht** | | |
| **Nascadh SIS le comhpháirteanna idir-inoibritheachta**<br>seachadadh tionscadail: EiO 2027 (lena n-áirítear FSA) | Feidhmíocht fheabhsaithe agus soláthar seirbhíse mar gheall ar idir-inoibritheacht córas le haghaidh seirbhísí cuíchóirithe d'úsáideoirí deiridh. | Bailchríoch a chur ar naisc idir-inoibritheachta le ESP, sBMS, MID, CRRS, lena n-áirítear aistriú bithmhéadrachta AFIS go sBMS, próiseas agus naisc MID a sheoladh.<br>**Garsprioc**: dearadh agus tús na forbartha a thabhairt chun críche. |
| **Nascadh SIS le ETIAS**<br>seachadadh tionscadail: EiO 2026; FSA 2027 | Seirbhísí níos cuíchóirithe, lena n-áirítear cuardaigh uathoibrithe chun measúnú a dhéanamh ar iarratais. | Idir-inoibritheacht córas le córas a bhunú trí réiteach bus seirbhíse fiontair a bhunú idir SIS agus ETIAS chun sonraí a mhalartú.<br>**Garsprioc**: teacht i bhfeidhm. |
| **Nascadh SIS le VIS Athbhreithnithe**<br>EiO 2027 (FSA 2028) | Próiseas níos éifeachtúla chun víosaí a fhormheas trí chuardaigh idir-inoibritheacha a cheadú maidir le hamais a d'fhéadfadh a bheith in SIS. | Idir-inoibritheacht córas le córas idir croí-SIS agus VIS Athbhreithnithe a thabhairt chun críche.<br>**Garsprioc**: dearadh agus tús na forbartha a thabhairt chun críche. |
| **Scagadh SIS**<br>seachadadh tionscadail: EiO 2026 agus FSA | Teacht i bhfeidhm scagtha. | Forbairt agus tástáil a thabhairt chun críche, ceanglais theicniúla a chur in úsáid. **Garsprioc**: teacht i bhfeidhm. |

### 3.1.2. **Ródaire lárnach Prüm II (malartú uathoibríoch sonraí le haghaidh comhar póilíneachta)**

Le ródaire lárnach Prüm II, déanfar creat Prüm atá ann cheana a threisiú agus a nuachóiriú trí mhalartú sonraí níos tapúla agus níos córasaí idir údaráis forfheidhmithe dlí na mBallstát agus Europol a chuíchóiriú agus a éascú chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht chomhrac na coireachta trasteorann.[53] Tiocfaidh sé in ionad na nasc aonair atá ann faoi láthair idir bunachair sonraí náisiúnta agus cuirfidh sé bonn ar fáil d'ailtireacht nua chun na sonraí atá ar fáil maidir le DNA, méarloirg agus íomhánna den aghaidh a leathnú.

#### Príomhchuspóirí

- forbairt leanúnach ródaire lárnach Prüm le feidhmiúlachtaí tacaíochta breise chun nasc aonair a sholáthar chun faisnéis bhithmhéadrach a mhalartú idir na Ballstáit agus Europol.

#### Príomhtháscairí feidhmíochta

| Táscaire feidhmíochta | Sprioc | Bonnlíne (2024) | Foinse |
|---|---|---|---|
| **costas** | diall iomlán ≤ 5 % | diall 0 % | SLA agus tuarascálacha míosúla seirbhíse |
| **sceideal** | diall iomlán ≤ 5 % | diall 0 % | SLA agus tuarascálacha míosúla seirbhíse |

[53] *Rialachán (AE) 2024/982*, IO L, 2024/982, 5 Aibreán 2024. Le tuilleadh faisnéise a fháil, féach ar an leathanach tiomnaithe maidir le *comhar an Aontais i bhforfheidhmiú an dlí*. Bhí an creat Prüm roimhe seo bunaithe ar Chinntí ón gComhairle *2018/615/CGB* agus *2008/616/CGB*.

| Táscaire feidhmíochta | Sprioc | Bonnlíne (2024) | Foinse |
|---|---|---|---|
| **raon feidhme** | athrú ar bith | diall 0 % | SLA agus tuarascálacha míosúla seirbhíse |

### Cúraimí agus tionscadail

| Tasc tionscadail/ neamhthionscadail | An toradh a bhfuiltear ag súil leis (toradh) | Cur síos agus garsprioc/garspriocanna |
|---|---|---|
| **Cur chun feidhme** | | |
| **Cur chun feidhme Prüm**<br>seachadadh tionscadail: EiO agus FSA 2027 | Córas comhchuibhithe agus uathoibrithe a bhunú chun sonraí DNA, méarloirg agus íomhánna aghaidhe a mhalartú idir Ballstáit an AE, rud a chumasaíonn comhar trasteorann níos tapúla agus níos éifeachtaí i bhforfheidhmiú an dlí. | Réiteach an ródaire lárnaigh a chur i bhfeidhm, an chuid is mó de bhloic thógála an chórais a chur i bhfeidhm.<br>**Garsprioc 2026:**<br>-Seachadadh an táirge inmharthana íosta |

### 3.1.3. **Ródaire API-PNR (réamhfhaisnéis faoi phaisinéirí agus taifead ainmneacha paisinéirí)**

Éascóidh an ródaire API sainaithint agus imréiteach taistealaithe le linn seiceálacha teorann agus chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh trí shonraí taistealaithe agus faisnéis eitilte a aistriú sula dtiocfaidh siad. Feidhmeoidh an ródaire mar phointe nasctha aonair idir na Ballstáit agus aeriompróirí chun sonraí API agus PNR a aistriú. Laghdóidh sé sin an dóchúlacht nach gcomhlíonfaidh iompróirí an oibleagáid sonraí ábhartha a chur in iúl agus laghdóidh sé an riosca earráidí agus mí-úsáide, rud a thacóidh le bainistiú teorainneacha níos fearr agus le gníomhaíocht forfheidhmithe dlí níos fearr

### Príomhchuspóirí

- **forbairt leanúnach an ródaire API-PNR** agus an chomhéadain iompróra leathnaithe chun sonraí API agus PNR a bhailiú agus a tharchur chuig údaráis inniúla náisiúnta teorann agus chuig Aonaid um Fhaisnéis faoi Phaisinéirí (PIUnna) sa Bhallstát.

### Príomhtháscairí feidhmíochta

| Táscaire feidhmíochta | Sprioc | Bonnlíne (2024) | Foinse |
|---|---|---|---|
| **costas** | diall iomlán ≤ 5 % | *neamhbhainteach* | SLA agus tuarascálacha míosúla seirbhíse |
| **sceideal** | diall iomlán ≤ 5 % | *neamhbhainteach* | SLA agus tuarascálacha míosúla seirbhíse |
| **raon feidhme** | athrú ar bith | *neamhbhainteach* | SLA agus tuarascálacha míosúla seirbhíse |

### Cúraimí agus tionscadail

| Tasc tionscadail/neamhthionscadail | An toradh a bhfuiltear ag súil leis (toradh) | Cur síos agus garsprioc/garspriocanna |
|---|---|---|
| **Cur chun feidhme** | | |
| **Cur chun feidhme API-PNR**<br>seachadadh tionscadail: 2027 (lena n-áirítear FSA) | Ródaire aonair a chur chun feidhme chun sonraí API agus PNR a fháil ó aeriompróirí agus iad a tharchur chuig údaráis náisiúnta, rialuithe ag teorainneacha seachtracha a fheabhsú agus tacú le cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, agus an próiseas aistrithe faisnéise d'aeriompróirí a shimpliú agus earráidí agus mí-úsáid a laghdú ag an am céanna. | Réiteach teicniúil an ródaire agus síneadh chomhéadan iompróra EES/ETIAS le haghaidh API a chur chun feidhme.<br>**Garsprioc 2026:**<br>▪ an chéad táirge inmharthana íosta a sheachadadh;<br>▪ an chéad leagan de ICD a sheachadadh chuig na Ballstáit;<br>▪ an chéad leagan de threoirlínte teicniúla a sheachadadh chuig iompróirí. |

## 3.2. Teorainneacha Schengen agus víosa

### 3.2.1. An Córas Faisnéise Víosaí (VIS)

Tacaíonn VIS le húdaráis víosa Eorpacha **iarratais ar víosaí a phróiseáil** agus **víosaí gearrfhanachta** a bhainistiú do náisiúnaigh tríú tír a thaistealaíonn chuig limistéar Schengen nó a théann ar idirthuras tríd. Lena fheidhmiúlacht cuardaigh bhithmhéadraigh, lena gcumasaítear sainaithint ag na teorainneacha, tá VIS ar cheann de phríomhghnéithe ailtireacht Schengen, rud a chuidíonn le calaois víosaí a chomhrac trí dhaoine a shainaithint a bhféadfadh sé nach gcomhlíonann siad na coinníollacha maidir le dul isteach, fanacht nó cónaí i limistéar Schengen nó nach gcomhlíonann siad na coinníollacha sin a thuilleadh. Thairis sin tacaíonn VIS le sainaithint an Bhallstáit atá freagrach as iarratais ar thearmann a scrúdú, agus rannchuidíonn sé le cosc a chur ar bhagairtí ar shlándáil inmheánach.

#### Príomhchuspóirí

- **oibríocht éifeachtach agus leanunach** de lárchóras VIS, bonneagar crua-earraí agus bogearraí a choinneáil cothrom le dáta, tacú leis na Ballstáit maidir le córais náisiúnta SIS a bhainistiú;
- **infhaighteacht gan bhriseadh** agus leanúnachas d'úsáideoirí deiridh an chórais i gcomhréir leis na rialacháin ábhartha agus leis na comhaontuithe ar leibhéal seirbhíse;
- **na héabhlóidí is gá** a sholáthar, an VIS oidhreachta a athfhachtóiriú in éineacht leis an gcruach VIS4 nua agus VIS oidhreachta a dhíchoimisiúnú, moltaí MECS a chur chun feidhme agus na coinníollacha a chruthú chun VIS Athbhreithnithe a chur chun feidhme;
- tús a chur le forbairt **ardáin an Aontais maidir le hiarratais ar víosaí** chun nós imeachta víosa Schengen a dhigitiú;
- teacht i bhfeidhm **fheidhmiúlachtaí breise VIS**, lena n-áirítear comhtháthú víosaí fadfhanachta agus ceadanna cónaithe, naisc idir-inoibritheachta le ESP, SCSC, MID, agus CRRS.

#### Príomhtháscairí feidhmíochta

| Táscaire feidhmíochta | Sprioc | Bonnlíne (2024) | Foinse |
|---|---|---|---|
| **Infhaighteacht lárchóras VIS** | ≥ 99.99 % | 99.92 % | SLA agus tuarascálacha míosúla seirbhíse |
| **Aga freagartha lárchóras VIS** | 100 % | 99.89 % | SLA agus tuarascálacha míosúla seirbhíse |

#### Cúraimí agus tionscadail

| Tasc tionscadail/neamhthionscadail | An toradh a bhfuiltear ag súil leis (toradh) | Cur síos agus aschur |
|---|---|---|
| **Bainistiú oibríochtúil** | | |
| **Cothabháil VIS/cothabháil oiriúnaitheach**<br>gnó mar is gnách | Córas lánoibríochtúil agus feidhmiúil lena n-áirithítear ard-infhaighteacht leanúnach agus seirbhísí éifeachtúla, costéifeachtacha agus leanúnacha d'úsáideoirí deiridh, feidhmíocht i gcomhréir leis na ceanglais dhlíthiúla is infheidhme. | Cothabháil cheartaitheach, oiriúnaitheach, foirfeach agus choisctheach chun feidhmíocht riachtanach an chórais a áirithiú, lena n-áirítear seiceálacha rialta comhsheasmhachta sonraí. |
| **Bonneagar VIS**<br>gnó mar is gnách | Córas bonneagair atá go hiomlán oibríochtúil agus dea-chothabháilte, lena n-áirítear uasghrádú, trealamh agus teicneolaíocht, a chomhlíonann na caighdeáin agus na sonraíochtaí is gá le haghaidh seirbhís éifeachtúil d'úsáideoirí deiridh, agus feidhmíocht an chórais i gcomhréir leis na ceanglais dlí is infheidhme. | Bonneagar an chórais a chothabháil, lena n-áirítear uasghráduithe, trealamh agus teicneolaíocht, a chomhlíonann na caighdeáin agus na sonraíochtaí riachtanacha le haghaidh seachadadh éifeachtúil seirbhíse |
| **Uasghrádú agus éabhlóid** | | |
| **Cur chun feidhme EU VAP** | Feidhmchlár gréasáin feidhmiúil inrochtana ar fud an domhain chun iarratas a dhéanamh ar víosaí gearrfhanachta Schengen chun próiseas simplithe víosaí d'úsáideoirí deiridh a áirithiú. | Ardán an Aontais um iarratais ar víosaí ar líne a chur chun feidhme.<br>**Garsprioc**: tús a chur leis an gcur chun feidhme. |

| Tasc tionscadail/neamhthionscadail | An toradh a bhfuiltear ag súil leis (toradh) | Cur síos agus aschur |
|---|---|---|
| seachadadh tionscadail: EiO 2028-2029 (le deimhniú le formhuiniú Threochlár IO do 2027-2028[54]) | | |
| **Idir-inoibritheacht** | | |
| **Nascadh VIS le ETIAS**<br>EiO 2026 (FSA 2027) | Ullmhacht VIS d'idir-inoibritheacht córas chun seirbhísí níos cuíchóirithe a chur ar fáil d'úsáideoirí deiridh, de réir leasuithe iarmhartacha ETIAS. | Nasc díreach córas go córas a bhunú le ETIAS.<br>**Garsprioc**: teacht i bhfeidhm |
| **Nascadh VIS le comhpháirteanna idir-inoibritheachta**<br>EiO 2027 (FSA 2028) (le deimhniú le formhuiniú Threochlár IO do 2027–2028) | Ullmhacht VIS d'idir-inoibritheacht córas chun seirbhísí níos cuíchóirithe a chur ar fáil d'úsáideoirí deiridh, de réir na Rialachán Idir-inoibritheachta. | Naisc a bhunú le comhpháirteanna idir-inoibritheachta ESP, SCSC agus CRRS.<br>**Garsprioc**: an dearadh a thabhairt chun críche agus tús a chur leis an bhforbairt. |
| **Cur chun feidhme VIS Athbhreithnithe, lena n-áirítear nascadh le comhpháirteanna idir-inoibritheachta**<br>seachadadh tionscadail: EiO 2027 (lena n-áirítear FSA) (le deimhniú le formhuiniú Threochlár IO do 2027-2028) | Feidhmíocht fheabhsaithe agus soláthar seirbhíse, feidhmiúlachtaí nua agus naisc idir-inoibritheachta. | Athruithe feidhmiúla agus neamhfheidhmiúla comhtháite ar lárchórais agus ar chórais náisiúnta a fhorbairt agus a thástáil, lena n-áirítear socrú gníomhach-gníomhach (0 aga neamhfhónaimh agus caillteanas sonraí); idir-inoibritheacht le ETIAS a bhunú.<br>**Garsprioc**:<br>▪ tús na tástála;<br>▪ na coinníollacha a chruthú do mholtaí VIS athbhreithnithe agus MECS;<br>▪ bonneagar oidhreachta a athsholáthar. |
| **Scagadh VIS**<br>seachadadh tionscadail: EiO 2026 (lena n-áirítear FSA) | Teacht i bhfeidhm scagtha. | Forbairt agus tástáil a thabhairt chun críche, ceanglais theicniúla a chur in úsáid. **Garsprioc**: teacht i bhfeidhm. |

### 3.2.2. **Córas Dul Isteach/Imeachta (EES)**

Le EES, déantar nuachóiriú ar bhainistiú na dteorainneacha seachtracha trí **chlárú leictreonach náisiúnach neamh-AE** a thrasnaíonn teorainneacha seachtracha limistéar Schengen le haghaidh gearrfhanachta agus foláirimh maidir le diúltuithe cead isteach a chur in ionad an chleachtais pasanna a stampáil de láimh. Chun próiseáil chuíchóirithe a dhéanamh ar thaistealaithe atá ag teacht isteach, tá seirbhísí gréasáin comhpháirteacha ag EES agus ETIAS d'iompróirí agus do thaistealaithe, rud a fhágann gur féidir bailíocht an údaraithe taistil a sheiceáil roimh dhul ar bord. Tacaíonn uathoibriú na seiceálacha teorann leis na Ballstáit bainistiú a dhéanamh ar shreafaí taistealaithe atá ag dul i méid, agus cabhrú le líon na ngardaí teorann ag pointí trasnaithe a bharrfheabhsú ag an am céanna. Ina theannta sin, le EES is féidir faireachán a dhéanamh ar thréimhsí gearrfhanachta údaraithe trí fhad an fhanachta a ríomh go huathoibríoch agus foláirimh a ghiniúint ar dhul in éag dóibh. Dá réir sin, tacaíonn sé le hinimirce neamhrialta a chosc agus an tslándáil inmheánach a neartú trí chúnamh a thabhairt maidir leis an gcoireacht eagraithe agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac.

**Príomhchuspóirí**

- **oibriú éifeachtach agus leanúnach** de lárchóras EES, lena n-áirítear comhéadan iompróra, bonneagar crua-earraí agus bogearraí a choinneáil cothrom le dáta, ceadúnais agus tacaíocht a athnuachan go tráthúil, tacaíocht do na Ballstáit agus córais náisiúnta á mbainistiú acu;
- **infhaighteacht agus leanúnachas gan bhriseadh** d'úsáideoirí deiridh an chórais i gcomhréir leis na rialacháin ábhartha agus leis na comhaontuithe ábhartha ar leibhéal na seirbhíse;
- **an éabhlóid is gá a chur ar fáil, e.g.: Nascadh EES le ETIAS, seirbhísí gréasáin**;

[54] Sa Treochlár Idir-inoibritheachta athbhreithnithe a ghlac Bord Bainistíochta eu-LISA i mí na Samhna 2025, eisiatar na heilimintí a bhaineann le seachadadh na gcóras le linn 2027 agus 2028, amhail garspriocanna VIS athbhreithnithe agus VAP AE, a ghlacfar i mí Eanáir 2026. *Formhuiníodh Treochlár Idir-inoibritheachta 2027-2028*, preaseisiúint ó eu-LISA, an 19 Nollaig 2025.

- **naisc bhunaithe le** comhpháirteanna idir-inoibritheachta (ESP, SCSC agus MID), agus le CRRS chun tuarascálacha agus staidreamh a chur ar fáil, chomh maith le VIS athbhreithnithe.

## Príomhtháscairí feidhmíochta

| Táscaire feidhmíochta | Sprioc | Bonnlíne (2024) | Foinse |
|---|---|---|---|
| **Infhaighteacht lárchóras EES** | ≥ 99.90 % | *neamhbhainteach* | SLA agus tuarascálacha míosúla seirbhíse |
| **Aga freagartha lárchóras EES** | ≥ 99.55 % | *neamhbhainteach* | SLA agus tuarascálacha míosúla seirbhíse |

## Cúraimí agus tionscadail

| Tasc tionscadail/neamhthionscadail | An toradh a bhfuiltear ag súil leis (toradh) | Cur síos agus garsprioc/garspriocanna |
|---|---|---|
| **Bainistiú oibríochtúil** | | |
| **Cothabháil EES / cothabháil oiriúnaitheach**<br>gnó mar is gnách | Córas lánoibríochtúil agus feidhmiúil lena n-áirithítear ard-infhaighteacht leanúnach agus seachadadh éifeachtúil seirbhíse do na húsáideoirí deiridh i ngach Ballstát, i gcomhréir leis na ceanglais dhlíthiúla is infheidhme. | Cothabháil cheartaitheach, oiriúnaitheach, foirfeach agus choisctheach chun feidhmíocht riachtanach an chórais a áirithiú, lena n-áirítear seiceálacha rialta comhsheasmhachta sonraí. |
| **Seachadadh agus cothabháil seirbhísí gréasáin**<br>gnó mar is gnách | Seirbhísí éifeachtúla, costéifeachtacha agus leanúnacha, feidhmíocht i gcomhréir leis na ceanglais dlí is infheidhme. | Bailchríoch a chur ar sheachadadh na seirbhísí gréasáin agus cothabháil cheartaitheach, oiriúnaitheach, fhoirfeach agus choisctheach chun feidhmíocht riachtanach an chórais a áirithiú, lena n-áirítear seiceálacha rialta comhsheasmhachta sonraí.<br>**Garsprioc 2026:** teacht i bhfeidhm seirbhísí gréasáin agus tús na cothabhála. |
| **Bonneagar EES (lena n-áirítear seirbhísí gréasáin)**<br>gnó mar is gnách | Córas bonneagair atá go hiomlán oibríochtúil agus dea-chothabháilte, lena n-áirítear uasghrádú, trealamh agus teicneolaíocht, a chomhlíonann na caighdeáin agus na sonraíochtaí is gá chun seirbhísí a sheachadadh go héifeachtúil d'úsáideoirí deiridh, agus feidhmíocht an chórais i gcomhréir leis na ceanglais dlí is infheidhme. | Bonneagar an chórais a chothabháil, lena n-áirítear uasghráduithe, trealamh agus teicneolaíocht, a chomhlíonann na caighdeáin agus na sonraíochtaí is gá chun seirbhísí a sheachadadh go héifeachtúil. |

| Idir-inoibritheacht | | |
|---|---|---|
| **Nascadh EES le comhpháirteanna idir-inoibritheachta**<br>seachadadh tionscadail: EiO 2027 (lena n-áirítear FSA) | EES réidh le haghaidh idir-inoibritheachta chun seirbhísí níos cuíchóirithe a chur ar fáil d'úsáideoirí deiridh. | Naisc tástála leis na comhpháirteanna idir-inoibritheachta uile, go háirithe le ESP, SCSC, MID, CRRS, agus VIS Athbhreithnithe.<br>**Garsprioc 2026:** bailchríoch a chur ar dhearadh agus tús na forbartha. |
| **Nascadh EES le ETIAS**<br>seachadadh tionscadail: EiO 2026, FSA 2027 | EES réidh le haghaidh idir-inoibritheachta chun seirbhísí níos cuíchóirithe a chur ar fáil d'úsáideoirí deiridh. | Naisc tástála le ETIAS.<br>**Garsprioc 2026:** teacht i bhfeidhm. |
| **Nascadh seirbhísí gréasáin le VIS Athbhreithnithe**<br>seachadadh tionscadail: EiO 2026, FSA 2027 | Comhlíonadh seirbhísí gréasáin EES/ETIAS Rialacháin VIS Athbhreithnithe. | Feidhmiúlachtaí is gá le haghaidh VIS Athbhreithnithe a chur chun feidhme.<br>**Garsprioc 2026:** teacht i bhfeidhm. |
| **Scagadh EES** | Teacht i bhfeidhm scagtha. | Forbairt agus tástáil a thabhairt chun críche, ceanglais theicniúla a chur in úsáid. |

| Tasc tionscadail/neamhthionscadail | An toradh a bhfuiltear ag súil leis (toradh) | Cur síos agus garsprioc/garspriocanna |
|---|---|---|
| seachadadh tionscadail: EiO / FSA Meitheamh 2026 | | **Garsprioc:** teacht i bhfeidhm. |

### 3.2.3. An Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS)

Is **údarú réamhthaistil ar líne** é ETIAS do náisiúnaigh tríú tír atá díolmhaithe ó cheanglas víosa agus iad ag taisteal chuig limistéar Schengen le haghaidh gearrfhanachta. Chomh maith le nósanna imeachta trasnaithe teorann a chuíchóiriú, déantar comparáid sa chóras scagtha réamhthaistil sin idir faisnéis ar fud na gcóras CGB uile, agus i mbunachar sonraí Europol, chun **rioscaí slándála, rioscaí inimirce neamhdhlíthiúla nó ardrioscaí eipidéime** a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint roimh ré. Seiceálann iompróirí údaruithe ETIAS roimh dhul ar bord, agus seiceálann gardaí teorann iad freisin ag teorainneacha Schengen. Comhlánaíonn an córas EES agus comhroinneann sé seirbhísí gréasáin, le comhéadain ar líne d'iompróirí agus do thaistealaithe.

#### Príomhchuspóirí

- seachadadh agus teacht i bhfeidhm ETIAS;
- oibriú éifeachtach agus leanúnach lárchóras ETIAS, bonneagar crua-earraí agus bogearraí a choinneáil cothrom le dáta, tacú leis na Ballstáit agus aonaid náisiúnta ETIAS á mbainistiú acu;
- infhaighteacht gan bhriseadh agus leanúnachas d'úsáideoirí deiridh an chórais i gcomhréir leis na rialacháin ábhartha agus leis na comhaontuithe ar leibhéal seirbhíse;
- faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí teicneolaíochta nua chun feidhmíocht an chórais a fheabhsú agus comhairle a chur ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit.
- nasc ETIAS le VIS agus comhpháirt idir-inoibritheachta MID a bhunú.

#### Príomhtháscairí feidhmíochta

| Táscaire feidhmíochta | Sprioc | Bonnlíne (2024) | Foinse |
|---|---|---|---|
| **costas** | diall iomlán ≤ 5 % | athrú ar bith | SLA agus tuarascálacha míosúla seirbhíse |
| **sceideal** | diall iomlán ≤ 5 % | athrú ar bith | SLA agus tuarascálacha míosúla seirbhíse |
| **raon feidhme** | athrú ar bith | athrú ar bith | SLA agus tuarascálacha míosúla seirbhíse |

#### Cúraimí agus tionscadail

| Tasc tionscadail/neamhthionscadail | An toradh a bhfuiltear ag súil leis (toradh) | Cur síos agus garsprioc/garspriocanna |
|---|---|---|
| **Bainistiú oibríochtúil** | | |
| **Cothabháil ETIAS/cothabháil oiriúnaitheach**<br>gnó mar is gnách | Córas lánoibríochtúil agus feidhmiúil lena n-áirithítear ard-infhaighteacht leanúnach agus seachadadh éifeachtúil seirbhíse do na húsáideoirí deiridh sna Ballstáit uile i gcomhréir leis na ceanglais dlí is infheidhme. | Cothabháil cheartaitheach, oiriúnaitheach, foirfeach agus choisctheach chun feidhmíocht riachtanach an chórais a áirithiú, lena n-áirítear seiceálacha rialta comhsheasmhachta sonraí. |
| **Bonneagar ETIAS**<br>gnó mar is gnách | Córas bonneagair atá go hiomlán oibríochtúil agus dea-chothabháilte, lena n-áirítear uasghrádú, trealamh agus teicneolaíocht, a chomhlíonann na caighdeáin agus na sonraíochtaí is gá chun seirbhísí a sheachadadh go héifeachtúil d'úsáideoirí deiridh, agus feidhmíocht an chórais i gcomhréir leis na ceanglais dlí is infheidhme. | Bonneagar an chórais a chothabháil, lena n-áirítear uasghráduithe, trealamh agus teicneolaíocht, a chomhlíonann na caighdeáin agus na sonraíochtaí riachtanacha le haghaidh seachadadh éifeachtúil seirbhíse. |

| | | |
|---|---|---|
| **Cur chun feidhme** | | |
| **Cur chun feidhme ETIAS**<br>seachadadh tionscadail: EiO 2026, FSA 2027 | ETIAS go hiomlán oibríochtúil agus ar fáil d'úsáideoirí deiridh. | Cur chun feidhme a thabhairt chun críche<br>**Garsprioc 2026:** teacht i bhfeidhm. |

| Idir-inoibritheacht | | |
|---|---|---|
| **Nascadh ETIAS le VIS, EES Eurodac agus CRRS (lena n-áirítear scagadh)**<br>seachadadh tionscadail: EiO 2026, FSA 2027 | Ullmhacht idir-inoibritheachta chun seirbhísí níos cuíchóirithe a chur ar fáil. | Bailchríoch a chur ar naisc le VIS Athbhreithnithe agus Eurodac, ag tacú le haonaid lárnacha/náisiúnta ETIAS maidir le naisc MID a bhainistiú, lena n-áirítear bainistiú éilimh agus tástáil leis na Ballstáit.<br>**Garsprioc 2026:** teacht i bhfeidhm. |

## 3.3. Imirce agus tearmann

### 3.3.1. An Bunachar Sonraí Eorpach um Dhachtalascópacht Tearmainn (Eurodac)

Is é Eurodac bunachar sonraí an Aontais Eorpaigh de mhéarloirg dhigitithe chun a chinneadh cé acu Ballstát atá freagrach as iarratas ar thearmann a scrúdú. Úsáidtear Eurodac freisin chun céannacht na ndaoine a ghabhtar i dtaca le trasnuithe teorann neamhdhleathacha agus céannacht na ndaoine a fhaightear ag fanacht go neamhdhleathach i limistéar Schengen a shuí. Faoi choinníollacha an-dian, agus mar rogha dheireanach, rochtain arna deonú do ghníomhaireachtaí náisiúnta forfheidhmithe dlí agus do Europol, más gá chun cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha a chosc, a bhrath nó a imscrúdú.

Arna ghlacadh i mí na Bealtaine 2024 mar chuid den **Chomhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann**,[55] le **Rialachán athmhúnlaithe Eurodac** leathnaítear go suntasach raon feidhme an chórais chun sonraí alfa-uimhriúla a thabhairt isteach agus leathnaítear ann na sonraí bithmhéadracha arna socrú ag bithmhéadracht aghaidhe chun feabhas a chur ar bhrath gluaiseachtaí neamhúdaraithe laistigh de limistéar Schengen. Leis an gcomhtháthú le comhpháirteanna idir-inoibritheachta beifear in ann céannachtaí a chuardach agus a chros-seiceáil ar fud na gcóras CGB uile, agus an bunachar sonraí méarlorg atá ann cheana a iompú ina chóras bainistithe tearmainn agus imirce lánfheidhme.[56]

Mar chuid de Phlean Gníomhaíochta Straitéiseach na Gníomhaireachta a glacadh in 2024, tá an bealach nua oibre á phíolótú ag eu-LISA chun Eurodac nua a sheachadadh. Is é an cuspóir atá ann go mbeidh smacht arís ag an nGníomhaireacht ar cheapadh (ailtireacht agus ceanglais) agus ar fhorbairt an chórais nua, chomh maith le héifeachtúlacht a mhéadú agus an t-am chun an réiteach nua a chur ar an margadh a laghdú. Mar chuid den treoirthionscadal seo, déanann an ghníomhaireacht an méid seo a leanas:

- Feabhas a chur ar bhainistiú riachtanas, ag athrú ó sholáthraí seirbhíse go comhpháirtí gnó do na Ballstáit agus don Choimisiún, aiseolas úsáideoirí a ghabháil go réamhghníomhach mar ionchur don táirge deiridh;
- Rialú a fháil ar ais ar bhunú na hailtireachta agus ar na riachtanais don chóras nua;
- Glacadh le cur chuige DevSecOps lena ndéantar uirlisiú iomchuí a ghiaráil, Agile ar scála chun dlús a chur leis an bhforbairt, chomh maith le hoibriú trí fhoirne trasfheidhmiúla;
- Cumais néalríomhaireachta a úsáid le haghaidh chéim forbartha thógáil an réitigh nua, chun riachtanais soláthair le haghaidh bonneagair a laghdú, dlús a chur leis an bhforbairt agus an t-am go dtí an margadh a laghdú;
- An comhar leis na Ballstáit a neartú le linn a bpróiseas tástála gnó.

**Príomhchuspóirí**

- Teacht i bhfeidhm Eurodac nua i mí an Mheithimh 2026 leis an gcomhéadan úsáideora Gréasáin agus raon feidhme an doiciméid um rialú comhéadain chriticiúil (ICD), agus i mí na Nollag 2026 soláthrófar feidhmiúlachtaí iomlána ICD;
- **oibriú éifeachtach agus leanúnach** de lárchóras Eurodac (lena n-áirítear DubliNet), bonneagar crua-earraí agus bogearraí a choinneáil cothrom le dáta, tacú leis na Ballstáit pointí rochtana náisiúnta (NAPanna) a bhainistiú;
- **infhaighteacht gan bhriseadh** agus leanúnachas d'úsáideoirí deiridh an chórais (lena n-áirítear DubliNet) i gcomhréir leis na rialacháin ábhartha agus leis na comhaontuithe ar leibhéal seirbhíse;
- **Rialachán athmhúnlaithe Eurodac** (lena n-áirítear Athmhúnlú DubliNet) a chur chun feidhme agus cothabháil scagtha;
- na **héabhlóidí is gá** a sholáthar chun feabhas leanúnach ar an gcóras a áirithiú;

[55] Le haghaidh tuilleadh faisnéise, féach leathanach tiomnaithe AS HOME maidir le *Comhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann*.
[56] *Rialachán (AE) 2024/1358*, IO L, 2024/1358, 22 Bealtaine 2024.

- **naisc idir-inoibritheachta** a bhunú le ESP agus SCSC, VIS Athbhreithnithe agus ETIAS chun cuardaigh bhithmhéadracha agus alfa-uimhriúla agus cros-seiceáil ar fud chórais faisnéise uile CGB a éascú.

### Príomhtháscairí feidhmíochta

| Táscaire feidhmíochta | Sprioc | Bonnlíne (2024) | Foinse |
|---|---|---|---|
| **Infhaighteacht lárchóras Eurodac** | ≥ 99.99 % | 99.91 % | SLA agus tuarascálacha míosúla seirbhíse |
| **Aga freagartha lárchóras Eurodac** | ≥ 99.45 % | 99.99 % | SLA agus tuarascálacha míosúla seirbhíse |

### Cúraimí agus tionscadail

| Tasc tionscadail/neamhthionscadail | An toradh a bhfuiltear ag súil leis (toradh) | Cur síos agus garsprioc/garspriocanna |
|---|---|---|
| **Bainistiú oibríochtúil** | | |
| **Cothabháil Eurodac / cothabháil oiriúnaitheach**<br>gnó mar is gnách | Córas lánoibríochtúil agus feidhmiúil lena n-áirithítear ard-infhaighteacht leanúnach agus seachadadh éifeachtúil seirbhíse do na húsáideoirí deiridh sna Ballstáit uile i gcomhréir leis na ceanglais dlí is infheidhme. | Cothabháil cheartaitheach, oiriúnaitheach, foirfeach agus choisctheach chun feidhmíocht riachtanach an chórais a áirithiú, lena n-áirítear seiceálacha rialta comhsheasmhachta sonraí. |
| **Bonneagar Eurodac**<br>gnó mar is gnách | Seirbhísí éifeachtúla, costéifeachtacha agus leanúnacha d'úsáideoirí deiridh, le feidhmíocht an chórais i gcomhréir leis na ceanglais dhlíthiúla is infheidhme. | Bonneagar an chórais a chothabháil, lena n-áirítear uasghráduithe, trealamh agus teicneolaíocht, a chomhlíonann na caighdeáin agus na sonraíochtaí is gá chun seirbhísí a sheachadadh go héifeachtúil.<br>**Aschur**: Córas bonneagair lánoibríochtúil dea-chothabháilte, lena n-áirítear uasghrádú, trealamh agus teicneolaíocht, a chomhlíonann na caighdeáin agus na sonraíochtaí is gá chun seirbhísí a sholáthar go héifeachtúil. |
| **Uasghrádú agus éabhlóid (lena n-áirítear idir-inoibritheacht)** | | |
| **Cur chun feidhme nua Eurodac, lena n-áirítear nasc le comhpháirteanna idir-inoibritheachta agus scagadh**<br>seachadadh tionsdadail: seachadfar an chéad phacáiste d'fheidhmiúlachtaí i mí an Mheithimh 2026 (lena n-áirítear nasc le ESP, sBMS, SCSC), agus na feidhmiúlachtaí eile i mí na Nollag 2026, i.e. nasc le VIS, ETIAS, MID, CRRS. FSA 2026-2027. | Eurodac a ailínithe leis na ceanglais a leagtar amach i Rialachán Eurodac Athmhúnlaithe, agus sna rialacháin Idir-inoibritheachta. | Forbairt agus tástáil a thabhairt chun críche, ceanglais theicniúla a chur in úsáid.<br>Ailtireacht Eurodac nua a dhearadh agus a chur in úsáid (lena n-áirítear catagóirí nua, íomhánna den aghaidh, etc.), comhéadan a chruthú idir Eurodac agus comhpháirteanna idir-inoibritheachta (SCSC, CRRS), agus le VIS Athbhreithnithe agus ETIAS freisin. Aistriú sonraí bithmhéadracha chuig sBMS agus bonneagar chuig ardán comhroinnte coiteann.<br>**Garsprioc**: teacht i bhfeidhm na bpríomhfheidhmiúlachtaí go léir. |
| **Athdhearadh/uasghrádú DubliNet tar éis Eurodac nua**<br>seachadadh tionscadail: EiO agus FSA 2026 | Ailíniú leis na caighdeáin teicneolaíochta is déanaí agus slándáil ardleibhéil le haghaidh malartú sonraí. | Bailchríoch a chur ar fhorbairt agus ar thástáil, uasghráduithe a chur in úsáid, lena n-áirítear FSA.<br>**Garsprioc**: teacht i bhfeidhm. |

## 3.4. Comhar maidir le ceartas

### 3.4.1. An Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla (ECRIS)

San Aontas, ní mór ciontuithe roimh ré a chur san áireamh agus pianbhreitheanna coiriúla á dtabhairt. Malartaítear faisnéis faoi thaifid choiriúla tríd an gCóras Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla (ECRIS) ar córas díláraithe é lena soláthraíonn eu-LISA an comhéadan cur chun feidhme tagartha (**ECRIS RI**) ina leith lena gcumasaítear cumarsáid idir cláir taifead coiriúil Bhallstáit an Aontais agus na Ríochta Aontaithe[57]. Le **ECRIS-TCN**, córas láraithe nua amas/gan amas comhlánófar ECRIS le faisnéis faoi thaifid choiriúla náisiúnach tríú tír (TCN) agus daoine gan stát a ciontaíodh san Aontas. Cabhróidh an dá chóras seo le chéile le breithiúna, ionchúisitheoirí agus údaráis ábhartha eile faisnéis chuimsitheach a fháil ar stair choiriúil TCNanna, beag beann ar an mBallstát inar ciontaíodh iad roimhe sin. Mar thoradh air sin, rannchuideoidh siad le prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh ar phianbhreitheanna agus cinntí breithiúnacha a chur chun feidhme sar fud an AE.

#### Príomhchuspóirí

- tús a chur le lódáil sonraí agus teacht i bhfeidhm ECRIS-TCN;
- feidhmiú éifeachtach agus leanúnach lárchóras ECRIS RI agus ECRIS, bonneagar crua-earraí agus bogearraí a choinneáil cothrom le dáta, tacú leis na Ballstáit agus córais náisiúnta ECRIS á mbainistiú acu, lena n-áirítear faireachán rialta ar chruinneas bithmhéadrach (rátaí bréagdheimhneacha/bréagdhiúltacha aitheantais);
- infhaighteacht gan bhriseadh agus leanúnachas d'úsáideoirí deiridh an chórais i gcomhréir leis na rialacháin ábhartha agus leis na comhaontuithe ar leibhéal seirbhíse;
- athscríobh ECRIS RI riachtanach a dhéanamh, faoi réir cistiú a bheith ar fáil;
- nasc a bhunú le VIS Athbhreithnithe agus leis na comhpháirteanna idir-inoibritheachta (MID) agus an uirlis idir-inoibritheachta CRRS atá fágtha;
- cur i bhfeidhm cheanglais an Rialacháin Scagtha a chur i gcrích.

#### Príomhtháscairí feidhmíochta

| Táscaire feidhmíochta | Sprioc | Bonnlíne (2024) | Foinse |
|---|---|---|---|
| **Infhaighteacht lárchóras ECRIS-TCN** | ≥ 97.60 % | *neamhbhainteach* | SLA agus tuarascálacha míosúla seirbhíse |
| **Aga freagartha lárchóras ECRIS-TCN** | ≥ 99.55 % | *neamhbhainteach* | SLA agus tuarascálacha míosúla seirbhíse |

#### Cúraimí agus tionscadail

| Tasc tionscadail/neamhthionscadail | An toradh a bhfuiltear ag súil leis (toradh) | Cur síos agus garsprioc/garspriocanna |
|---|---|---|
| **Bainistiú oibríochtúil** | | |
| **Cothabháil ECRIS RI**<br>gnó mar is gnách | Cothabháil cheartaitheach, oiriúnaitheach, foirfeach agus choisctheach chun feidhmíocht riachtanach an chórais a áirithiú, lena n-áirítear tacaíocht do na Ballstáit. | RI 'mar atá' a chothabháil go dtí go bhforbrófar RI 'le bheith' agus go dtiocfaidh sé i bhfeidhm. Cothabháil cheartaitheach, oiriúnaitheach, foirfeach agus choisctheach chun feidhmíocht riachtanach a áirithiú, tacaíocht san áireamh. |
| **Bonneagar ECRIS-TCN**<br>gnó mar is gnách | Córas bonneagair atá go hiomlán oibríochtúil agus dea-chothabháilte, lena n-áirítear uasghrádú, trealamh agus teicneolaíocht, a chomhlíonann na caighdeáin agus na sonraíochtaí riachtanacha le haghaidh seachadadh éifeachtach seirbhíse i gcomhréir leis na ceanglais dhlíthiúla is infheidhme. | Bonneagar an chórais a chothabháil, lena n-áirítear uasghráduithe, trealamh agus teicneolaíocht, a chomhlíonann na caighdeáin agus na sonraíochtaí is gá chun seirbhísí a sheachadadh go héifeachtúil. |
| **Cur chun feidhme** | | |
| **Cur chun feidhme ECRIS-TCN (lena náirítear scagadh)** | ECRIS-TCN ar fáil do na Ballstáit agus do Ghníomhaireachtaí. Córas lánoibríochtúil agus pobal ECRIS-TCN atá in ann úsáid a bhaint as an gcóras chun faisnéis a mhalartú maidir le | Feidhmiúlachtaí nó gnéithe a thabhairt cothrom le dáta, lena n-ionchorpraítear an dul chun cinn teicneolaíoch agus na dea-chleachtais is |

[57] Tá formhór thíortha an Aontais nasctha faoi láthair le ECRIS trí chur chun feidhme tagartha ECRIS atá á chothabháil ag eu-LISA, agus úsáideann ceithre Bhallstát a réitigh náisiúnta cur chun feidhme (NI) féin.

| Tasc tionscadail/neamhthionscadail | An toradh a bhfuiltear ag súil leis (toradh) | Cur síos agus garsprioc/garspriocanna |
|---|---|---|
| seachadadh tionscadail: EiO 2026 (lena n-áirítear FSA 2026) | ciontuithe TCNanna chomh maith leis an ualach breise a thagann ó na húdaráis scagtha. | déanaí chun feidhmíocht fhoriomlán an chórais agus eispéireas an úsáideora a fheabhsú.<br>**Garspriocanna 2026**:<br>▪ lódáil sonraí rathúil a thacaíonn leis na Ballstáit in S1/26;<br>▪ comhtháthú rathúil leis an Rialachán Scagtha in S2/26;<br>▪ glacadh deiridh córais. |
| **Idir-inoibritheacht** | | |
| **Nascadh ECRIS-TCN le comhpháirteanna idir-inoibritheachta agus VIS Athbhreithnithe**<br>seachadadh tionscadail: EiO 2026, FSA 2027 | Feidhmíocht agus seachadadh seirbhíse feabhsaithe trí naisc idir-inoibritheachta chun seirbhísí cuíchóirithe a chur ar fáil do phobal CGB an Aontais. | Tástáil a thabhairt chun críche agus aistriú i bhfeidhm.<br>**Garsprioc 2026:** teacht i bhfeidhm. |

### 3.4.2. e-CODEX (Cumarsáid r-Cheartais trí Mhalartú Sonraí ar Líne)

Is réiteach díláraithe agus idir-inoibritheach é an córas e-CODEX chun cumarsáid leictreonach shlán a éascú idir údaráis bhreithiúnacha, gairmithe dlí agus saoránaigh in imeachtaí breithiúnacha trasteorann in ábhair shibhialta agus choiriúla, lena n-áirithítear próiseas breithiúnach níos éifeachtúla do shaoránaigh agus do ghnólachtaí ar fud na hEorpa.[58]

**Príomhchuspóirí**

- **oibriú éifeachtach agus leanúnach** an chórais e-CODEX, bonneagar crua-earraí agus bogearraí a choinneáil cothrom le dáta, lena n-áirítear leanúint fhéideartha de chód foinseach nascóirí e-CODEX a atógáil le haghaidh ailíniú le caighdeáin tionscail, slándáil agus stóinseacht fheabhsaithe an chórais, agus tacaíocht d'úsáideoirí;
- **Infhaighteacht riachtanach** seirbhísí agus feidhmíocht éifeachtúil e-CODEX, lena n-áirítear timpeallacht óstála slán atá dírithe ar an idirlíon;
- **caighdeáin nós imeachta dhigiteacha** agus croístór focal r-Cheartais an Aontais a fhorbairt, a chur in úsáid agus a bhainistiú;
- athscríobh nascóirí e-CODEX, agus XSDanna a chothabháil, a nuashonrú agus a fhorbairt [faoi réir cistiú a bheith ar fáil].

**Príomhtháscairí feidhmíochta**

| Táscaire feidhmíochta | Sprioc | Bonnlíne (2024) | Foinse |
|---|---|---|---|
| **infhaighteacht chomhpháirteanna e-CODEX:** | | | |
| **(1) stór e-CODEX** | ≥ 95 % | *neamhbhainteach* | SLR agus tuarascálacha ráithiúla ar theagmhais |
| **(2) uirlis bainistithe cumraíochta** | ≥ 98 % | *neamhbhainteach* | SLR agus tuarascálacha ráithiúla ar theagmhais |
| **(3) an t-ardán lárnach tástála** | ≥ 90 % | *neamhbhainteach* | SLR agus tuarascálacha ráithiúla ar theagmhais |
| **(4) Uirlis BSTF** | ≥ 95 % | *neamhbhainteach* | SLR agus tuarascálacha ráithiúla ar theagmhais |

[58] Le tuilleadh faisnéise a fháil, féach ar **shuíomh gréasáin tiomnaithe e-CODEX de chuid eu-LISA**.

### Cúraimí agus tionscadail

| Tasc tionscadail/neamhthionscadail | An toradh a bhfuiltear ag súil leis (toradh) | Cur síos agus garsprioc/garspriocanna[59] |
|---|---|---|
| **Bainistiú oibríochtúil** | | |
| **Cothabháil e-CODEX**<br>gnó mar is gnách | Cothabháil cheartaitheach, oiriúnaitheach, foirfeach agus choisctheach a chur ar fáil chun feidhmíocht riachtanach an chórais a áirithiú, lena n-áirítear tacaíocht do na Ballstáit freisin. | Cothabháil cheartaitheach, oiriúnaitheach, fhoirfeach agus choisctheach chun an fheidhmíocht riachtanach a áirithiú, lena n-áirítear tacaíocht d'úsáideoirí; leanúint fhéideartha d'atógáil chód foinseach an nascóra. |

### 3.4.3. Ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú (CP JITanna)

Le hardán gcomhair JITanna, éascaítear cumarsáid agus comhoibriú idir údaráis bhreithiúnacha agus údaráis forfheidhmithe dlí Eorpacha, agus gníomhaireachtaí ábhartha an AE (e.g. Europol, Eurojust) agus comhlachtaí an AE (Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE), agus an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) trí éifeachtúlacht agus éifeachtacht imscrúduithe agus ionchúiseamh trasteorann a fheabhsú.[60]

#### Príomhchuspóirí

- **oibriú éifeachtach agus leanúnach** de lárchóras CP JITanna (lena n-áirítear feidhmchlár cumarsáide), bonneagar crua-earraí agus bogearraí a choinneáil cothrom le dáta, tacaíocht d'úsáideoirí;
- **infhaighteacht gan bhriseadh** agus leanúnachas d'úsáideoirí deiridh an chórais i gcomhréir leis na rialacháin ábhartha agus leis na comhaontuithe ar leibhéal seirbhíse.

#### Príomhtháscairí feidhmíochta

| Táscaire feidhmíochta | Sprioc | Bonnlíne (2024) | Foinse |
|---|---|---|---|
| **Infhaighteacht CP JITanna** | ≥ 97.60 % | *neamhbhainteach* | SLA agus tuarascálacha míosúla seirbhíse |

### Cúraimí agus tionscadail

| Tasc tionscadail/ neamhthionscadail | An toradh a bhfuiltear ag súil leis (toradh) | Cur síos agus garsprioc/garspriocanna |
|---|---|---|
| **Cur chun feidhme** | | |
| **CP JITanna**<br>tionscadal: 2026 | Cothabháil cheartaitheach, oiriúnaitheach, fhoirfeach agus choisctheach chun an fheidhmíocht riachtanach a áirithiú, lena n-áirítear tacaíocht d'úsáideoirí agus éabhlóidí a eascraíonn as aiseolas ó úsáideoirí. | Ardán Comhair JIT agus feidhmchlár Cumarsáide a sheachadadh.<br>**Garsprioc 2026:** teacht i bhfeidhm, éabhlóid bheartaithe an ardáin de réir aiseolas ó úsáideoirí. |

[59] Cúraimí cur chun feidhme a liostaítear in *Airteagal 7* de Rialachán (AE) 2022/850 agus *cinneadh cur chun feidhme (AE) 2023/117 ón gCoimisiún*.
[60] *Rialachán (AE) 2023/969* an 10 Bealtaine 2023, IO L 132, 17.5.2023, lgh. 1–20.

## 3.5. Idir-inoibritheacht

Braitheann bainistiú éifeachtúil ar shlándáil inmheánach agus ar theorainneacha seachtracha na hEorpa ar chumas na gcóras TF sonraí agus faisnéis a mhalartú. Chun comhar idir údaráis náisiúnta ar fud na hEorpa a éascú, tá eu-LISA ag forbairt ailtireacht idir-inoibritheachta córas foriomlán do na córais CGB uile atá faoina bhainistíocht: SIS, VIS, Eurodac, EES, ETIAS agus ECRIS-TCN. A luaithe a bheidh sé oibríochtúil, le hidir-inoibritheacht na gcóras sin beifear in ann seirbhísí a sholáthar don phobal CGB ar bhealach níos sofhreagrúla agus níos éifeachtúla, agus slándáil inmheánach an Aontais á treisiú ag an am céanna.

Beidh ailtireacht idir-inoibritheachta CGB an Aontais comhdhéanta de na comhpháirteanna seo a leanas:

- an **tairseach chuardaigh Eorpach** (ESP) trína gcuirtear ar chumas úsáideoirí údaraithe cuardaigh aonair a dhéanamh agus torthaí a fháil ó gach córas faisnéise CGB a bhfuil údarú acu rochtain a fháil orthu;
- an **tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha** (sBMS) chun sonraí aitheantais a chrosmheaitseáil le haitheantóirí bithmhéadracha ar fud na gcóras CGB go léir.
- an **stóras coiteann céannachta** (SCSC), stóras d'fhaisnéis bheathaisnéiseach agus bhithmhéadrach faoi náisiúnaigh tríú tír chun sainaithint iontaofa a áirithiú,
- an **brathadóir ilchéannachtaí** (MID) chun sainaithint cheart taistealaithe bona fide a áirithiú, agus ag an am céanna rannchuidiú le calaois chéannachta a chosc.

Ina theannta sin, tá an **lárstóras um thuairisciú agus staidreamh** (CRRS) á fhorbairt ag eu-LISA freisin chun sonraí staidrimh traschórais agus tuairisciú anailíseach a sholáthar ar gach córas CGB chun críocha beartais, oibríochtúla agus cáilíochta sonraí.

▲ **Fíor 2. Ailtireacht idir-inoibritheachta do réimse CGB an Aontais**




### AISTRIÚCHÁN

| | |
|---|---|
| *MID<br>MULTIPLE-IDENTITY DETECTOR* | *MID<br>MULTIPLE-IDENTITY DETECTOR* |
| *ESP<br>EUROPEAN SEARCH PORTAL* | *ESP<br>EUROPEAN SEARCH PORTAL* |
| *CIR<br>COMMON IDENTITY REPOSITORY* | *CIR<br>COMMON IDENTITY REPOSITORY* |
| *JHA information systems* | *Córais faisnéise CGB* |
| *sBM<br>SHARED BIOMETRIC MATCHING SYSTEM* | *CÓRAS COMHROINNTE MEAITSEÁLA BITHMHÉADRAÍ sBM* |
| *CRRS<br>CENTRAL REPOSITORY FOR REPORTING AND STATISTICS* | *LÁR-STÓRAS CRRS LE HAGHAIDH TUAIRISCIÚ AGUS STAIDREAMH* |

### 3.5.1. Idir-inoibritheacht

#### Príomhchuspóirí

- **oibriú éifeachtach agus leanúnach** comhpháirteanna IO, bonneagar crua-earraí agus bogearraí a choinneáil cothrom le dáta;
- **infhaighteacht gan bhriseadh** agus leanúnachas d'úsáideoirí deiridh an chórais i gcomhréir leis na rialacháin ábhartha agus leis na comhaontuithe ar leibhéal seirbhíse;
- **teacht i bhfeidhm ESP, SCSC agus CRRS le haghaidh ETIAS, ECRIS-TCN**;
- leanúint de **lárchóras le haghaidh réiteach an nasc bhuí (CSLR)** a chur chun feidhme;
- faireachán a dhéanamh ar úsáid iarbhír sBMS le sonraí táirgthe, chun an gá atá le méadú acmhainneachta a chinneadh.

#### Príomhtháscairí feidhmíochta

| Táscaire feidhmíochta | Sprioc | Bonnlíne (2024) | Foinse |
|---|---|---|---|
| **costas** | diall iomlán ≤ 5 % | athrú ar bith | SLA agus tuarascálacha míosúla seirbhíse |
| **sceideal** | diall iomlán ≤ 5 % | athrú ar bith | SLA agus tuarascálacha míosúla seirbhíse |
| **raon feidhme** | athrú ar bith | athrú ar bith | SLA agus tuarascálacha míosúla seirbhíse |

#### Cúraimí agus tionscadail

| Tasc tionscadail/ neamhthionscadail | An toradh a bhfuiltear ag súil leis (toradh) | Cur síos agus garsprioc/garspriocanna |
|---|---|---|
| **Bainistiú oibríochtúil** | | |
| **Cothabháil idir-inoibritheachta** | Cothabháil ar chomhpháirteanna idir-inoibritheachta. | Cothabháil cheartaitheach, oiriúnaitheach, foirfeach agus choisctheach chun feidhmíocht riachtanach an chórais a áirithiú, lena tacaíocht d'úsáideoirí. |
| **Bonneagar idir-inoibritheachta** | Seirbhísí atá go hiomlán oibríochtúil agus éifeachtúil, costéifeachtach agus leanúnach d'úsáideoirí deiridh, agus feidhmíocht an chórais i gcomhréir leis na ceanglais dlí is infheidhme. | Bonneagar an chórais a chothabháil, lena n-áirítear uasghráduithe, trealamh agus teicneolaíocht, a chomhlíonann na caighdeáin agus na sonraíochtaí riachtanacha le haghaidh seachadadh éifeachtúil seirbhíse. |
| **Comhpháirteanna idir-inoibritheachta a chur chun feidhme**<br>seachadadh: EiO le haghaidh ESP, SCSC agus CRRS 2026 (lena n-áirítear FSA)[61] | Cuardaigh éifeachtúla, chórasacha agus rialaithe ar fud na gcóras CGB uile (lena n-áirítear Europol) d'úsáideoirí deiridh údaraithe. Sainaithint cheart céannachta TCNanna le haghaidh údaráis ainmnithe. Sonraí staidrimh traschórais infhaighteachta agus tuairisciú anailíseach le haghaidh cinntí beartais, bainistiú oibríochtúil agus feabhsú cáilíochta sonraí. | Cur chun feidhme an Treochláir Idir-inoibritheachta<br>**Garsprioc 2026:** teacht i bhfeidhm: [62]<br>▪ **ESP:** ETIAS, ECRIS-TCN, Eurodac;<br>▪ **SCSC:** ETIAS, ECRIS-TCN, Eurodac;<br>▪ **CRRS:** ETIAS, ECRIS-TCN, Eurodac. |

[61] Treochlár Idir-inoibritheachta do 2027-2028 le glacadh ag Bord Bainistíochta eu-LISA i mí na Samhna 2025.

[62] Áirítear leis an ngníomhaíocht freisin cur chun feidhme an Stórais Choitinn le haghaidh Sonraí Tagartha (CRRD) / an Stóras Coiteann le haghaidh Liosta na nÚdarás (CRLoA), nach comhpháirt idir-inoibritheachta é ach a thacaíonn le cur chun feidhme croíchóras gnó agus comhpháirteanna idir-inoibritheachta trí fhoinse lárnach fírinne a sholáthar maidir le liostaí údarás agus sonraí tagartha eile e.g. táblaí cóid/córais.

## 3.6. Taighde, nuálaíocht agus forbairt acmhainneachta

### 3.6.1. Monatóireacht taighde agus teicneolaíochta

Déanann an Ghníomhaireacht faireachán gníomhach ar na forbairtí is déanaí sa taighde agus sa teicneolaíocht chun a saineolas gairmiúil a fheabhsú agus chun tacú le forbairt leanúnach cumas inmheánach. Ina theannta sin, eagraíonn eu-LISA gníomhaíochtaí for-rochtana leis an tionscal agus leis an saol acadúil. Leanann an Ghníomhaireacht de thacaíocht a thabhairt **do Mhol Nuálaíochta an Aontais Eorpaigh don tSlándáil Inmheánach**, líonra comhoibríoch chun réitigh éifeachtacha ar an tslándáil inmheánach a sholáthar.[63]

#### Príomhchuspóirí

- tacú le machnamh straitéiseach i réimsí teicneolaíochta atá ábhartha do eu-LISA agus dá phobal páirtithe leasmhara;
- nuálaíocht inmheánach a chumasú, lena n-áirítear réitigh nuálacha a phíolótú agus béim á leagan ar réimsí amhail aitheantas bithmhéadrach, IS, bainistiú céannachta, modhanna agus teicneolaíochtaí forbartha TF, cibearshlándáil;
- gníomhú mar nasc le héiceachóras taighde agus nuálaíochta, lena n-áirítear comhpháirtithe institiúideacha, an tionscal agus an saol acadúil.

#### Príomhtháscairí feidhmíochta

| Táscaire feidhmíochta | Sprioc | Bonnlíne (2024) | Foinse |
|---|---|---|---|
| **Táirgí faireacháin maidir le taighde agus teicneolaíochta:** | | | |
| **a) tuarascálacha faireacháin maidir le taighde agus teicneolaíocht** | ≥ 1 thuarascáil | tuarascáil amháin | tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí |
| **b) coimrí teicneolaíochta[64]** | 2 choimre teicneolaíochta | 2 choimre teicneolaíochta | tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí |
| **c) imeacht/imeachtaí comhchéime tionscail** | ≥1 chruinniú comhchéime tionscail | 2 chruinniú comhchéime | tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí |
| **Cleachtadh fadbhreathnaitheachta straitéisí** | 1 | Ní bhaineann le hábhar | tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí |

#### Cúraimí agus tionscadail

| Tasc tionscadail/ neamhthionscadail | An toradh a bhfuiltear ag súil leis (toradh) | Cur síos agus garsprioc/garspriocanna |
|---|---|---|
| **Monatóireacht taighde agus teicneolaíochta** | | |
| **Faireachán ar thaighde agus ar theicneolaíocht**<br>gnó mar is gnách | Feasacht agus cumais mhéadaithe i gcúrsaí teicniúla chun tacú le héabhlóid na gcóras CGB, agus acmhainneacht mhéadaithe maidir le nuálaíocht chórasach. | Faireachán a dhéanamh ar theicneolaíochtaí nua agus ar theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, trí thuarascálacha faireacháin taighde agus trí chruinnithe comhchéime tionscail. Taighde agus nuálaíocht a aistriú ina bhfeidhmeanna praiticiúla. Rannchuidiú le Clár Réime an Aontais um Thaighde agus um Nuálaíocht, Mol Nuálaíochta an Aontais maidir leis an tSlándáil Inmheánach, agus comhar le hArd-Stiúrthóireacht an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde.<br>**Garsprioc:** imeacht Comhchéime Tionscail amháin, coimrí teicneolaíochta rialta. |
| **Fadbhreathnaitheacht straitéiseach** | Feabhas a chur ar phleanáil straitéiseach agus ar chinnteoireacht trí chumas inmheánach fadbhreathnaitheachta straitéisí. | Gníomhaíochtaí fadbhreathnaitheachta straitéisí a dhéanamh i gcomhréir le modheolaíocht forbartha agus torthaí a chur le cinnteoireacht agus pleanáil straitéiseach.<br>**Garsprioc:** cleachtadh fadbhreathnaitheachta straitéisí amháin a dhéanfar faoi dheireadh 2026 |

[63] Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach ar shuíomh gréasáin *Mhol Nuálaíochta an Aontais Eorpaigh don tSlándáil Inmheánach*.

[64] Feidhmíonn coimrí teicneolaíochta in ionad tuarascálacha faireacháin taighde agus teicneolaíochta toisc go bhfuil an fheidhm chéanna acu.

| Tasc tionscadail/ neamhthionscadail | An toradh a bhfuiltear ag súil leis (toradh) | Cur síos agus garsprioc/garspriocanna |
|---|---|---|
| **Réitigh IS-bhunaithe ar mhaithe le héifeachtúlacht fheabhsaithe**<br>gnó mar is gnách | Éifeachtacht agus éifeachtúlacht fheabhsaithe oibríochtaí agus gníomhaíochtaí corparáideacha trí réitigh atá bunaithe ar an intleacht shaorga a thabhairt isteach. | Saineolas agus cumais a fhorbairt san intleacht shaorga, cásanna úsáide a shainaithint agus a phíolótú chun feidhmíocht eagraíochtúil a fheabhsú. An straitéis um an intleacht shaorga a chur chun feidhme, lena n-áirítear tríd an rialachas le haghaidh na hintleachta saorga a shainiú agus comhlíonadh an Ghnímh um an Intleacht Shaorga a áirithiú<br>**Garsprioc 2026:** is é an toradh a bhíonn ar thástáil phíolótach a dhéanamh ar réitigh intleachta saorga go gcuirtear roinnt réiteach intleachta saorga chun feidhme. |
| **leabharlann eu-LISA**<br>gnó mar is gnách | Bailiúchán coimeádta d’acmhainní digiteacha agus fisiciúla. Rochtain éifeachtúil d’úsáideoirí ar acmhainní atá cothrom le dáta, a mbeidh cinnteoireacht eolasach, comhroinnt eolais fheabhsaithe, agus tacaíocht fheabhsaithe do phríomhghníomhaíochtaí mar thoradh uirthi. | Leabhair, ábhair léitheoireachta, caighdeáin ISO, agus síntiús ábhartha do thréimhseacháin/d’irisleabhair acadúla a cheannach mar chuid de sheirbhísí leabharlainne a chothabháil ag gach suíomh de chuid eu-LISA. |

### 3.6.2. Tuairisciú reachtúil

Déanann an Ghníomhaireacht tuarascálacha feidhmíochta agus staidreamh a tháirgeadh agus a fhoilsiú maidir le húsáid agus feidhmiú teicniúil chórais faisnéise CGB atá faoina sainchúram. Ina theannta sin, déanann eu-LISA liostaí na n-údarás ainmnithe a bhfuil rochtain acu ar chórais CGB a thabhairt cothrom le dáta agus a fhoilsiú go rialta. Rannchuidíonn na sonraí staidrimh maidir le húsáid na gcóras CGB le Baraiméadar Schengen+ arna thiomsú ag an gCoimisiún, agus le tionscnaimh chomhchosúla eile chun feasacht staide agus cumais réamhaisnéise a fheabhsú ar leibhéal an Aontais.

#### Príomhchuspóirí

- staidreamh rialta, tuarascálacha feidhmíochta agus liostaí d’údaráis maidir le córais faisnéise CGB arna mbainistiú ag eu-LISA a thiomsú agus a scaipeadh nó a fhoilsiú;
- staidreamh iarrtha a sholáthar chun tacú le tionscnaimh an Choimisiúin chun rioscaí a shainaithint ar bhealach níos fearr i réimsí na dteorainneacha, na himirce agus an tearmainn, an fhillte, na slándála inmheánaí agus an bheartais víosaí, i.e. tionscadal feasachta staide agus réamhaisnéise, Baraiméadar Schengen+, Líonra an Treoirphlean um bainistiú imirce.

#### Príomhtháscairí feidhmíochta

| Táscaire feidhmíochta | Sprioc | Bonnlíne (2024) | Foinse |
|---|---|---|---|
| **Tuarascálacha ar fheidhmiú teicniúil, staidreamh rialta, liostaí na n-údarás** | Tuarascálacha a chuirtear isteach i gcomhréir le ceanglais dhlíthiúla | Tuarascálacha SIS, VIS agus Eurodac | tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí |

### Cúraimí agus tionscadail

| Tasc tionscadail/ neamhthionscadail | An toradh a bhfuiltear ag súil leis (toradh) | Cur síos agus garsprioc/garspriocanna |
|---|---|---|
| **Tuairisciú reachtúil** | | |
| **Tuairisciú teicniúil agus staidreamh comhiomlán**<br>gnó mar is gnách | Feasacht agus trédhearcacht mhéadaithe i measc an phobail maidir le hoibríochtaí eu-LISA. | Staidreamh comhiomlánaithe agus tuarascálacha feidhmíochta reachtúla maidir le córais CGB a thiomsú agus a fhoilsiú, liostaí d'údaráis a thiomsú agus a thabhairt cothrom le dáta, tacú le páirtithe leasmhara i gcur chun feidhme CRRS.<br>**Garsprioc 2026:** gach tuarascáil reachtúil curtha isteach de réir na gceanglas dlíthiúil. |
| **Rannchuidiú le feasacht staide agus réamhaisnéisiú an Aontais maidir le bainistiú imirce agus slándáil inmheánach**<br>gnó mar is gnách | Feasacht staide agus cumais réamhaisnéise fheabhsaithe ar leibhéal an Aontais i réimsí na dteorainneacha, na himirce agus an tearmainn, an fhillte, na slándála inmheánaí agus an bheartais víosaí. | Staidreamh ábhartha a sholáthar, tacú le páirtithe leasmhara chun táscairí staidrimh atá oiriúnach don fheidhm a shainaithint, sonraí a sholáthar do thionscnaimh líonra an Treoirphlean agus tacú le hathbhreithniú ar aschuir an líonra, lena n-áirítear an Tuarascáil Bhliantúil ar Thearmann agus Imirce.<br>**Garsprioc 2026:** staidreamh agus tacaíocht ábhartha curtha ar fáil do pháirtithe leasmhara. |

## 3.6.3. **Oiliúint do na Ballstáit agus do ghníomhaireachtaí CGB**

Cuireann an Ghníomhaireacht cláir oiliúna shaincheaptha ar fáil do na Ballstáit maidir le feidhmiú teicniúil chórais CGB, atá saincheaptha do na riachtanais shainaitheanta agus do na bearnaí eolais a sainaithníodh leis na Ballstáit, agus ardleibhéal sástachta na rannpháirtithe a choinneáil ar bun.

### Príomhchuspóirí

- gníomhaíochtaí oiliúna saincheaptha a dhearadh agus a chur ar fáil maidir le feidhmiú teicniúil chórais CGB d'fhorfheidhmiú dlí na mBallstát, do bhainistiú teorainneacha, d'imirce agus tearmann, d'údaráis bhreithiúnacha agus do ghníomhaireachtaí CGB;
- comhoibriú le Gníomhaireacht an AE um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL) agus le Frontex chun cúrsaí oiliúna comhpháirteacha a chur ar fáil maidir le córais CGB a úsáid agus saineolas a chomhroinnt i réimsí leasa fhrithpháirtigh.

### Príomhtháscairí feidhmíochta

| Táscaire feidhmíochta | Sprioc | Bonnlíne (2024) | Foinse |
|---|---|---|---|
| **Scór sástachta oiliúna** | > 4 (ar scála 6) | 5.22 | Deais Oiliúna eu-LISA |

### Cúraimí agus tionscadail

| Tasc tionscadail/ neamhthionscadail | An toradh a bhfuiltear ag súil leis (toradh) | Cur síos agus garsprioc/garspriocanna |
|---|---|---|
| **Oiliúint do na Ballstáit** | | |
| **Oiliúint do na Ballstáit agus do ghníomhaireachtaí CGB**<br>gnó mar is gnách | go mbeidh na Ballstáit in ann eolas cothrom le dáta a fháil maidir le feidhmiú teicniúil agus dea-chleachtais a bhaineann le córais CGB arna mbainistiú ag eu-LISA. | Plean oiliúna a dhearadh agus a chur i bhfeidhm bunaithe ar mheasúnú ar riachtanais oiliúna, modhanna seachadta éagsúla (ó chúrsaí duine le duine go cúrsaí ar líne), lena n-áirítear treochtaí tionscail is déanaí agus cineálacha cur chuige nuálacha, an córas bainistíochta foghlama a bhainistiú agus a fhorbairt.<br>**Garsprioc 2026:** plean oiliúna bliantúil a shainiú, a thabhairt cothrom le dáta agus a chur chun feidhme. |

### 3.6.4. **Meastóireachtaí Schengen**

Braitheann feidhmiú éifeachtach limistéar Schengen ar chreat casta rialála, beartais agus rialachais. Chun tacú leis na Ballstáit *acquis* Schengen a chur chun feidhme go cuí, rannchuidíonn eu-LISA le **Sásra Meastóireachta agus Faireacháin Schengen** (SEMM) trína shaineolas a sholáthar do mheastóireachtaí Schengen lena ndírítear ar chórais mhórscála TF lena n-áirítear SIS/SIRENE, an comhbheartas víosaí (lena n-áirítear VIS), EES agus ETIAS.[65] Ina theannta sin, tacaíonn an Ghníomhaireacht le meastóireacht théamach bhliantúil Schengen.

#### Príomhchuspóirí

- páirt a ghlacadh i sásra meastóireachta Schengen an Aontais mar bhreathnóir le linn cuairteanna ar an láthair, ag rannchuidiú le tuarascálacha meastóireachta chun cur chun feidhme cuí *acquis* Schengen a áirithiú agus ag cuidiú leis na Ballstáit úsáid níos fearr a bhaint as na córais mhórscála TF.

#### Príomhtháscairí feidhmíochta

| Táscaire feidhmíochta | Sprioc | Bonnlíne (2024) | Foinse |
|---|---|---|---|
| **Tacaíocht do mheastóireachtaí** | Páirt i meastóireachtaí de réir mar a iarradh | 6 | Páirt i meastóireachtaí |

#### Cúraimí agus tionscadail

| Tasc tionscadail/ neamhthionscadail | An toradh a bhfuiltear ag súil leis (toradh) | Cur síos agus garsprioc/garspriocanna |
|---|---|---|
| **Meastóireachtaí Schengen** | | |
| **Meastóireachtaí Schengen** gnó mar is gnách | Cur chun feidhme feabhsaithe cuí *acquis* Schengen. | Iarrataí ar mheastóireacht Schengen ón gCoimisiún a phróiseáil, páirt a ghlacadh mar bhreathnóirí i meastóireachtaí (tacaíocht ar an láthair nó tacaíocht deisce), rannchuidiú le tuarascálacha meastóireachta.<br>**Garsprioc 2026:** Tacaíocht mheastóireachta Schengen curtha ar fáil de réir mar is gá. |

[65] *Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle* maidir le bunú agus oibriú shásra meastóireachta agus faireacháin Schengen.

# 3.7. Bonneagar agus líonraí

## 3.7.1. Bonneagar córas comhroinnte

D'fhonn éifeachtúlacht oibríochtúil, feidhmíocht agus ard-infhaighteacht an bhonneagair a áirithiú do na córais a óstálann feidhmchláir croí-ghnó de chuid eu-LISA, cuireann an Ghníomhaireacht bonneagar coiteann láraithe (CSI) ar fáil mar sheirbhís do gach feidhmchlár gnó lárnach eu-LISA, lena gcumasaítear bainistiú bonneagair níos solúbtha, níos optamaithe agus níos costéifeachtaí trí chomhpháirteanna crua-earraí agus bogearraí caighdeánaithe comhroinnte.

### Príomhchuspóirí

- bainistiú oibríochtúil éifeachtach leanúnach an bhonneagair a áirithiú, go háirithe cothabháil cheartaitheach (lena n-áirítear cothabháil crua-earraí) a sholáthar agus athnuachan tráthúil ceadúnas bogearraí réamhdhéanta tráchtála (COTS) a áirithiú, agus cothabháil oiriúnaitheach in eisiúintí timthriallacha chun COTS a choinneáil ar leibhéal slán cothrom le dáta agus chun meastachán cruinn a dhéanamh ar gach athsholáthar is gá;
- seirbhísí óstála a chur ar fáil do chórais chúltaca Frontex agus EUAA.

### Príomhtháscairí feidhmíochta

| Táscaire feidhmíochta | Sprioc | Bonnlíne (2024) | Foinse |
|---|---|---|---|
| **Infhaighteacht CSI:** | | | |
| **(1) Timpeallachtaí réamhtháirgthe agus timpeallachtaí eile** | ≥ 99.50 % | 99.87 % | SM9 agus tuarascálacha míosúla KPI |
| **(2) Timpeallacht táirgthe** | ≥ 99.99 % | 100 % | SM9 agus tuarascálacha míosúla KPI |

### Cúraimí agus tionscadail

| Tasc tionscadail/ neamhthionscadail | An toradh a bhfuiltear ag súil leis (toradh) | Cur síos agus garsprioc/garspriocanna |
|---|---|---|
| **Bainistiú oibríochtúil** | | |
| **Bonneagar Córas Comhroinnte**<br>gnó mar is gnách | An bonneagar lárnach ina n-óstáiltear an bhainistíocht agus na seirbhísí bonneagair éagsúla le haghaidh na gcroíchóras gnó a chothabháil leis an mbunleibhéal cothabhála ceartaithí lena n-áirítear an tacaíocht díoltóra is gá. Gan an chothabháil bhunúsach sin, ní féidir aon chórais a chur ar fáil do na Ballstáit. | Cothabháil cheartaitheach, athnuachan ceadúnais cothabhála crua-earraí agus bogearraí COTS, lena n-áirítear tacaíocht díoltóra. |
| **Ionaid Sonraí Mhodúlacha - CU agus BCU**<br>gnó mar is gnách | Soláthar acmhainn agus spás an lárionaid sonraí is gá chun na croíchórais ghnó a óstáil agus a oibriú in CU agus BCU. | Réitigh mhodúlacha lárionaid sonraí a dhearadh, a chur chun feidhme agus a sholáthar chun an acmhainneacht TF agus na riachtanais spáis in CU agus BCU a chomhlíonadh. |
| **Bainistiú conartha agus cur i gcrích láithreán BCU - costais reatha**<br>gnó mar is gnách | | Bainistiú agus Cur i bhFeidhm Conarthaí chomh maith le tacaíocht theicniúil don chomhaontú suímh le húdaráis na hOstaire agus conarthaí seirbhíse le soláthraithe áitiúla chun a áirithiú go soláthrófar infhaighteacht agus cothabháil leanúnach shuíomh BCU. |
| **Seirbhísí óstála do Frontex agus do EUAA**<br>gnó mar is gnách | Óstáil éifeachtúil, shlán agus an-infhaighte do chórais chúltaca Frontex agus EUAA i gcomhréir leis na comhaontuithe déthaobhacha faoi seach. | tacaíocht 24/7 agus comhordú ar an láthair a dhéanamh ar theagmhais agus ar shaincheisteanna, cumarsáid agus nuashonruithe rialta. |

### 3.7.2. **Ardáin óstála cliste**

Chun aghaidh a thabhairt ar an ngá atá le fás breise agus le croíchóras gnó óstála a thógáil, a sheachadadh agus a oibriú ar bhealach níos éifeachtúla, sheol eu-LISA an **tionscnamh 'Óstáil Chliste'**, lenar tugadh isteach coincheapa agus teicneolaíochtaí úrscothacha chun córais mhórscála TF a óstáil agus béim á leagan ar phrionsabail 5S an Bhéarla: inscálaitheacht, inbhuanaitheacht, cobhsaíocht, slándáil agus ceannasacht. D'fhonn na seirbhísí teicniúla bunúsacha is gá a sholáthar chun na córais mhórscála TF atá á mbainistiú ag eu-LISA a reáchtáil bainistíonn an Ghníomhaireacht dhá ardán bonneagair:

- **ardán comhroinnte coiteann** (CSP): ardán inscálaithe, solúbtha, caighdeánaithe ar an áitreabh, lena gcuirtear creat atá tíosach ar acmhainní agus forbairt chuíchóirithe agus bainistiú bonneagair oibríochtúil ar fáil (píblíne cur chun úsáide atá dírithe ar DevOps), lena n-áirítear ardleibhéal uathoibrithe (Bonneagar mar Chód);
- **néal-ardán cuimsitheach** (CCP): néal-ardán atá inscálaithe, solúbtha agus slán, bunaithe ar Bhonneagar mar Sheirbhís (IaaS) agus ar Ardán mar Sheirbhís (PaaS), lena gcuirtear socrú níos tapúla agus scálú níos éasca ar thimpeallachtaí feidhmchláir ar fáil, ós rud é nach bhfuil gá le soláthar ná seachadadh crua-earraí.

**Príomhchuspóirí**

- ardán comhroinnte coiteann (CSP) agus néalardán cuimsitheach (CCP) **atá leanúnach agus ar fáil go forleathan** a áirithiú;
- **na héabhlóidí is gá** a sheachadadh chun feidhmíocht, inscálaitheacht agus solúbthacht a bharrfheabhsú, slándáil a fheabhsú agus cumais theicneolaíocha a ailíniú le riachtanais athraitheacha an Aontais agus na mBallstát.

**Príomhtháscairí feidhmíochta**

| Táscaire feidhmíochta | Sprioc | Bonnlíne (2024) | Foinse |
|---|---|---|---|
| **Aga fónaimh CSP** | ≥ 99.99 % | *neamhbhainteach* | Tuarascálacha SLA |
| **Aga fónaimh CCP** | ≥ 99.99 % | *neamhbhainteach* | Tuarascálacha SLA |

**Cúraimí agus tionscadail**

| Tasc neamhthionscadail | An toradh a bhfuiltear ag súil leis (toradh) | Cur síos agus garsprioc/garspriocanna |
|---|---|---|
| **Bainistiú oibríochtúil** | | |
| **Cothabháil CSP**<br>gnó mar is gnách | Ardán éifeachtúil, costéifeachtach agus atá ar fáil go forleathan ar an mbonn, i gcomhréir leis na ceanglais dhlíthiúla is infheidhme. | Cothabháil cheartaitheach, oiriúnaitheach, foirfeach agus choisctheach chun feidhmíocht riachtanach a áirithiú, lena n-áirítear tionscnaimh uathoibrithe agus cleachtais DevOps a chur chun cinn. |
| **Cothabháil CCP**<br>gnó mar is gnách | Néal-ardán éifeachtúil, costéifeachtach agus atá ar fáil go forleathan i gcomhréir leis na ceanglais dhlíthiúla is infheidhme. | Cothabháil cheartaitheach, oiriúnaitheach, foirfeach agus choisctheach chun feidhmíocht riachtanach a áirithiú, lena n-áirítear ailtireacht néalchrios tuirlingthe a bhíonn ag athrú, néalteicneolaíochtaí a thástáil agus a fhíorú. |

### 3.7.3. **Líonra**

Leis an mbonneagar cumarsáide cinntítear go ndéantar **aistriú sonraí slán agus iontaofa** idir na córais CGB atá á mbainistiú ag eu-LISA agus a n-úsáideoirí deiridh sna Ballstáit agus i ngníomhaireachtaí ábhartha an Aontais. Ina theannta sin, soláthraíonn sé an nasc ó phointe go pointe idir príomhshuíomh teicniúil na Gníomhaireachta in Strasbourg (láraonad, CU), agus an láraonad cúltaca (BCU) in St Johann im Pongau, an Ostair.

Baineann an bonneagar cumarsáide úsáid as **líonra TESTA-ng** (Seirbhísí Tras-Eorpacha le haghaidh Teileamaitice idir Riaracháin – glúin nua), lena soláthraítear an líonra cnámh droma atá scartha ón idirlíon poiblí.[66] Ar líonra TESTA-ng, úsáideann eu-LISA trí réimse chun córais CGB a oibriú: Réimse SIS le haghaidh SIS agus SIRENE Mail;[67] réimse VIS le haghaidh VIS agus VIS Mail,[68] EES agus ETIAS, agus EuroDomain le haghaidh Eurodac, DubliNet agus ECRIS-TCN.[69] Nascann na húsáideoirí deiridh le gach réimse ar leithligh (agus scartha go fisiciúil freisin ag áitreabh an úsáideora), trí dhá phointe rochtana lándéanta (TAPanna) ar leith de ghnáth.

I bhfianaise éabhlóid na gcaighdeán teicniúil agus na riachtanas gnó atá ag athrú go tapa, in 2024, chuir Ard-Stiúrthóireacht DIGIT an Choimisiúin, i gcomhar le eu-LISA, tús le dearadh agus forbairt líonra tras-Eorpaigh nua, **TESTA EIRIS** (ardán idirnascachta agus malartaithe don Aontas), chun teacht in ionad líonra TESTA-ng atá ann faoi láthair faoi dheireadh 2027.

### Príomhchuspóirí

- **bonneagar cumarsáide atá ar fáil go forleathan agus atá slán** a sholáthar, lena n-áirítear bainistiú oibríochtúil éifeachtach agus leanúnach ar TAPanna, agus infhaighteacht gan bhriseadh a chur ar fáil d’úsáideoirí deiridh an chórais i gcomhréir leis na rialacháin ábhartha agus leis na comhaontuithe ar leibhéal na seirbhíse;
- bainistiú oibríochtúil éifeachtach agus leanúnach ar **an dara sraith chriptiúcháin ar bhonneagar cumarsáide SIS agus VIS** chun cosc a chur ar chomhlachtaí seachtracha (e.g. soláthraí TESTA-ng) rochtain a bheith acu ar shonraí íogaire agus chun cosc a chur ar léamh, ar chóipeáil, ar mhodhnú nó ar scriosadh neamhúdaraithe sonraí pearsanta le linn aistrithe.

### Príomhtháscairí feidhmíochta

| Táscaire feidhmíochta | Sprioc | Bonnlíne (2024) | Foinse |
|---|---|---|---|
| **Infhaighteacht an Líonra Achair Fhairsing (WAN)**<br>**(le haghaidh SIS agus VIS)**[70] | ≥ 99.99 % | 99.99 % | Tuarascáil infhaighteachta TESTA-ng |

### Cúraimí agus tionscadail

| Tasc tionscadail/ neamhthionscadail | An toradh a bhfuiltear ag súil leis (toradh) | Cur síos agus garsprioc/garspriocanna |
|---|---|---|
| **Bainistiú oibríochtúil** | | |
| **Bonneagar cumarsáide**<br>gnó mar is gnách | Is féidir leis na Ballstáit agus leis na gníomhaireachtaí a bhaineann úsáid as na córais é sin a dhéanamh trí úsáid a bhaint as bonneagar cumarsáide atá slán agus atá ar fáil go forleathan. | Bonneagar cumarsáide atá ar fáil go forleathan agus slán do chórais CGB an Aontais arna mbainistiú ag eu-LISA. Oibriú bonneagair, bainistiú athruithe (lena n-áirítear TAPanna), tacaíocht d’úsáideoirí: Faireachán ar bhonneagar 24/7, iarrataí/teagmhais a láimhseáil; cothabháil cheartaitheach, oiriúnaitheach, foirfeach agus choisctheach, lena n-áirítear athnuachan ceadúnais, cothabháil crua-earraí agus bogearraí COTS, réitigh an dara sraith chriptiúcháin SIS/VIS a oibriú. |

[66] Is í Ard-Stiúrthóireacht na Seirbhísí Digiteacha (DIGIT) sa Choimisiún a bhainistíonn an conradh soláthair seirbhíse líonra TESTA-ng.

[67] **SIRENE Mail**: sásra cumarsáide ar úsáideann *Biúrónna Náisiúnta SIRENE* é le haghaidh faisnéis fhorlíontach a bhaineann le foláirimh SIS.

[68] **VIS Mail**: sásra malartaithe faisnéise ar úsáideann údaráis víosaí náisiúnta é chun dul i gcomhairle maidir le hiarratais ar víosaí Schengen.

[69] Bainfidh an Ghníomhaireacht úsáid as comhpháirteanna idir-inoibritheachta i ngach ceann de na trí réimse.

[70] Maidir le réimse SIS agus VIS amháin; Ard-Stiúrthóireacht na Seirbhísí Digiteacha (DIGIT) de chuid an Choimisiúin a dhéanann maoirseacht ar tháscaire EuroDomain.

# 3.8. Tacaíocht dhíreach d'oibríochtaí

## 3.8.1. Oibríochtaí córais

Chun infhaighteacht leanúnach agus athléimneacht chórais faisnéise CGB atá faoina sainchúram a áirithiú, cuireann an Ghníomhaireacht **bainistiú oibríochtúil 24/7, seirbhísí tacaíochta agus innealtóireacht feidhmchláir ar fáil,** lena n-áirítear faireachán agus inbhreathnaitheacht, an chéad fhreagairt agus comhordú teagmhas, cumarsáid agus géarú, láimhseáil iarrataí ar sheirbhísí, cibearchosaint, bainistiú teagmhas agus fadhbanna, innealtóireacht feidhmchlár. Chun oibriú éifeachtach a áirithiú, coinníonn an Ghníomhaireacht **uirlisí éagsúla oibríochtúla agus bainistithe seirbhíse TF (BSTF)** ar bun freisin.

### Príomhchuspóirí

- bainistiú oibríochtúil leanúnach agus ar ardchaighdeán a chur ar fáil agus tacaíocht a thabhairt do chórais agus d'úsáideoirí CGB;
- athléimneacht na gcóras CGB trí fhaireachán agus inbhreathnaitheacht 24/7, cibearchosaint agus an chéad fhreagairt ar theagmhais;
- tacaíocht theicniúil leanúnach a chur ar fáil do thionscadail chun córais nua a chomhtháthú;
- feabhas a chur ar na huirlisí is gá chun feabhas a chur ar fhreagrúlacht agus ar cháilíocht oibriú agus fheidhmíocht an chórais faireacháin, lena n-áirítear cothabháil agus éabhlóid na huirlise bainistithe seirbhíse TF (BSTF), an Lámhleabhair Ríomhoibreora (eOPM), an réitigh faireacháin chomhtháite aonair (SiMS) agus an chórais bainistithe imeachtaí (EMS).

### Príomhtháscairí feidhmíochta

| Táscaire feidhmíochta | Sprioc | Bonnlíne (2024) | Foinse |
|---|---|---|---|
| **Sástacht custaiméirí** (% de na húsáideoirí deiridh sásta/an-sásta leis an tseirbhís a chuirtear ar fáil) | ≥ 80 % | 97.8 % | suirbhé bliantúil ar shásamh custaiméirí |
| **Feidhmíocht dheasc freastail eu-LISA** | ≥ 80 % | 95 % | tuarascáil feidhmíochta dheasc freastail |

### Cúraimí agus tionscadail

| Tasc tionscadail/ neamhthionscadail | An toradh a bhfuiltear ag súil leis (toradh) | Cur síos agus garsprioc/garspriocanna |
|---|---|---|
| **Tacaíocht oibríochtúil** | | |
| **Lárionad Seirbhísí Oibríochtaí**<br>gnó mar is gnách | Bainistiú oibríochtúil leanúnach ardcháilíochta agus tacaíocht do chórais agus d'úsáideoirí deiridh CGB de réir SLAnna agus an leibhéil athléimneachta a bhfuiltear ag súil leis. | Faireachán agus inbhreathnaitheacht 24/7/365 ar oibriú agus ar fheidhmíocht chórais CGB a chur ar fáil, an chéad fhreagairt ar theagmhais, deasc freastail na n-úsáideoirí deiridh, láimhseáil na n-iarrataí ar sheirbhísí, comhordú teagmhas agus fadhbanna.<br>**Garsprioc:** lámhleabhair oibreora cothrom le dáta, EiO de Chreat Oibríochtaí Réiteach do chomhpháirteanna idir-inoibritheachta, VIS Athbhreithnithe agus Eurodac Athmhúnlaithe. |
| **Oibríochtaí agus cothabháil réiteach**<br>gnó mar is gnách | Seirbhísí éifeachtúla, costéifeachtacha agus leanúnacha d'úsáideoirí deiridh de réir na gceanglas dlí is infheidhme. | Tacaíocht theicniúil leanúnach d'úsáideoirí, teagmhais agus fadhbanna a bhainistiú agus a réiteach, athruithe agus eisiúintí a chur chun feidhme agus a chur in úsáid.<br>**Garsprioc:** EiO maidir le tacaíocht theicniúil de Eurodac Athmhúnlaithe, VIS Athbhreithnithe, comhpháirteanna idir-inoibritheachta. |

## 3.8.2. Aistriú seirbhíse

Ceann de phríomhchúraimí na Gníomhaireachta maidir le tacú le hoibríochtaí córais is ea an rialú cáilíochta, a sholáthraítear trí athrú oibríochtúil, tástáil, aistriú, scaoileadh agus bainistiú imlonnaithe, mar aon le bainistiú saolré feidhmchláir, lena n-áirítear aistriú chuig oibríochtaí.

### Príomhchuspóirí

- tacú le cothabháil oibríochtúil na gcóras CGB uile agus a mbonneagair, lena n-áirítear uasghrádú agus tástáil na gcóras atá ann cheana agus athmhúnluithe criticiúla, tacaíocht oibríochtúil a chur ar fáil d'úsáideoirí deiridh, lena n-áirítear iompróirí;
- uirlisí agus próisis inmheánacha a chomhdhlúthú chun cur chuige níos solúbtha a ghlacadh maidir le scaoileadh, athrú oibríochtúil agus bainistiú tástála/cáilíochta.

### Príomhtháscairí feidhmíochta

| Táscaire feidhmíochta | Sprioc | Bonnlíne (2024) | Foinse |
|---|---|---|---|
| **Athruithe oibríochtúla curtha chun feidhme sa timpeallacht táirgthe** | > 75 % | *75 %* | Tuarascáil inmheánach |
| **Tacaíocht d'úsáideoirí deiridh le linn tástála** | ≥ 95 % de na ticéid a freagraíodh in < 72h | *neamhbhainteach* | Tuarascálacha SM9 |
| **Infhaighteacht uirlisí DevOps** | > 95 % | *neamhbhainteach* | Tuarascáil inmheánach |

### Cúraimí agus tionscadail

| Tasc tionscadail/ neamhthionscadail | An toradh a bhfuiltear ag súil leis (toradh) | Cur síos agus garsprioc/garspriocanna |
|---|---|---|
| **Aistriú seirbhíse** | | |
| **Bainistiú athraithe oibríochtúil** gnó mar is gnách | Córais oibríochtúla atá cothrom le dáta agus slán i gcomhréir le riachtanais na bpáirtithe leasmhara agus gach athrú teicniúil á gcur chun feidhme gan tionchar a imirt ar fheidhmíocht ná ar infhaighteacht. | Próiseáil ardcháilíochta éifeachtúil chuíchóirithe na n-athruithe oibríochtúla a áirithiú. |
| **Bainistiú eisiúna agus cur chun úsáide** gnó mar is gnách | Córais oibríochtúla atá cothrom le dáta agus slán i gcomhréir le riachtanais na bpáirtithe leasmhara, agus gach eisiúint á gcur chun feidhme gan tionchar a imirt ar fheidhmíocht ná ar infhaighteacht. | Eisiúintí a chur chun feidhme (na paistí agus na feidhmiúlachtaí is déanaí), bainistiú eisiúna níos sofhreagrúla agus níos uathoibrithe, lena n-áirítear tacaíocht d'úsáideoirí. |
| **Teacht i mbun oibríochta** gnó mar is gnách | Córais nua TF ag oibriú go rathúil sa timpeallacht táirgthe, i gcomhréir leis na ceanglais dhlíthiúla is infheidhme. | An t-aistriú a chomhordú (ullmhú, teacht i bhfeidhm, glacadh deiridh an chórais), agus measúnú a dhéanamh ar ullmhacht, lena n-áirítear tacaíocht d'úsáideoirí. |
| **Uathoibriú agus uirlisiú** | | |
| **Uirlisí seirbhíse oibríochtúla trasnacha** gnó mar is gnách | Próiseas éifeachtúil réitigh oibríochtúil trí uirlisí seirbhíse oibríochtúla atá cothrom le dáta, iontaofa, éifeachtach agus ar fáil go leanúnach. | Cothabháil cheartaitheach, choiscitheach, oiriúnaitheach agus foirfeach ar tháirgí agus uirlisí seirbhíse oibríochtúla, lena n-áirítear bainistiú ceadúnais, riarachán teicniúil agus saincheapadh, tacaíocht d'úsáideoirí. |
| **Teicneolaíocht agus innealtóireacht bogearraí** | | |
| **Bainistiú tástála** gnó mar is gnách | Dearbhú go seachadann táirgí agus seirbhísí an luach beartaithe; laghdú ar mhinicíocht teagmhas agus feabhas ar chobhsaíocht; feabhas ar shástacht chustaiméirí. Na córais, na táirgí agus na seirbhísí go léir seachadta leis an gcáilíocht, leis an luach agus leis an gcobhsaíocht atá beartaithe. | Measúnú saineolach a chur ar fáil maidir leis an gcur chuige tástála, na cleachtais, na huirlisí is oiriúnaí a ghlacadh, agus faisnéis agus oiliúint a chur ar fáil d'úsáideoirí deiridh ag an am céanna. Feachtais tástála a phleanáil, a dhearadh, athbhreithniú a dhéanamh orthu agus iad a chur chun feidhme le haghaidh na n-oibríochtaí cothabhála córas TF go léir (cothabháil cheartaitheach agus oiriúnaitheach). |
| **Innealtóireacht bogearraí** gnó mar is gnách | Cáilíocht fheabhsaithe na gcroíchóras gnó curtha ar fáil. | Cáilíocht na mbogearraí riachtanacha a áirithiú (i.e. dearadh feidhmchláir, cáilíocht cód foinseach), bainistiú a dhéanamh ar phíblínte tógála agus cur in úsáid inmheánacha le huirlisí DevOps, agus Catalóg TF agus próisis caighdeán idirdhisciplíneacha. |

### 3.8.3. **Slándáil, cibearshlándáil agus leanúnachas gnó**

D'fhonn feidhmiú slán na gcóras faisnéise CGB a áirithiú, lena n-áirítear leibhéal iomchuí slándála sonraí agus fisiciúla, déanann an Ghníomhaireacht faireachán agus bainistiú leanúnach ar rioscaí slándála agus áirithíonn sí go bhfuil na rialuithe slándála seanbhunaithe do na córais TF a chuirtear de chúram ar eu-LISA agus ar a líonra cumarsáide éifeachtach, agus curtha chun feidhme agus bainistithe de réir mar is ceart, lena n-áirítear bearta cibearshlándála a fheabhsú agus a fheabhsú go leanúnach.

#### Príomhchuspóirí

- an leibhéal is airde comhlíontachta le creat rialála agus caighdeáin slándála an Aontais a áirithiú trí chur chuige 'cosaint dhomhain' a chur i bhfeidhm maidir le gach córas CGB ar mhaithe le hathléimneacht i leith teagmhas agus cibirionsaithe;
- feabhas leanúnach a chur ar chreat slándála agus ar chumais slándála eu-LISA trí fheabhas a chur ar uirlisí agus próisis ábhartha, lena n-áirítear réiteach maidir le faisnéis slándála agus bainistiú imeachtaí (SIEM) i gcomhar le CERT-EU (an tSeirbhís Cibearshlándála d'institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais) chun tacú le faireachán a dhéanamh ar theagmhais slándála agus freagairt orthu mar gheall ar thimpeallacht na mbagairtí atá ag teacht chun cinn;
- seirbhísí dearbhaithe slándála a sholáthar chun seasamh slándála na gcóras TF uile a fheabhsú, ag díriú ar shainaithint leochaileachtaí agus lochtanna, paisteáil agus cruachan córas a fheabhsú;
- staid chibearshlándála eu-LISA a fheabhsú, cibearchosaintí a neartú, agus dlús a chur le cumais chun cibearoibríochtaí a bhrath agus freagairt dóibh go pras;
- malartú rialta eolais agus dea-chleachtas maidir le hábhair a bhaineann le cibearshlándáil agus le leanúnachas gnó.

#### Príomhtháscairí feidhmíochta

| Táscaire feidhmíochta | Sprioc | Bonnlíne (2024) | Foinse |
|---|---|---|---|
| **Cuspóirí slándála reachtúla curtha chun feidhme** | 100 % | 100 % | deais dearbhaithe slándála |
| **Measúnuithe riosca slándála déanta in aghaidh córas** | 100 % | 100 % | deais dearbhaithe slándála |

#### Cúraimí agus tionscadail

| Tasc tionscadail/ neamhthionscadail | An toradh a bhfuiltear ag súil leis (toradh) | Cur síos agus garsprioc/garspriocanna |
|---|---|---|
| **Slándáil, cibearshlándáil agus leanúnachas gnó** | | |
| **Leanúnachas gnó oibríochtúil**<br>gnó mar is gnách | Seirbhísí athléimneacha agus leanúnacha do chórais CGB agus do bhonneagar cumarsáide an Aontais de réir ceanglais dhlíthiúla. | Measúnuithe tionchair gnó a reáchtáil agus a athbhreithniú, bainistiú riosca, lena n-áirítear pleananna leanúnachais gnó a bhaineann go sonrach leis an gcóras, rialuithe, cleachtaí slándála, moltaí iniúchóireachta a chur chun feidhme agus tuarascálacha cleachtaidh. |
| **Seirbhísí slándála TF bainistithe**<br>gnó mar is gnách | Seirbhísí slándála TF le haghaidh bonneagar corparáideach atá éifeachtúil, slán agus bainistithe go leanúnach. | Faireachán a dhéanamh ar leochaileachtaí agus staidiúir slándála maidir le bonneagar TF (lena n-áirítear críochphointí agus pointí rochtana ar an líonra corparáideach), rioscaí agus teagmhais a bhainistiú, measúnuithe a dhéanamh. |
| **Slándáil faisnéise agus dearbhú**<br>gnó mar is gnách | Seasamh slándála faisnéise atá cothrom le dáta i gcomhréir le dea-chleachtais na gcaighdeán gnó agus le ceanglais dhlíthiúla. | Maoirseacht a dhéanamh ar an gcóras bainistithe slándála faisnéise (ISMS), ar ailtireacht slándála agus ar thástáil slándála, agus feabhas a chur ar an gcreat slándála (lena n-áirítear measúnuithe riosca, moltaí iniúchóireachta a chur chun feidhme). |
| **Cibearshlándáil**<br>gnó mar is gnách | Seasamh cibearshlándála cothrom le dáta i gcomhréir le ceanglais dhlíthiúla, treoir CERT-EU, caighdeáin idirnáisiúnta agus dea-chleachtais chun leanúint de bheith ina choimeádaí iontaofa faisnéise íogaire a chuirtear de chúram ar eu-LISA. | Faireachán agus bainistiú a dhéanamh ar theagmhais tríd an bhfoireann freagartha do theagmhais chibearshlándála (CSIRT) a oibriú, bagairtí, rioscaí agus leochaileachtaí a mhaolú, lena n-áirítear bainistiú céannachta agus rochtana, faisnéis slándála agus bainistiú imeachtaí (SIEM). |

| | | |
|---|---|---|
| **Cleachtaí leanúnachais gnó**<br>seachadadh tionscadail: 2026 | Seasamh slándála feabhsaithe, athléimneacht agus infhaighteacht gach córais i gcomhréir le ceanglais dhlíthiúla, le caighdeáin ghnó agus le dea-chleachtais | Tástáil ar rialuithe, nósanna imeachta agus próisis shonracha a cuireadh i bhfeidhm le haghaidh leanúnachas gnó, athshlánú ó thubaiste, slándáil, bainistiú teagmhas a bhaineann le córais CGB, lena n-áirítear tuairisciú le moltaí feabhsúcháin.<br>**Garsprioc:** an cleachtadh a chur i gcrích. |

### 3.8.4. Tacaíocht don Choimisiún agus do na Ballstáit

Tacaíonn an Ghníomhaireacht leis na Ballstáit, leis an gCoimisiún, agus le gníomhaireachtaí ábhartha eile de chuid an Aontais maidir le córais faisnéise CGB a ullmhú, a fhorbairt agus a oibríochtú. Leanfaidh an Ghníomhaireacht de bheith ag bainistiú agus ag forbairt tuilleadh na gcóras TF faoina sainordú, agus tascanna agus seirbhísí a leagtar síos sna rialacháin is infheidhme á seachadadh aici, lena n-áirítear oiliúint rialta do gach úsáideoir deiridh maidir le húsáid theicniúil córas CGB.

**Príomhchuspóirí**

- tacaíocht do na Ballstáit, don Choimisiún agus do ghníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais maidir le córais CGB a ullmhú, a fhorbairt nó a oibríochtú, de réir Airteagal 9 agus Airteagal 16 de Rialachán bunaidh eu-LISA.

### 3.8.5. Grúpaí Comhairleacha, cruinnithe agus misin

Tacaíonn an Ghníomhaireacht le hobair chomhlachtaí rialachais eu-LISA agus comhordaíonn sí an obair sin trí chruinnithe a eagrú le Grúpaí Comhairleacha, le Boird Bainistíochta Clár, agus freisin le meithleacha éagsúla eile comhair agus oibre, chun a gcuid oibre laethúla agus a bpléítí a chomhordú agus chun ailíniú le riachtanais na bpáirtithe leasmhara a áirithiú.

**Príomhchuspóirí**

- tacaíocht ardcháilíochta a chur ar fáil do na Grúpaí Comhairleacha agus do na Boird Bainistíochta Cláir uile a d'fhéadfadh a bheith ann, lena n-áirítear grúpaí oibre agus comhair, ceardlanna teicniúla agus cruinnithe tiomnaithe ad hoc leis na Ballstáit.

**Príomhtháscairí feidhmíochta**

| Táscaire feidhmíochta | Sprioc | Bonnlíne (2024) | Foinse |
|---|---|---|---|
| **Suirbhé sástachta páirtithe leasmhara** | > 70 % | 98.80 % | Suirbhé sástachta geallsealbhóirí |

**Cúraimí agus tionscadail**

| Tasc tionscadail/ neamhthionscadail | An toradh a bhfuiltear ag súil leis (toradh) | Cur síos agus garsprioc/garspriocanna |
|---|---|---|
| **Grúpaí Comhairleacha, cruinnithe agus misin** | | |
| **Tacaíocht riaracháin do Ghrúpaí Comhairleacha**<br>gnó mar is gnách | Comhlíonann sé riachtanais na bpáirtithe leasmhara i gcomhréir le ceanglais dhlíthiúla agus rialacha nós imeachta na gcomhlachtaí rialaithe. | Cruinnithe a chomhordú, tacú le hidirchaidreamh agus cumarsáid rialta, faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme cinntí agus ar thorthaí cruinnithe. |
| **Tacaíocht riaracháin do chruinnithe agus do mhisin eile**<br>gnó mar is gnách | Comhlíonann an tacaíocht riachtanais inmheánacha na bpáirtithe leasmhara, eagraítear gach cruinniú agus misean go héifeachtúil de réir rialacha agus rialachán. | Tacú le misin a bhaineann le córais TF atá faoina shainordú agus iad a chomhordú, lena n-áirítear comhdhálacha, imeachtaí, cruinnithe comhchéime tionscail, cruinnithe rialta agus cruinnithe ad hoc. |

## 3.9. Gníomhaíochtaí corparáideacha

### 3.9.1. Rialachas

#### Rialachas agus comhlíonadh

#### Príomhchuspóirí

- a áirithiú go ndéanfar acmhainní, seirbhísí agus próisis, agus cumais eu-LISA a ailíniú lena chuspóirí straitéiseacha, a chreat rialachais a threisiú, agus cinnteoireacht bunaithe ar shonraí a chothú;
- cumais rialaithe inmheánaigh agus bainistithe cáilíochta a neartú, agus comhlíonadh na gceanglas uile is infheidhme maidir le rialú inmheánach agus cosaint sonraí a áirithiú, lena n-áirítear aghaidh a thabhairt ar thorthaí agus ar mholtaí iniúchtaí éagsúla;
- dea-chleachtais rialachais a chur chun feidhme i gcomhréir le hoibleagáidí dlíthiúla agus dearbhú a sholáthar do na páirtithe leasmhara uile maidir le feidhmíocht na Gníomhaireachta agus le baint amach cuspóirí;
- ailtireacht fiontair a chur chun feidhme, ag díriú ar ailíniú optamach na dtionscnamh ailtireachta agus feabhsúcháin;
- tacú leis an mBord Bainistíochta agus leis an Stiúrthóir Feidhmiúcháin trí dhearbhú, comhairle, léargas agus fadbhreathnaitheacht neamhspleách, rioscabhunaithe agus oibiachtúil a chur ar fáil.

#### Príomhtháscairí feidhmíochta

| Táscaire feidhmíochta | Sprioc | Bonnlíne (2024) | Foinse |
|---|---|---|---|
| **Feidhmíocht na dtionscadal curtha i gcrích i gcomparáid leis an mbuiséad tosaigh agus leis an sceideal** | diall an bhuiséid: ≤ 10 %<br>diall an sceidil: < 15 % | *neamhbhainteach* | tuarascálacha tionscadail agus cláir |
| **Seachadadh iniúchta:** Céatadán den phlean iniúchóireachta inmheánaí bliantúil curtha chun feidhme | 90 % | *neamhbhainteach* | Tuarascáil bhliantúil IAC ar ghníomhaíochtaí |
| **Sástacht na bpáirtithe leasmhara le hiniúchadh inmheánach:** | 90 % seachtrach / 80 % inmheánach | *neamhbhainteach* | Tuarascáil bhliantúil IAC ar ghníomhaíochtaí |
| **Comhairliúcháin MECS a láimhseáiltear agus a chomhlíontar in aghaidh na bliana** | ≥ 60 % | *neamhbhainteach* | Tuarascáil ar ghníomhaíochtaí DPO |

#### Cúraimí agus tionscadail

| Tasc tionscadail/ neamhthionscadail | An toradh a bhfuiltear ag súil leis (toradh) | Cur síos agus garsprioc/garspriocanna |
|---|---|---|
| **Rialachas** | | |
| **Rialachas, comhlíonadh agus bainistiú cáilíochta**<br>gnó mar is gnách | Feidhmíocht fheabhsaithe agus chomhlíontach rialachas eu-LISA, dearbhú cáilíochta feabhsaithe maidir le hoibríochtaí eu-LISA agus cuspóirí straitéiseacha bainte amach i gcomhréir le ceanglais reachtúla. | Faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht na bpróiseas rialachais, na feidhmíochta agus na rialuithe inmheánacha agus feabhas a chur orthu, córas bainistithe cáilíochta a chur chun feidhme, an straitéis fhadtéarmach, gníomhaíochtaí clársceidealaithe agus tuairiscithe a thabhairt cothrom le dáta agus a chomhordú. |
| **Bainistiú cláir agus tionscadail**<br>gnó mar is gnách | straitéis fhadtéarmach eu-LISA agus cur i bhfeidhm tionscadal ailínithe, agus cuspóirí seachadta de réir na cáilíochta is gá. | Cumas bainistithe clár agus tionscadal a fhorbairt, lena n-áirítear meastóireachtaí agus dearbhú cáilíochta, próisis agus Creat Solúbtha Scálaithe. |
| **Bainistiú seirbhíse agus próisis eu-LISA**<br>gnó mar is gnách | Próisis éifeachtúla chaighdeánaithe atá cothrom le dáta agus soláthar ardcháilíochta seirbhísí i gcomhréir le riachtanais na bpáirtithe leasmhara. | Faireachán agus bainistiú a dhéanamh ar chatalóg táirgí agus seirbhísí agus feabhas a chur ar bhainistiú eolais agus ar chlár CSI, lena n-áirítear digitiú agus uathoibriú an bhainistithe. |

| Tasc tionscadail/ neamhthionscadail | An toradh a bhfuiltear ag súil leis (toradh) | Cur síos agus garsprioc/garspriocanna |
|---|---|---|
| **Líon iomlán na foirne seachtraí** | **182** | **160.9** | **88.41 %** | **163** | **204** | **208** | **206.5** |
| **LÍON IOMLÁN NA FOIRNE** | **421** | **372.9** | **88.57 %** | **375** | **473** | **477** | **480.5** |

### B. Foireann bhreise a bhfuiltear ag súil leis go ndéanfar iad a mhaoiniú ó dheontas, ó ranníocaíochtaí nó ó chomhaontuithe ar leibhéal seirbhíse

[80] Is baill foirne reachtúla iad TAnna a dhéanann cúraimí a bhaineann le croí-shainordú na Gníomhaireachta agus ní féidir cúraimí den sórt sin a sheachfhoinsiú.

[81] Ní chuirtear san áireamh sa ráta áitíochta ach poist údaraithe agus foireann fhostaithe amhail an 31 Nollaig 2023. Chun forléargas níos mionsonraithe a fháil, féach Iarscríbhinn V, lena n-áirítear miondealú ar phoist údaraithe, tairiscintí poist eisithe agus poist atá ar fáil le haghaidh earcaíochta.

[82] Áirítear leis an líon sin laghdú ar phost TA amháin le haghaidh VIS Athmhúnlaithe mar a comhaontaíodh leis an gCoimisiún Eorpach.

[83] Is iondúil go n-oibríonn CAnna ar thionscadail shonracha ar feadh téarma seasta, nó chun bearnaí sealadacha a chumhdach le linn neamhláithreachtaí fadtéarmacha nó ualach oibre méadaithe ar feadh tréimhsí teoranta. Cuireann údaráis náisiúnta Bhallstáit an Aontais SNInna chuig eu-LISA le haghaidh cúraimí speisialaithe chun ailíniú oibríochtaí agus sheirbhísí na Gníomhaireachta le riachtanais na n-úsáideoirí deiridh a áirithiú.

[84] Áirítear leis an líon sin laghdú de thrí phost CA do VIS Athmhúnlaithe mar a comhaontaíodh leis an gCoimisiún Eorpach.

Go dtí deireadh 2028, maoineoidh eu-LISA roinnt post seachtrach (CA) tríd an gComhaontú Ranníocaíochta a bhaineann le hardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú a fhorbairt agus a chothabháil ina dhiaidh sin.

**▲ Tábla 8. Baill foirne a bhfuiltear ag súil leis go ndéanfar iad a mhaoiniú ó chomhaontú ranníocaíochta CP JITanna**

| Foireann bhreise atá beartaithe | 2025 | 2026 | 2027 | 2028 |
|---|---|---|---|---|
| **gníomhairí ar conradh (CA)** | - | 2 | 2 | 2 |
| **gníomhairí sealadacha (TA)**[85] | 8 | 8 | 8 | 8 |
| **saineolaithe náisiúnta ar iasacht (SNInna)** | - | - | - | - |
| **IOMLÁN** | **8** | **10** | **10** | **10** |

## C. Acmhainní daonna eile

### Soláthraithe struchtúracha seirbhísí[86]

leanann eu-LISA d'úsáid a bhaint as soláthraithe seirbhísí struchtúracha (tacaíocht sheachtrach) chun seirbhísí nó tionscadail a sholáthar nach raibh an Ghníomhaireacht in ann a chumhdach le foireann reachtúil mar gheall ar acmhainní daonna nó buiséadacha neamhleora, cáilíochtaí speisialaithe riachtanacha, nó eolas nach raibh ar fáil go hinmheánach.

Tá príomh-chreatchonradh amháin ag an nGníomhaireacht faoi láthair chun cúnamh seachtrach a sholáthar do eu-LISA (LISA-2022-OP-04; EXTRA-NG); lena gcuirtear ar chumas eu-LISA seirbhísí struchtúracha a fhoinsiú ag brath ar chineál na gcúraimí nó na ngníomhaíochtaí seachfhoinsithe.

Ina theannta sin, is féidir leis an nGníomhaireacht soláthraithe seirbhísí struchtúracha a bhfuil saineolas speisialaithe acu a fhoinsiú freisin. Chun na críche sin, úsáidtear an Creatchonradh Innealtóireachta Trasnaí (LISA-2019-OP-01; TEF) atá deartha chun seirbhís deartha, forbartha, bonneagair agus tástála a sholáthar; agus an Creatchonradh Oibríochtaí Trasnaí (LISA-2021-OP-03; TOF) atá deartha chun faireachán agus cothabháil a dhéanamh ar iarratais, ar ardáin agus ar bhonneagar chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais shonracha sin maidir le saineolas speisialaithe.

**▲ Tábla 9. Seirbhísí tacaíochta seachtracha**

| Creatchonradh (FwC) | Fad FwC | Soláthraithe Struchtúracha Seirbhíse: Cineál conartha | Catagóirí próifíle conartha | I bhfeidhm go hiarbhír amhail an 31 Nollaig 2024 |
|---|---|---|---|---|
| **LISA/2022/OP04** | | | | |
| **BEART1: Seirbhísí comhairliúcháin TFC** | 4 bliana (2023–2027) | **TM (am agus acmhainn)** | Seirbhísí comhairliúcháin TFC | 64 |
| | | **QTM (am agus acmhainn luaite)** | | 20 |
| | | **praghas seasta** | | 0 |
| **BEART2: seirbhísí comhairliúcháin neamh-TFC** | 4 bliana (2023–2027) | **TM** | seirbhísí comhairliúcháin neamh-TFC | 0 |
| | | **QTM** | | 59 |
| | | **praghas seasta** | | 0 |
| **LISA/2019/OP01** | | | | |
| **BEART1: tacaíocht deartha, cáilíochta agus comhtháthaithe** | 6 bliana (2020- 2026) | **QTM** | seirbhísí sainchomhairleoireac hta deartha, cáilíochta agus comhtháthaithe | 42 |
| | | | **Iomlán** | **185** |

[85] Ní sholáthraíonn teimpléad SPD ró d'fhoireann shealadach (TA); cuireadh ró leis sa doiciméad seo, toisc go maoineofar na poist seo ó chomhaontú ranníocaíochta CP JITanna.

[86] Ag eu-LISA, tá acmhainní daonna eile ar conradh ag cuideachtaí príobháideacha agus déanann siad cúraimí seachfhoinsithe speisialaithe de chineál cothrománach/tacaíochta nó a bhaineann le seirbhísí comhairliúcháin TFC agus neamh-TFC. Ba cheart na critéir ghinearálta seo a leanas a chomhlíonadh: 1) gan aon chonradh aonair 2) ar áitreabh, le PC + deasc 3 de ghnáth) á leanúint ó thaobh riaracháin (suaitheantas, etc.) agus 4) ag tabhairt breisluacha.

Agus an obair atá le déanamh ag na soláthraithe seirbhísí struchtúracha á pleanáil aici, breithneoidh an Ghníomhaireacht a riachtanais oibríochtúla agus chothrománacha, agus an buiséad atá ar fáil agus úsáid á baint as na creatchonarthaí sínithe.

### Oibrithe eatramhacha

Cuireann an Ghníomhaireacht oibrithe eatramhacha ar conradh le haghaidh cúraimí gearrthéarmacha nó chun teacht in ionad baill foirne a ghlac saoire fhadtéarmach nó cineál éigin eile neamhláithreachta (e.g. easláine). Ag brath ar chineál an phoist, úsáideann eu-LISA creatchonradh d'oibrithe eatramhacha nó earcaíonn sé gníomhairí ar conradh (CA) ar feadh tréimhse shocraithe nó tréimhse theoranta.

**▲ Tábla 10. Oibrithe eatramhacha 2024**

| Oibrithe eatramhacha | FTE |
|---|---|
| 2024 | 2 |
| **IOMLÁN** | **2** |

## Plean beartais foirne ilbhliantúil

Áirítear i bplean beartais foirne ilbhliantúil eu-LISA foireann shealadach (gníomhairí sealadacha, TA, Tábla 11) agus pearsanra seachtrach (gníomhairí ar conradh, CA, agus na saineolaithe náisiúnta ar iasacht, Tábla SNI 13) pleanáilte ag an nGníomhaireacht agus údaraithe faoi nós imeachta buiséadach an AE.

Tá an plean beartais ilbhliantúil don fhoireann agus don phearsanra seachtrach ailínithe le plean bunaíochta na Gníomhaireachta agus cuirtear an méid seo a leanas san áireamh ann:

- méadú ar an bhfoireann a bhaineann le rialacháin a glacadh le déanaí lena mbunaítear córais nua agus réitigh dhigiteacha, e.g. ródaire API-PNR, Eurodac nua, na Rialacháin Scagtha agus an togra ón gCoimisiún a bhaineann le feidhmchlár AE um Thaisteal Digiteach;
- athruithe ar ghráid foirne i ngach grúpa feidhme mar gheall ar athaicmiú measta.

## Baill foirne

### ▲ Tábla 11. Plean bunaíochta do 2025-2028

| Feidhmghrú pa agus grád | 2024 | | | | 2025 | | 2026 | | 2027 | | 2028 | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Údaraithe (i.e. buan agus sealadach) | | A líonadh go hiarbhír amhail an 31 Nollaig 2024 | | Údaraithe | | Beartaithe | | Beartaithe | | Beartaithe | |
| | Buan | Sealadach | Buan | Sealadach | Buan | Sealadach | Buan | Sealadach | Buan | Sealadach | Buan | Sealadach |
| AD 16 | | 0 | | 0 | | 0 | | 0 | | 0 | | 0 |
| AD 15 | | 0 | | 0 | | 0 | | 0 | | 0 | | 0 |
| AD 14 | | 2 | | 1 | | 2 | | 2 | | 2 | | 2 |
| AD 13 | | 3 | | 1 | | 3 | | 3 | | 3 | | 3 |
| AD 12 | | 4 | | 4 | | 5 | | 5 | | 5 | | 5 |
| AD 11 | | 11 | | 3 | | 10 | | 10 | | 10 | | 10 |
| AD 10 | | 13 | | 9 | | 15 | | 12 | | 12 | | 12 |
| AD 9 | | 27 | | 17 | | 26 | | 30 | | 30 | | 30 |
| AD 8 | | 41 | | 25 | | 32 | | 33 | | 33 | | 33 |
| AD 7 | | 11 | | 27 | | 16 | | 37 | | 37 | | 37 |
| AD 6 | | 52 | | 25 | | 51 | | 45 | | 45 | | 45 |
| AD 5 | | 22 | | 49 | | 56 | | 42[87] | | 44 | | 46 |
| **AD** | | **186** | | **161** | | **216** | | **219** | | **221** | | **223** |
| AST 11 | | 0 | | 0 | | 0 | | 0 | | 0 | | 0 |
| AST 10 | | 0 | | 0 | | 0 | | 0 | | 0 | | 0 |
| AST 9 | | 1 | | 1 | | 1 | | 1 | | 1 | | 1 |
| AST 8 | | 5 | | 2 | | 6 | | 4 | | 4 | | 4 |
| AST 7 | | 8 | | 5 | | 10 | | 9 | | 9 | | 9 |
| AST 6 | | 12 | | 11 | | 12 | | 10 | | 10 | | 10 |
| AST 5 | | 10 | | 12 | | 9 | | 10 | | 10 | | 10 |
| AST 4 | | 15 | | 6 | | 11 | | 9 | | 9 | | 9 |
| AST 3 | | 2 | | 14 | | 4 | | 10 | | 10 | | 10 |
| AST 2 | | 0 | | 0 | | 0 | | 0 | | 0 | | 0 |
| AST 1 | | 0 | | 0 | | 0 | | 0 | | 0 | | 0 |
| **AST** | | **53** | | **51** | | **53** | | **53** | | **53** | | **53** |
| AST/SC 6 | | 0 | | 0 | | 0 | | 0 | | 0 | | 0 |
| AST/SC 5 | | 0 | | 0 | | 0 | | 0 | | 0 | | 0 |
| AST/SC 4 | | 0 | | 0 | | 0 | | 0 | | 0 | | 0 |
| AST/SC 3 | | 0 | | 0 | | 0 | | 0 | | 0 | | 0 |
| AST/SC 2 | | 0 | | 0 | | 0 | | 0 | | 0 | | 0 |
| AST/SC 1 | | 0 | | 0 | | 0 | | 0 | | 0 | | 0 |
| **AST/SC** | | **0** | | **0** | | **0** | | **0** | | **0** | | **0** |
| **Iomlán** | | **239** | | **212** | | **269** | | **272** | | **274** | | **276** |

[87] Baineadh post amháin mar cheartú ar an bpleanáil le haghaidh VIS Athbhreithnithe, mar a comhaontaíodh leis an gCoimisiún.

## Pearsanra seachtrach

### Gníomhairí ar Conradh

▲ **Tábla 12. Gníomhairí ar conradh le haghaidh 2024-2028**

| | | | | | | | i gcoibhéis lánaimseartha |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **GNÍOMHAIRÍ AR CONRADH** | **2024** | | | **2025** | **2026** | **2027** | **2028** |
| | **Údaraithe** | **Forghníomhaithe amhail an 31.12.2024** | **Líon na bhfoirne amhail an 31.12.2024** | **Údaraithe** | **Údaraithe** | **Údaraithe** | **Údaraithe** |
| **Feidhmghrúpa IV** | 114 | 100 | 99 | 136 | 136 | 136.5 | 141 |
| **Feidhmghrúpa III** | 56 | 50.2 | 54 | 56 | 57 | 58 | 58 |
| **Feidhmghrúpa II** | 1 | 1.6 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 |
| **Feidhmghrúpa I** | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **IOMLÁN** | **171** | **151.8** | **154** | **193** | **194** | **195.5** | **199.5** |

### Saineolaithe náisiúnta ar iasacht

▲ **Tábla 13. Saineolaithe náisiúnta ar iasacht sna blianta 2024-2028**

| | | | | | | | i gcoibhéis lánaimseartha |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **SAINEOLAITHE NÁISIÚNTA AR IASACHT** | **2024** | | | **2025** | **2026** | **2027** | **2028** |
| | **Údaraithe** | **Forghníomhaithe amhail an 31.12.2024** | **Líon na bhfoirne amhail an 31.12.2024** | **Údaraithe** | **Údaraithe** | **Údaraithe** | **Údaraithe** |
| | 11 | 9.1 | 9 | 11 | 11 | 11 | 11 |
| **IOMLÁN** | **11** | **9.1** | **9** | **11** | **11** | **11** | **11** |

[88] Áirítear leis an líon sin laghdú ar thrí phost CA le haghaidh VIS Athbhreithnithe, mar a comhaontaíodh leis an gCoimisiún.

## Réamhaisnéisí earcaíochta

Áirítear i réamhaisnéis earcaíochta na Gníomhaireachta athsholáthar foirne mar gheall ar láimhdeachas nó scor agus foireann bhreise le haghaidh 2026 bunaithe ar thograí ón gCoimisiún, i gcás nach mbeidh eu-LISA in ann na nósanna imeachta roghnúcháin faoi seach a thabhairt i gcrích roimh dheireadh 2025.

**▲ Tábla 14. Réamhaisnéisí earcaíochta do 2026 (tar éis scoir, soghluaisteachta, nó poist nua arna n-iarradh)**

| TEIDEAL AN PHOIST | Cineál conartha (oifigeach, TA nó CA) | | Oifigeach/TA Feidhmghrúpa/grád earcaíochta - inmheánach agus seachtrach - (grád aonair) atá beartaithe lena bhfoilsiú | | CA Feidhmghrúpa Earcaíochta (I, II, III nó IV) |
|---|---|---|---|---|---|
| | Scor/soghluaisteacht atá beartaithe | Post nua iarrtha mar gheall ar chúraimí breise | Inmheánach | Seachtrach | |
| Oifigeach Beartais | | Eurodac | Neamhbhainteach | Neamhbhainteach | FG IV |
| Oifigeach TF: Bonneagar Líonra agus Cumarsáide | | Eurodac | Neamhbhainteach | Neamhbhainteach | FG IV |
| Oifigeach TF: Oibríochtaí agus Cothabháil Réiteach | | Eurodac | Neamhbhainteach | Neamhbhainteach | FG IV |
| Bainistiú Scaoiltí agus Athraithe | | Prüm II | AD5-AD7 | TA AD5 | |
| Bainistiú Slándála | | Prüm II | AD5-AD7 | TA AD5 | |
| Úinéir Táirge | | Prüm II | AD5-AD7 | TA AD5 | |
| Forbairt EU VAP + oibríochtaí | | EU VAP | AD5-AD7 | TA AD5 | |
| Forbairt EU VAP + oibríochtaí | | EU VAP | Neamhbhainteach | Neamhbhainteach | FG IV |
| Oiliúint sna Ballstáit | | EU VAP | AD5-AD7 | TA AD5 | |
| Oibreoir tacaíochta 1d leibhéal (24x7) | | CP JITanna | Neamhbhainteach | Neamhbhainteach | FG IV |
| Riarthóir tacaíochta 2ú leibhéal (24x7) | | CP JITanna | Neamhbhainteach | Neamhbhainteach | FG IV |
| Ceann Aonaid | | API-PNR | AD9-AD10 | TA AD9 | |

### Líon na soghluaisteachta idirghníomhaireachta 2025 ón nGníomhaireacht agus chuig an nGníomhaireacht

glacann eu-LISA páirt i gclár malartaithe foirne arna chomhordú ag Líonra Gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh (EUAN), lena gcothaítear comhar agus malartú dea-chleachtas tríd an malartú foirne gearrthéarmach idir gníomhaireachtaí rannpháirteacha.

Tarlaíonn soghluaisteacht freisin nuair a athraíonn baill foirne poist agus nuair a théann siad isteach i ngníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais tar éis dóibh eu-LISA a fhágáil. Táthar ag súil go dtarlóidh roinnt cásanna den sórt sin in 2025; mar sin féin, ní mheastar gur soghluaisteacht idirghníomhaireachta pleanáilte é sin.

# Iarscríbhinn V. Acmhainní daonna: anailís cháilíochtúil

**Tugtar forléargas gairid san Iarscríbhinn seo ar bheartas foirne agus earcaíochta eu-LISA.**

## A. Beartas earcaíochta

Comhlíonann beartas earcaíochta na Gníomhaireachta Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh, go háirithe na rialacha cur chun feidhme a ghabhann le Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh lena rialaítear nósanna imeachta roghnúcháin, gráid iontrála le haghaidh catagóirí éagsúla, cineál/fad fostaíochta, agus próifílí poist don fhoireann agus do phearsanra seachtrach.

▲ **Tábla 15. Rialacha cur chun feidhme maidir le hearcaíocht**

| | | Is ea | Ní hea | Murab ann dóibh, céard iad na rialacha eile cur chun feidhme atá i bhfeidhm |
|---|---|---|---|---|
| **Rannpháirtíocht CA** | Cinneadh Múnla C(2019)3016 | is ea | | |
| **Rannpháirtíocht TA** | Cinneadh Múnla C(2015)1509 | is ea | | |
| **Meánbhainistíocht** | Cinneadh múnla C(2018)2542 | Is ea | | |
| **Cineál an phoist** | Cinneadh múnla C(2018)8800 | is ea | | |

Níor tháinig aon athrú ar bheartas earcaíochta eu-LISA le blianta beaga anuas. Leanann an Ghníomhaireacht dá hiarrachtaí maidir le spriocanna earcaíochta a bhaint amach.

▲ **Tábla 16. Forbhreathnú ar spriocanna earcaíochta agus ar dhul chun cinn**

| TA | | | | Iomlán (TA, CA agus SNI) | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Plean bunaíochta 2024 | Poist a líonadh amhail an 31.12.2024 | Poist a líonadh (tairiscintí poist eisithe san áireamh) | Áitíocht (gan tairiscintí poist / tairiscintí poist san áireamh) | Údaraithe in 2024 | Poist a líonadh amhail an 31.12.2024 | Poist a líonadh (tairiscintí poist eisithe san áireamh) | Áitíocht (gan tairiscintí poist / tairiscintí poist san áireamh) |
| 228[89] | 212 | 218 | 92.9 % / 95.6 % | 401 | 375 | 389 | 93.5 % / 97.0 % |
| 239[90] | 212 | 218 | 88.7 % / 91.2 % | 421 | 375 | 389 | 89.1 % / 92.4 % |
| | | | | | | | *Tagairt: 31 Nollaig 2024* |

Mar a léirítear i gCaibidil 2.1.1. Acmhainní daonna - bhí tionchar diúltach ag méadú ar an bplean bunaíochta a tharla ag deireadh na bliana ar ráta áitíochta eu-LISA, a d'fhéadfadh a bheith níos airde bunaithe ar an bplean bunaíochta bunaidh a údaraíodh in 2023.

Cé gur earcaigh eu-LISA líon ard ball foirne nua in 2024, bhí tionchar neodrach ag go leor de na hearcaíochtaí sin ar líon iomlán foriomlán na foirne, nuair a roghnaíodh iarrthóirí inmheánacha.

Thairis sin, ní mór don Ghníomhaireacht cumais a seachfhoinsíodh roimhe sin a fhoinsiú (e.g. innealtóireacht bogearraí, saineolas ar réitigh, bainistiú tionscadal agus táirgí) agus líon na mball foirne a mhéadú chun conarthaí tacaíochta seachtracha a bhainistiú. Chuige sin, ní mór athbhreithniú rialta a dhéanamh ar an bplean earcaíochta agus coigeartuithe a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí práinneacha.

In 2024, rinne an Ghníomhaireacht 6 chonradh TA agus conradh CA amháin a athnuachan le haghaidh conradh éiginnte agus chuir sí síneadh le 18 gconradh TA agus 27 conradh CA go ceann téarma seasta eile.

---

[89] De réir phlean bunaíochta 2024 a údaraíodh in 2023.

[90] De réir phlean bunaíochta 2024 leasaithe, a glacadh i mí na Samhna 2024.

Leanfaidh an Ghníomhaireacht dá hiarrachtaí a spriocanna earcaíochta a bhaint amach (féach an Tábla 16 thuas) agus na daoine tréitheacha is mó a bhfuil gealladh fúthu a mhealladh tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- a bhranda fostóra agus a thairiscint luacha a neartú trí na meáin shóisialta a ghiaráil go straitéiseach chun folúntais agus brandáil a fhostóra a chur chun cinn, chomh maith le hardáin fostaíochta speisialaithe a úsáid chun róil an-teicniúil a chur chun cinn;
- éifeachtúlacht earcaíochta a fheabhsú trí phróifílí comhchosúla a ghrúpáil i nósanna imeachta roghnúcháin níos leithne lena gcumasaítear díormaí tallainne leathnaithe a bhunú agus, ag an am céanna, úsáid na bpainéal atá ann cheana a bharrfheabhsú trí scileanna inaistrithe na n-iarrthóirí a mheaitseáil leis na folúntais atá ar fáil.

### B. Meastóireacht ar fheidhmíocht agus athrangú/ardú céime

Rialaítear cleachtaí breithmheasa agus athaicmithe na Gníomhaireachta le rialacha cur chun feidhme lena leagtar síos forálacha ginearálta i gcomhréir le Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh.

▲ **Tábla 17. Rialacha cur chun feidhme maidir le breithmheas feidhmíochta agus athaicmiú/ardú céime**

| | | Is ea | Ní hea | Murab ann dóibh, céard iad na rialacha eile cur chun feidhme atá i bhfeidhm |
|---|---|---|---|---|
| **Breithmheas TA** | Cinneadh Múnla C(2015)1513 | is ea | | |
| **Breithmheas CA** | Cinneadh Múnla C(2015)1456 | is ea | | |
| **Athaicmiú TA** | Cinneadh Múnla C(2015)9560 | is ea | | |
| **Athaicmiú CA** | Cinneadh Múnla C(2015)9561 | is ea | | |

In 2023, ghlac an Ghníomhaireacht modh measúnaithe atá go hiomlán cáilíochtúil le haghaidh an bhreithmheasa agus an chleachtaidh athaicmithe araon. Dúnadh cleachtadh breithmheasa 2024 an 15 Aibreán 2024 agus glacadh an cinneadh athaicmithe an 6 Nollaig 2024.

De réir an chinnidh ón Údarás Ceapacháin, rinneadh 30 ball foirne san iomlán a athaicmiú in 2024 tar éis comparáid deiridh a dhéanamh idir tuillteanais agus na moltaí a rinne an Comhchoiste um Athaicmiú, na rátaí iolrúcháin chun meánchoibhéis ghairme a threorú mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn II de chinntí Uimh. 2016-016 agus Uimh. 2016-017 ó Bhord Bainistíochta eu-LISA, an plean bunaíochta agus na hacmhainní buiséadacha atá ar fáil á gcur san áireamh.

I gcomparáid le 2023, rinne an Ghníomhaireacht níos mó ball foirne a athaicmiú ar an iomlán. Tá feabhas suntasach curtha ag an nGníomhaireacht ar chomhlíonadh na meánsinsearachta is gá sa ghrád thar 5 bliana i gcomparáid leis na blianta roimhe sin, i gcomhréir leis na moltaí ón gCoimisiún, agus tá sí ag iarraidh comhlíonadh iomlán a bhaint amach amach amach amach anseo. Cuirtear tuilleadh mionsonraí i láthair sna táblaí thíos.

**▲ Tábla 18. Foireann shealadach a athaicmiú/ardú céime oifigeach**

| | Meán-sinsearacht sa ghrád i measc na mball foirne athaicmithe | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Gráid [91]** | **2021** | **2022** | **2023** | **2024** | **2025** | **Meán iarbhír thar thréimhse 5 bliana[92]** | **Meán thar thréimhse 5 bliana (i gcomhréir le cinneadh C(2015)9563)** |
| **AD05** | 2.0 | 2.2 | 3.6 | 3.4 | neamhbhaint each | 2.6 | 2.8 |
| **AD06** | 2.7 | 2.7 | 2.9 | 3.3 | neamhbhaint each | 2.9 | 2.8 |
| **AD07** | 2.7 | 4.0 | 3.1 | 5.0 | neamhbhaint each | 3.4 | 2.8 |
| **AD08** | 2.0 | 3.0 | 2.9 | 4.5 | neamhbhaint each | 3.2 | 3 |
| **AD09** | 1.8 | 2.4 | | 5.0 | neamhbhaint each | 2.9 | 4 |
| **AD10*** | | | | 5.0 | neamhbhaint each | 4.0 | 4 |
| **AD11** | | | | | n/b | neamhbhaint each | 4 |
| **AD12** | | | | | n/b | n/b | 6.7 |
| **AD13** | | | | | neamhbhaint each | n/b | 6.7 |
| **AST1** | | | | | n/b | neamhbhaint each | 3 |
| **AST2** | | | | | n/b | neamhbhaint each | 3 |
| **AST3*** | | | | 3.3 | neamhbhaint each | 3.3 | 3 |
| **AST4** | 4.0 | 3.0 | | 10.8 | neamhbhaint each | 5.0 | 3 |
| **AST5** | 3.7 | 3.0 | | | neamhbhaint each | 3.3 | 4 |
| **AST6*** | 5.0 | | | 6.0 | neamhbhaint each | 5.5 | 4 |
| **AST7*** | | | 5.0 | | neamhbhaint each | 5.0 | 4 |
| **AST8** | | | | | neamhbhaint each | neamhbhaint each | 4 |
| **AST9** | neamhbhaint each | neamhbhaint each | neamhbhaint each | neamhbhaint each | neamhbhaint each | neamhbhaint each | neamhbhaint each |
| **AST10** | neamhbhaint each | neamhbhaint each | neamhbhaint each | neamhbhaint each | neamhbhaint each | neamhbhaint each | 5 |
| **AST/SC1** | neamhbhaint each | neamhbhaint each | neamhbhaint each | neamhbhaint each | neamhbhaint each | neamhbhaint each | 4 |

[91] De réir Iarscríbhinn 2 de Chinneadh Uimh. 2016-016 ó Bhord Bainistíochta eu-LISA an 15 Márta 2016 lena leagtar síos forálacha ginearálta cur chun feidhme maidir le foireann shealadach de réir Airteagal 54 de CEOS, d'fhéadfadh an meán iarbhír a bheith ní b'ísle ná mar a cheanglaítear i ngráid ina bhfuil líon na nathaicmiúchán thar an tréimhse tagartha cúig bliana cothrom le nó níos lú ná trí cinn ('grúpa beag'). Tá réiltín (*) marcáilte ar na gráid lena mbaineann.

[92] Tá ríomh an mheáin 5 bliana bunaithe ar na sonraí atá ar fáil don tréimhse 2020-2024.

| | Meán-sinsearacht sa ghrád i measc na mball foirne athaicmithe | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Gráid** [91] | **2021** | **2022** | **2023** | **2024** | **2025** | **Meán iarbhír thar thréimhse 5 bliana**[92] | **Meán thar thréimhse 5 bliana (i gcomhréir le cinneadh C(2015)9563)** |
| **AST/SC2** | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | 5 |
| **AST/SC3** | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | 5.9 |
| **AST/SC4** | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | 6.7 |
| **AST/SC5** | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | 8.3 |

▲ **Tábla 19. Foireann ar conradh a athaicmiú**

| Feidhmghrúpa | Grád | Baill foirne atá i mbun gníomhaíochta amhail an 1.01.2023 | Líon na mball foirne athaicmithe in 2024 | Meánlíon blianta i ngrád na mball foirne athaicmithe | Meánlíon na mblianta i ngrád na mball foirne athaicmithe (i gcomhréir le cinneadh C(2015)9561) |
|---|---|---|---|---|---|
| **CA IV** | 18 | 1 | 0 | neamhbhainteach | neamhbhainteach |
| | 17 | 4 | 0 | neamhbhainteach | idir 6 bliana agus 10 mbliana |
| | 16 | 13 | 0 | neamhbhainteach | idir 5 bliana agus 7 mbliana |
| | 15 | 12 | 1 | 5.0 | idir 4 bliana agus 6 bliana |
| | 14 | 38 | 5 | 3.4 | idir 3 bliana agus 5 bliana |
| | 13 | 7 | 2 | 3.4 | idir 3 bliana agus 5 bliana |
| **CA III** | 11 | 0 | 0 | neamhbhainteach | idir 6 bliana agus 10 mbliana |
| | 10 | 19 | 0 | neamhbhainteach | idir 5 bliana agus 7 mbliana |
| | 9 | 22 | 1 | 4.5 | idir 4 bliana agus 6 bliana |
| | 8 | 4 | 0 | neamhbhainteach | idir 3 bliana agus 5 bliana |
| **CA III** | 6 | 0 | 0 | neamhbhainteach | idir 6 bliana agus 10 mbliana |
| | 5 | 2 | 0 | neamhbhainteach | idir 5 bliana agus 7 mbliana |
| | 4 | 0 | 0 | neamhbhainteach | idir 3 bliana agus 5 bliana |
| **CA I** | 2 | 0 | 0 | neamhbhainteach | idir 6 bliana agus 10 mbliana |
| | 1 | 0 | 0 | neamhbhainteach | idir 3 bliana agus 5 bliana |

## C. Ionadaíocht inscne

Tá an Ghníomhaireacht tiomanta fós do chomhdheiseanna a áirithiú do gach iarratasóir le linn an phróisis earcaíochta, ó thaobh chomhdhéanamh na bpainéal roghnúcháin agus líon na n-iarrthóirí a chuirtear faoi agallamh araon, agus ar deireadh na hiarrthóirí is oiriúnaí do gach post a roghnú bunaithe ar a bhfiúntas agus ar riachtanais an phoist. Ghlac an Ghníomhaireacht Cairt EUAN um Éagsúlacht agus Cuimsiú agus d'ullmhaigh sí plean gníomhaíochta tionlacain a chuireann le tionscnaimh atá ann cheana lena dtugtar aghaidh, i measc nithe eile, ar an gcothromaíocht inscne.

Le blianta beaga anuas, tá treocht dhearfach tugtha faoi deara ag eu-LISA i gcomparáid le blianta roimhe sin, agus baineann sé tairbhe as éifeacht charnach. Mar sin féin, ba laghdú beag é in 2024 toisc nach bhfuil níos mó iarratas ón inscne thearcionadaithe ag gabháil leis an méadú ar líon na bpost. Ina theannta sin, d'éirigh roinnt ball foirne baineann as i rith na bliana.

| | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Ionadaíocht na mban** | 30.30 % | 30.70 % | 31.90 % | 34.50 % | 34.15 % |
| *athrú* | | ▲0.40 % | ▲1.20 % | ▲2.60 % | ▼0.35 % |
| **Bainisteoirí baineannacha** | 21.40 % | | | | 27.27 % |
| **Athrú** | | | | | |

Cé go bhfuil neamhionannas inscne forleathan ar fud an tionscail TFC, leanann an Ghníomhaireacht de bheith ag obair chun cothromaíocht inscne a bhaint amach d'fhonn líon na n-iarratasóirí ar mná iad a mhéadú, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- freastal ar aontaí tionscail agus fógraí folúntais a scaipeadh ar fhóraim thiomnaithe;
- leanúint de mheitheal thrasnach a bheith aici chun iarrthóirí éagsúla a mhealladh chun dul i ngleic leis an mbunchúis agus réitigh sheanbhunaithe a chur chun feidhme chun éagsúlacht phíblíne na n-iarrthóirí a mhéadú;
- ceardlann thiomnaithe a eagrú agus a óstáil a bheidh dírithe ar chomhpháirtíochtaí a chothú i measc institiúidí agus chomhlachtaí an Aontais, agus straitéisí a fhiosrú ag an am céanna chun éagsúlacht a áirithiú ar fud gnéithe éagsúla laistigh de leibhéil éagsúla bhainistíochta.

**▲ Tábla 20. Ionadaíocht inscne na foirne reachtúla (oifigigh, TA agus CA amháin)**

| | | Oifigigh | | TA | | CA | | Iomlán | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Foireann | % | Foireann | % | Foireann | % | Foireann | % |
| **Baineann** | | **neamhbhainteach** | **neamhbhainteach** | **59** | **27.83 %** | **66** | **42.86 %** | **125** | **34.15 %** |
| | **Leibhéal riarthóra (AD)** | neamhbhainteach | neamhbhainteach | 39 | 18.40 % | 37 | 24.03 % | 76 | 20.77 % |
| | **Leibhéal Cúntóra (AST & AST/SC)** | neamhbhainteach | neamhbhainteach | 20 | 9.43 % | 29 | 18.83 % | 49 | 13.39 % |
| **Fireann** | | **neamhbhainteach** | **neamhbhainteach** | **153** | **72.17 %** | **88** | **57.14 %** | **241** | **65.85 %** |
| | **Leibhéal riarthóra (AD)** | neamhbhainteach | neamhbhainteach | 122 | 57.55 % | 62 | 40.26 % | 184 | 50.27 % |
| | **Leibhéal Cúntóra (AST & AST/SC)** | neamhbhainteach | neamhbhainteach | 31 | 14.62 % | 26 | 16.88 % | 57 | 15.57 % |
| **Iomlán** | | | | **212** | **100 %** | **154** | **100 %** | **366** | **100 %** |
| *Dáta tagartha: 31 Nollaig 2024* | | | | | | | | | |

**▲ Tábla 21. Forbairt inscne na meánbhainistíochta agus na bainistíochta sinsearaí thar thréimhse 5 bliana[93]**

| | 2020 | | 2024 | |
|---|---|---|---|---|
| | Líon | % | Líon | % |
| **Bainisteoirí baineannacha** | 3 | 21.43 % | 3 | 27.27 % |
| **Bainisteoirí fireannacha** | 11 | 78.57 % | 8 | 72.73 % |
| **Iomlán** | **14** | **100 %** | **11** | **100 %** |
| *Dáta tagartha: 31 Nollaig 2024* | | | | |

[93] Baill foirne a shainmhínítear mar mheánbhainisteoirí de réir na bhforálacha ginearálta cur chun feidhme is infheidhme i ndáil leis an meánbhainistíocht.

### D. Cothromaíocht gheografach

Tá an Ghníomhaireacht den bharúil go gcothaíonn ionadaíocht gheografach leathan i measc a mball foirne éagsúlacht chultúrtha agus malartú frithpháirteach. In 2024, tá daoine aonair ó **23 náisiúntacht** ar fhoireann na Gníomhaireachta: 22 Ballstát maille leis an Ríocht Aontaithe.

Ina cuid iarrachtaí earcaíochta, díríonn an Ghníomhaireacht ar ionadaíocht chothrom náisiúnach na mBallstát AE a áirithiú i measc a ball foirne. Ós rud é go bhfuil cheanncheathrú na Gníomhaireachta san Eastóin, agus go bhfuil an láithreán oibríochtúil sa Fhrainc (seachas e-CODEX san Eastóin), ní mheasann an Ghníomhaireacht gur saobhadh suntasach ar an gcothromaíocht gheografach fhoriomlán é an céatadán ard den bhfoireann ag a bhfuil náisiúntacht na Fraince – 21.86 %. Mar sin féin, déanaimid iarracht éagsúlacht a fheabhsú, trí rannpháirtíocht náisiúntachtaí faoi ghannionadaíocht a spreagadh sa phróiseas roghnúcháin agus an náisiúntacht a chur san áireamh agus iarrthóirí oiriúnacha á roghnú againn ó na liostaí ionadaithe atá ar fáil.

▲ **Tábla 22. Cothromaíocht gheografach na foirne reachtúla amháin (oifigigh, TA agus CA)**

| Catagóirí foirne | AD + CA FG IV | | AST/SC-AST + CA FGI/CA FGII/CA FGIII | | Iomlán | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Náisiúntacht** | **Líon** | **Céátadán den fhoireann iomlán i gcatagóirí** | **Líon** | **Céátadán den fhoireann iomlán i gcatagóirí** | **Líon** | **% den fhoireann iomlán** |
| **An Ostair (AT)** | 1 | 0.27 % | 1 | 0.27 % | 2 | 0.55 % |
| **An Bheilg (BE)** | 8 | 2.19 % | 5 | 1.37 % | 13 | 3.55 % |
| **An Bhulgáir (BG)** | 8 | 2.19 % | 2 | 0.55 % | 10 | 2.73 % |
| **An Chróit (HR)** | 3 | 0.82 % | 0 | 0.0 % | 3 | 0.82 % |
| **An Chipir (CY)** | 0 | 0.0 % | 0 | 0.0% | 0 | 0.0 % |
| **Poblacht na Seice (CZ)** | 2 | 0.55 % | 2 | 0.55 % | 4 | 1.09 % |
| **An Danmhairg (DK)** | 0 | 0.0 % | 0 | 0.0% | 0 | 0.0 % |
| **An Eastóin (EE)** | 11 | 3.01 % | 21 | 5.74 % | 32 | 8.74 % |
| **An Fhionlainn (FI)** | 2 | 0.55 % | 0 | 0.0 % | 2 | 0.55 % |
| **An Fhrainc (FR)** | 63 | 17.21 % | 17 | 4.64 % | 80 | 21.86 % |
| **An Ghearmáin (DE)** | 9 | 2.46 % | 2 | 0.55 % | 11 | 3.01 % |
| **An Ghréig (EL)** | 34 | 9.29 % | 9 | 2.46 % | 43 | 11.75 % |
| **An Ungáir (HU)** | 6 | 1.64 % | 4 | 1.09 % | 10 | 2.73 % |
| **Éire (IE)** | 3 | 0.82 % | 1 | 0.27 % | 4 | 1.09 % |
| **An Iodáil (IT)** | 24 | 6.56 % | 7 | 1.91 % | 31 | 8.47 % |
| **An Laitvia (LV)** | 4 | 1.09 % | 4 | 1.09 % | 8 | 2.19 % |
| **An Liotuáin (LT)** | 4 | 1.09 % | 4 | 1.09 % | 8 | 2.19 % |
| **Lucsamburg (LU)** | 0 | 0.0 % | 0 | 0.0% | 0 | 0.0% |
| **Málta (MT)** | 0 | 0.0% | 0 | 0.0% | 0 | 0.0% |
| **An Ísiltír (NL)** | 2 | 0.55 % | 1 | 0.27 % | 3 | 0.82 % |
| **An Pholainn (PL)** | 11 | 3.01 % | 5 | 1.37 % | 16 | 4.37 % |
| **An Phortaingéil (PT)** | 4 | 1.09 % | 5 | 1.37 % | 9 | 2.46 % |
| **An Rómáin (RO)** | 38 | 10.38 % | 6 | 1.64 % | 44 | 12.02 % |
| **An tSlóvaic (SK)** | 2 | 0.55 % | 0 | 0.0 % | 2 | 0.55 % |
| **An tSlóivéin (SI)** | 3 | 0.82 % | 1 | 0.27 % | 4 | 1.09 % |
| **An Spáinn (ES)** | 18 | 4.92 % | 8 | 2.19 % | 26 | 7.10 % |
| **An tSualainn (SE)** | 0 | 0.0% | 0 | 0.0% | 0 | 0.0 % |
| **An Ríocht Aontaithe (UK)** | 0 | 0.0 % | 1 | 0.27 % | 1 | 0.27 % |
| **IOMLÁN** | **260** | **71.04 %** | **106** | **28.96 %** | **366** | **100 %** |

*Dáta tagartha: 31 Nollaig 2024*

Is iad na Francaigh an grúpa náisiúntachta is mó fós toisc, tráth a bunaíodh eu-LISA, gur aistrigh údaráis náisiúnta na Fraince cuid dá bpearsanra TF chuig an nGníomhaireacht, a chuaigh isteach in eu-LISA tríd an nós imeachta iomaíochta oifigiúil le haghaidh poist an-speisialaithe.

▲ **Tábla 23. An náisiúntacht is mó ionadaíocht: éabhlóid thar 5 bliana**

| | 2020 | | 2024 | |
|---|---|---|---|---|
| | **Líon** | **%** | **Líon** | **%** |
| **An Fhrainc (FR)** | 50 | 18.90 % | 80 | 21.86 % |
| *Dáta tagartha: 31 Nollaig 2024* | | | | |

## Ríomhscolaíocht

Ní mór do Bhallstáit an Aontais a bhfuil eu-LISA á óstáil acu na dálaí is gá a chur ar fáil chun feidhmiú cuí na Gníomhaireachta a áirithiú, lena n-áirítear scolaíocht ilteangach atá dírithe ar an Eoraip do leanaí na mball foirne, agus naisc iompair iomchuí. Sa dá shuíomh, tá deiseanna eile ann freisin chun oideachas a fháil bunaithe ar churaclam idirnáisiúnta nó ar churaclam náisiúnta atá aitheanta i gcodanna idirnáisiúnta meánscoileanna agus coláistí idirnáisiúnta na cathrach. In 2024, bhí 28 leanbh de bhaill foirne eu-LISA ag freastal ar an Scoil Eorpach i dTaillinn, agus bhí 121 leanbh de bhaill foirne ag freastal ar an Scoil Eorpach in Strasbourg. Le fás leanúnach na Gníomhaireachta ó thaobh líon na foirne de, tiocfaidh méadú freisin ar an mbuiséad don ranníocaíocht leis na Scoileanna Eorpacha ag an am céanna.

Tairgeann eu-LISA liúntas naíonra do bhaill foirne a bhfuil leanaí faoi bhun 5 bliana d'aois acu agus i gcás nach féidir leis na Scoileanna Eorpacha aon chúram a chur ar fáil dóibh. Leis an scéim tacaíochta is féidir costais cúraim leanaí a aisíoc ag naíscoileanna nó ag naíolanna suas le huasteorainn áirithe. Tá freagra dearfach faighte ag an tionscnamh seo ó bhaill foirne atá ag teacht isteach. Chun ailíniú leis an moladh ón gCoimisiún Eorpach, tá athbhreithniú á dhéanamh ag an nGníomhaireacht ar an gcaoi a gcuirtear an tacaíocht sin ar fáil chun ailíniú níos fearr leis an gcreat dlíthiúil agus airgeadais. In 2024, bhain 19 mball foirne úsáid as seirbhísí naíolainne do 20 leanbh.

| Comhaontú i bhfeidhm leis an Scoil Eorpach/na Scoileanna Eorpacha | Taillinn | Strasbourg |
|---|---|---|
| **Comhaontuithe ranníocaíochta sínithe leis an gCoimisiún Eorpach ar scoileanna Eorpacha de chineál I** | Ní hea | Ní hea |
| **Comhaontuithe ranníocaíochta sínithe leis an CE ar scoileanna Eorpacha de chineál II** | Is ea | Is ea |
| **Líon na gconarthaí atá ar bun le scoileanna idirnáisiúnta:** | Níor síníodh aon chomhaontú | |
| **Cur síos ar aon réitigh nó gníomhaíochtaí eile atá ar bun:** | Freastal ar scoileanna náisiúnta nó príobháideacha i dTaillinn agus in Strasbourg agus liúntas oideachais a fháil chun na costais faoi seach a chumhdach. | |

# Iarscríbhinn VI. **Bainistiú comhshaoil**

Tá tionchar na saincheisteanna comhshaoil ar fheidhmíocht eagraíochtúil ag méadú go leanúnach, agus le himeacht ama, beidh feidhmíocht chomhshaoil (agus eagrúcháin fhoriomlán) níos fearr ann mar thoradh ar shainaithint agus ceartú córasach na n-easnamh a bhraitear. I gcomhréir le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus le freagracht na Gníomhaireachta gníomhú mar riarachán poiblí inbhuanaithe, saothraíonn an Ghníomhaireacht bearta chun a lorg comhshaoil a laghdú.

## Córas bainistithe comhshaoil

Tá an Ghníomhaireacht tiomanta dá feidhmíocht chomhshaoil a fheabhsú trí Chóras inmheánach Bainistithe Comhshaoil (EMS) a chur chun feidhme bunaithe ar phrionsabail **Scéim an Aontais um Bainistíocht agus Iniúchadh Comhshaoil** (EMAS),[94] agus Phlean Gníomhaíochta an Choimisiúin don Chomhaontú Glas don Eoraip.[95] I mí Aibreáin 2025, bronnadh **deimhniú EMAS** go hoifigiúil ar eu-LISA (bailí go dtí mí Aibreáin 2028), lena ndeimhnítear leibhéal maith dá chóras bainistithe comhshaoil, a neartaíodh le réitigh faireacháin comhshaoil (e.g. líonra braiteoirí comhshaoil i lárionad sonraí Strasbourg, córas bainistithe foirgneamh a fhaigheann tacaíocht ó IS i dTaillinn) agus feasacht chomhshaoil.

Chun feasacht a mhúscailt maidir lena feidhmíocht chomhshaoil, leanfaidh an Ghníomhaireacht dá **tuarascáil ar an ráiteas ar an gcomhshaol** agus **bileog eolais maidir le torthaí an loirg carbóin** a fhoilsiú. Tabharfar breac-chuntas sna tuarascálacha sin ar dhul chun cinn eu-LISA ó thaobh a chuspóirí comhshaoil de, ina sonrófar na gníomhaíochtaí agus na bearta a rinneadh roimhe seo, chomh maith le socrú spriocanna don todhchaí. Foilsítear na tuarascálacha sin ar shuíomh gréasáin eu-LISA.

## Lorg carbóin

Tá faireachán agus taifeadadh á dhéanamh ag eu-LISA ar a astaíochtaí $CO_2$ ó 2020 i leith. In 2024, chuir an Ghníomhaireacht feabhas suntasach ar a ríomhanna trí úsáid a bhaint as modheolaíocht Bilan Carbone[96]. Amach anseo saineoidh eu-LISA **straitéis um neodracht ó thaobh carbóin de a bhaint amach** chun a astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) a laghdú, d'fhonn aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2030, i gcomhréir le Cairt Líonra Gníomhaireachtaí AE (EUAN) maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus bainistiú freagrach comhshaoil.

| Táscaire an loirg carbóin | 2023 | 2024 | 2025 |
|---|---|---|---|
| **astaíochtaí $CO_2$ níos ísle i gcomparáid leis an mbliain seo caite** | 3507 tCO2eq | 3781 tCO2eq | |
| *Foinse: Ráiteas ar an gcomhshaol* | | | |

## Éifeachtúlacht fuinnimh

Leanfaidh an Ghníomhaireacht de bhonneagar glas agus tionscnaimh tógála a chur chun feidhme, lena gcomhtháthófar dearadh atá tíosach ar fhuinneamh agus breithnithe fadtéarmacha comhshaoil. Leanann an Ghníomhaireacht d'úsáid leictreachais ghlais agus téimh ceantair a chur chun cinn, ar leictreachas agus téamh ceantair iad a thagann ó fhuinneamh in-athnuaite (níos mó ná 97 % ar fud na láithreán uile in 2024).

Ó 2023 i leith, tá **plean gníomhaíochta measarthachta** curtha chun feidhme ag an nGníomhaireacht freisin chun rannchuidiú le spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh 2030 an Aontais (tomhaltas fuinnimh príomhúil agus deiridh a laghdú).[97] Is é is aidhm don phlean coigilteas fuinnimh a bhaint amach trí fheabhas a chur ar chórais téimh agus fuaraithe na Gníomhaireachta.

[94] Le tuilleadh faisnéis a fháil, féach ar shuíomh gréasáin tiomnaithe an Choimisiúin maidir le *Scéim an Aontais um Bainistíocht agus Iniúchadh Comhshaoil* (EMAS).

[95] Le haghaidh tuilleadh eolais, tabhair cuairt ar shuíomh gréasáin tiomnaithe an Choimisiúin maidir leis an *gComhaontú Glas don Eoraip*.

Is éard is [96] *modheolaíocht Bilan Carbone* ann creat cuntasaíochta carbóin/GCT a d'fhorbair Gníomhaireacht Bainistithe Comhshaoil agus Fuinnimh na Fraince (*ADEME*) chun astaíochtaí GCT eagraíochta a chainníochtú trína lorg carbóin (astaíochtaí díreacha/indíreacha) a thomhas, agus pleananna gníomhaíochta a cheapadh chun a dtionchar a laghdú.

[97] Le haghaidh tuilleadh eolais, tabhair cuairt ar shuíomh gréasáin tiomnaithe an Choimisiúin maidir le *Spriocanna Éifeachtúlachta Fuinnimh*.

Thairis sin, tá plean gníomhaíochta curtha le chéile ag an nGníomhaireacht freisin chun comhlíonadh na **gcaighdeán comhshaoil agus éifeachtúlachta fuinnimh** is gá a áirithiú i gcomhréir le dlí an Aontais is infheidhme[98]. Mar réiteach gearrthéarmach, tá eu-LISA ag obair i dtreo úsáid níos éifeachtúla a bhaint as a bhonneagar fuaraithe atá ann cheana agus thug sé taispeántas isteach le haghaidh córas fuaraithe tumtha ag CU. Thairis sin, faoi 2026, tabharfaidh an Ghníomhaireacht staidéar chun críche le haghaidh réiteach meántéarma bunaithe ar gheoiteirmeach chun a héifeachtacht fhoriomlán maidir le húsáid cumhachta (PUE) a laghdú. Leis na réitigh sin, tá an Ghníomhaireacht ag súil le PUE a laghdú idir 5-7 % chomh maith le hinfhaighteacht an chórais a mhéadú agus cumhacht fuaraithe bhreise a fháil.

**Príomhchuspóirí 2026–2027**

- **Éifeachtúlacht fuinnimh fhoirgnimh agus lárionaid sonraí eu-LISA a fheabhsú:** faireachán leanúnach a dhéanamh ar tháscairí feidhmíochta ábhartha agus gníomhaíochtaí éifeachtúla a shainiú chun aghaidh a thabhairt ar neamhréireachtaí.
- **Straitéis um Sholáthar Poiblí Glas a chur i bhfeidhm:** comhtháthú chritéir agus cheanglais an Aontais maidir le Soláthar Poiblí Glas (SPG) a neartú maidir le gnéithe comhshaoil in 100 % de nósanna imeachta soláthair nua a bhaineann le margaí tosaíochta a shainítear i mbeartas SPG eu-LISA.
- **Dramhaíl a chosc, a shórtáil agus a athchúrsáil:** 90 % den ráta aisghabhála dramhaíola a choinneáil ar bun i ngach láithreán.
- **Astaíochtaí $CO_2$ a laghdú trí bheartais taistil níos glaise agus 80 % de na misin ag cloí leis na rialacha maidir le glasú:** físchomhdháil a chur chun cinn mar rogha réamhshocraithe, eagrú na misean a bharrfheabhsú (lena n-áirítear teorainn a chur le líon na mball foirne ón earnáil chéanna dul chuig an misean agus ag an am céanna), agus tionchar comhshaoil an taistil a laghdú.
- **Acmhainní nádúrtha a chaomhnú agus truailliú a chosc:** timpeallacht oibre dhigiteach a chur chun cinn, breithnithe comhshaoil a chomhtháthú i ngach gníomhaíocht agus tionscadal (lena n-áirítear cruinnithe agus imeachtaí inbhuanaithe agus glasa a óstáil), ábhair nár úsáideadh a dheonú (e.g. troscán agus crua-earraí) agus an ráta téarnaimh a choinneáil os cionn 60 %.
- **Feasacht a mhúscailt agus cultúr an chomhshaoil a fheabhsú:** Trí sheisiún feasachta gach bliain chun faisnéis leordhóthanach, treoracha agus oiliúint fógraíochta a chur ar fáil do gach fostaí agus soláthraí seirbhíse chomh maith le cur chun cinn leanúnach na soghluaisteachta inbhuanaithe agus na comaitéireachta éiceachomhfhiosaí.

[98] *Treoir (AE) 2018/2001* an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn.

# Iarscríbhinn VII. **Beartas tógála**

Leagtar síos i gcur chuige reatha na Gníomhaireachta go ndíreoidh an láithreán oibríochta in Strasbourg ar ghnéithe teicniúla, mar gheall ar a stádas mar bhonneagar criticiúil, agus go leathnófar de réir a chéile é chun freastal ar acmhainneachtaí nua ionad sonraí, ach coinneoidh an láithreán cúltaca san Ostair a ról cúltaca. In Strasbourg, tabharfaidh spásanna oifige ar an láithreán oibríochtúil tús áite d'fhoirne a dteastaíonn obair ar an láthair uathu le haghaidh bainistiú oibríochtúil agus déanfar obair riaracháin ó oifig ar léas.

Tá réitigh shealadacha sainaitheanta agus curtha chun feidhme ag an nGníomhaireacht chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanas spáis agus ar riachtanais acmhainne láithreacha araon go dtí go dtabharfar chun críche an tionscadal sínte ar an láithreán oibríochtúil a cuireadh siar mar gheall ar theorainneacha buiséid:

- chun freastal ar acmhainneacht mhéadaithe lárionaid sonraí (DC) agus ar éilimh spáis mar gheall ar fhorbairt agus bainistiú oibríochtúil na gcóras nua CGB a chuirtear de chúram uirthi, mar bheart sealadach, chuir an Ghníomhaireacht síneadh teoranta ar an bpríomhionad sonraí chun feidhme cheana féin tríd an lárionad sonraí modúlach 1 agus 2.1 chun gur féidir córais neamhtháirgiúla a óstáil ar a suíomh oibríochtúil in Strasbourg agus, dá bhrí sin, faoiseamh indíreach a thabhairt do chuid de na príomhshrianta DC;
- chun feabhas a chur ar staid an spáis oibre, ó mhí Mheán Fómhair 2024 i leith agus tar éis do na comhreachtóirí é a fhormheas, tá áitreabh breise á léasú ag an nGníomhaireacht in Strasbourg. Rinneadh obair feistithe foirgneamh ASPIRE in am agus laistigh den bhuiséad ceadaithe.

## Staid reatha na bhfoirgneamh

| **Ainm agus cineál foirgnimh: suíomh** | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Achar dromchla i m²** | | | **Conradh cíosa** | | | | | **Tír óstach (deontas nó tacaíocht)** |
| **Spás oifige** | **Neamhoifig** | **Iomlán** | **CÍOS (€/bliain)** | **Fad** | **Cineál** | **Clásal foirceanta léasa** | **Coinníollacha an chlásail foirceanta léasa** | |
| **Ceanncheathrú eu-LISA:** Vesilennuki 5, Taillinn, an Eastóin | | | | | | | | |
| 1161.4 | 3 235.9 | 4397.3 | - | - | - | - | - | In 2018, thóg agus d'aistrigh an Eastóin ceanncheathrú nua chuig eu-LISA in idirbheart neamhmhalartaithe |
| **Ionad Oibriúcháin eu-LISA:** 18 Rue de la Faisanderie, 67100 Strasbourg, An Fhrainc | | | | | | | | |
| 2155 | 5 687 | 7842 | - | - | - | - | - | an 29 Bealtaine 2013, dheonaigh an Fhrainc áitreabh iomlán ar EUR 1 |
| **Spás oifige sealadach eu-LISA:** Foirgneamh PLATON, 4 Rue Jean Sapidus, 67400 Illkirch-Grafenstaden, Strasbourg, an Fhrainc | | | | | | | | |
| 2074.40 | - | 2074.40 | 639,985.23 | 6+3 bliana (go dtí lár 2026) | cíos | - | - | - |
| **Spás oifige sealadach eu-LISA:** Foirgneamh ASPIRE, 1 All. des Orcades, 67000 Strasbourg, an Fhrainc | | | | | | | | |
| 2 165 | 2 665 | 4 830 | 1 270 000 | 9 mbliana (ó 2024) | spás oifige agus páirceála ar cíos | - | - | - |
| **Iáraonad cúltaca (BCU) eu-LISA:** Lárionad Cúltaca Feidearálach na hOstaire in St Johann im Pongau, an Ostair | | | | | | | | |
| 223 | 403 | 626 | 640 000 | comhaontú oibríochtúil éiginnte le Poblacht na hOstaire | cíos | - | - | - |

| Ainm agus cineál foirgnimh: suíomh | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Achar dromchla i m² | | | Conradh cíosa | | | | | Tír óstach (deontas nó tacaíocht) |
| Spás oifige | Neamhoifig | Iomlán | CÍOS (€/bliain) | Fad | Cineál | Clásal foirceanta léasa | Coinníollacha an chlásail foirceanta léasa | |
| Oifig Idirchaidrimh eu-LISA: Avenue de Cortenbergh 120, 1000 an Bhruiséil, an Bheilg | | | | | | | | |
| 180 | 125 | 305 | 67 250 | 9 mbliana, go dtí an 28 Feabhra 2034 | cíos | - | - | - |

## Tionscadail tógála ag céim na pleanála

tá eu-LISA i mbun plé le rialtas na hOstaire maidir le hacmhainneacht bhreise cumhachta agus fuaraithe do St Johann im Pongau (Is é an uaillmhian atá ann na riachtanais sin a chomhlíonadh trí lárionad sonraí modúlach nua a chur chun feidhme in BCU, arna bhunú agus arna bhainistiú ag údaráis na hOstaire chun gur féidir an riosca méadaitheach a bhaineann leis an easpa acmhainneachta don Ghníomhaireacht agus do reáchtáil na gcóras CGB a chuirtear ar iontaoibh a mhaolú. Ós rud é go dtógfar an lárionad sonraí modúlach nua ar bhonn íosta thart ar 2 bhliain, cuireadh iallach ar an ngníomhaireacht acmhainneacht bhreise a chruthú tríd an infheistíocht i réiteach coimeádán uathrialaitheach atá beartaithe a bheith gníomhach sa chéad leath de 2026. Ní chomhlíonfaidh an méadú acmhainneachta a thiocfaidh as sin na riachtanais atá ann cheana, rud a éileoidh go mbeidh imlíne nua an lárionaid sonraí mhodúlaigh ar fáil

Ag an am céanna, tá plé ullmhúcháin á dhéanamh ag eu-LISA le rialtas na hEastóine chun meastóireacht a dhéanamh ar an deis chómhaoinithe chun síneadh féideartha a chur le suíomh Thaillinn. Ceadaíodh an fhéidearthacht síneadh a chur leis an bhfoirgneamh féin in 2017 in éineacht leis an dearadh ailtireachta atá ann cheana.

## Tionscadail tógála curtha faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle

### An dara síneadh ar an láithreán oibríochtúil in Strasbourg

Tá réiteach inbhuanaithe fadtéarmach de dhíth ar an nGníomhaireacht chun aghaidh a thabhairt ar a riachtanais acmhainneachta atá ag dul i méid i bhfianaise theacht i bhfeidhm na gcóras nua go luath a chuirfear de chúram ar eu-LISA. In 2021, chuir an Ghníomhaireacht bailchríoch ar réamhstaidéir agus shainigh sí an clár tógála, sonraíochtaí teicniúla sonraithe don tairiscint agus riachtanais airgeadais. Ós rud é nach bhfuil na hacmhainní airgeadais is gá ag an nGníomhaireacht chun aghaidh a thabhairt go leordhóthanach ar chostas ard an tionscadail sin, rinneadh cinneadh in 2023 an tionscadal a chur ar fionraí go sealadach (sula seolfar an tairiscint deartha), agus é mar aidhm aige atosú leis le linn an chéad CAI eile. Má fhaigheann an Ghníomhaireacht an buiséad sa CAI nua, déanfar athbhreithniú ar an gclár tógála agus ar an tsonraíocht theicniúil ghaolmhar sula seolfar an tairiscint deartha.

## Clár um méadú acmhainneachta

Chun freastal ar riachtanais oibríochtúla atá ag méadú agus chun éifeachtúlacht agus athléimneacht oibríochtúil a fheabhsú, bhunaigh eu-LISA an clár méadaithe acmhainne chun acmhainní ionad sonraí a bharrfheabhsú trí fheabhas a chur ar chumas cumhachta agus fuaraithe chun freastal ar riachtanais oibríochtúla atá ag méadú a eascraíonn as líon méadaitheach córas agus toirteanna sonraí nua.

Foráiltear don chlár um méadú acmhainneachta:

- lárionad sonraí modúlach nua i gcoimeádán a sheoladh (lárionad sonraí modúlach 2, réiteach solúbtha inscálaithe nach bhfuil aon tógáil nua ag teastáil ina leith) agus síntí sa phríomhionad sonraí iarbhír in 2026/2027 agus é mar aidhm leis sin an acmhainneacht TF agus an spás chun córais tháirgiúla a óstáil a mhéadú. Chuige sin, beidh gá le hinfheistíochtaí san eangach leictreach ar an láthair; agus
- réiteach meántéarma a chur chun feidhme maidir leis na huasghráduithe ar an acmhainneacht cumhachta agus fuaraithe ag suíomh teicniúil 2026. Ós rud é go mbeidh infheistíochtaí suntasacha roimh ré san acmhainn chumhachta agus fuaraithe ag teastáil chun go bhféadfar córais tháirgiúla (Ionad Sonraí TIER3) a óstáil chun go bhféadfar cur i bhfeidhm an Ionaid Sonraí Modúlaigh 2.2 nua, beidh gá codanna de na cistí a leithdháileadh in 2025 agus 2026 don Ionad Sonraí Modúlach 2* a leithdháileadh chun tacú le huasghráduithe breise ar an acmhainn chumhachta agus fuaraithe. Leis sin, beifear in ann tionscadal an lárionaid sonraí mhodúlaigh 2.2 a sheoladh in 2026 le soláthar breise acmhainneachta ag deireadh 2027. Ina theannta sin, mar fho-iarmhairt, leis na huasghráduithe cumhachta agus fuaraithe, beifear in ann leithdháileadh acmhainne an phríomhionaid sonraí reatha a leathnú go páirteach agus feabhas a chur ar an staid maidir le córais tháirgiúla a óstáil.

Cuirtear an dáileadh buiséadach measta i láthair sa tábla thíos:[99]

| | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | 2028 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Lárionad sonraí modúlach 2 + Síneadh Acmhainne DC** | 6 680 000 | 3 620 000 | 6 673 000[100] | 7 723 000 | 6 500 000 | 3 000 000 |
| **Uasghráduithe ar thoilleadh cumhachta agus fuaraithe** | | 975 000 | 3 166 200 | | | |

[99] Tá sé beartaithe ag an nGníomhaireacht an tionscadal 'bonneagar MDC2' agus an tionscadal 'Méadú ar acmhainn chumhachta agus fuaraithe' a mhaoiniú leis an ioncam a bhailítear i gcomhréir le *hAirteagal 46(3)* de Rialachán (AE) 2018/1726 maidir le eu-LISA. Ós rud é gur bailíodh an tioncam sin cheana féin, is féidir an tionscadal a mhaoiniú gan aon mhéadú ar fhóirdheontas an Aontais mar atá sainithe sa Chreat Airgeadais Ilbhliantúil. Tá sé beartaithe ag an nGníomhaireacht réamhfhormheas a iarraidh ar an Údarás Buiséadach sula síneofar an conradh chun modúil MDC2 a fhorbairt.

[100] Réamh-mheastachán ar bhuiséad MDC2 do 2025-2028 de réir mar a chuirfear céimeanna an tionscadail chun feidhme de réir na teicneolaíochta atá le cur in úsáid.

# Iarscríbhinn VIII. **Pribhléidí agus díolúintí**

| Pribhléidí foirne reachtúla eu-LISA | Prótacal pribhléidí agus díolúintí/stádas taidhleoireachta | Oideachas / Cúram lae |
|---|---|---|
| Gheobhaidh foireann reachtúil eu-LISA i dTaillinn, ar choinníoll nach buanchónaitheoirí na hEastóine iad sula rachaidh siad i mbun a gceapacháin sa Ghníomhaireacht, aisíocaíocht ó rialtas na hEastóine ar shuim atá comhionann leis an CBL a íocadh ar earraí a cheannach san Eastóin (teoranta do liosta sonrach earraí) sa chéad bhliain ó dhul i mbun dualgais sa Ghníomhaireacht i dTaillinn chun a éascú dóibh cur fúthu san Eastóin.<br>Tá foireann reachtúil eu-LISA i dTaillinn agus baill teaghlaigh ar cuid dá dteaghlach iad díolmhaithe ó gach ranníocaíocht éigeantach le scéim sláindála sóisialta na hEastóine a mhéid a chumhdaítear iad le scéim na sochar sláindála sóisialta d'oifigigh agus do sheirbhísigh eile an Aontais. | An Comhaontú maidir leis an gCeanncheathrú idir eu-LISA agus Poblacht na hEastóine, Airteagal 12. | Bunaíodh Scoil Eorpach Chreidiúnaithe i dTaillinn i san Fhómhar 2013, inar cuirtear curaclam de Chineál II ar fáil sa naíonra agus san oideachas bunscoile agus meánscoile. Glacann Scoil Eorpach Thaillinn le leanaí ó cheithre bliana d'aois. |
| Tá foireann reachtúil eu-LISA in Strasbourg agus baill teaghlaigh ar cuid dá dteaghlach iad díolmhaithe ó gach ranníocaíocht éigeantach le scéim sláindála sóisialta na Fraince a mhéid a chumhdaítear iad le scéim na sochar sláindála sóisialta d'oifigigh agus do sheirbhísigh eile an Aontais. A mhéid a chumhdaítear iad leis an scéim sláindála sóisialta dá dtír thionscnaimh, bíonn SNInna díolmhaithe freisin ó gach ranníocaíocht éigeantach le scéim sláindála sóisialta na Fraince. | Comhaontú ar shuíomh teicniúil Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais idir eu-LISA agus Rialtas na Fraince, Airteagal 13. | Gheall rialtas na Fraince go n-aimseodh sé an réiteach ab fhearr ab fhéidir chun oideachas a chur ar leanaí fhoireann eu-LISA trí oideachas bunscoile agus meánscoile a chur ar fáil atá saincheaptha dá riachtanais aonair agus trí dheis a thabhairt cáilíochtaí a aithnítear go hidirnáisiúnta a fháil. Thug an rialtas tiomantas freisin chun a airithiú go ligtear leanaí fhoireann eu-LISA isteach i Scoil Eorpach Strasbourg, a chuireann clár baccalaureate ar fáil, clár a aithníonn Ballstáit uile an AE, i gcomhréir le hAirteagal 4 den Chomhaontú um Chreidiúnú agus Comhar a tugadh i gcrích idir Bord Gobharnóirí na Scoileanna Eorpacha agus Scoil Eorpach Strasbourg, rud a síníodh sa Bhruiséil an 24 Bealtaine 2011. |

# Iarscríbhinn IX. **Meastóireachtaí**

## Meastóireachtaí feidhmíochta córas TF

In 2024, chuir an Ghníomhaireacht bailchríoch ar staidéar tagarmharcála a dhírigh ar shamhail oibríochtúil eu-LISA agus ar leithdháileadh acmhainní daonna. Áiríodh sa staidéar freisin athbhreithniú ar KPInna corparáideacha d'fhonn feabhas a chur ar thomhas thionchar eu-LISA ar chur chun feidhme bheartais ábhartha an Aontais. Bhí torthaí an staidéir sin ina n-ionchur breise don mheastóireacht sheachtrach a rinne an Coimisiún Eorpach in 2023 go dtí 2024.

## Meastóireacht ex-ante ar thionscadail

Tá an próiseas meastóireachta ex-ante ina chuid de straitéis agus de thimthriall pleanála oibríochtúla eu-LISA. Is é an aidhm atá ann measúnú a dhéanamh ar **ábharthacht agus indéantacht tionscadal** i gcomparáid le sainordú agus cuspóirí straitéiseacha na Gníomhaireachta, i.e. oiriúnacht straitéiseach, tairbhí, stádas tosaíochta, meastacháin bhuiséid agus acmhainní, srianta, rioscaí agus ceanglais soláthair. Is beart rialaithe cáilíochta é freisin, toisc go soláthraíonn sé sásra chun measúnú a dhéanamh go luath ar ghnéithe amhail ullmhacht sonraí trí bhearnaí agus neamhréireachtaí a shainaithint, chomh maith le neamhchomhlíonadh na gcritéar cáilíochta le haghaidh ábhar doiciméadaithe a bhrath.

Eascraíonn cur i bhfeidhm an phróisis ex-ante as Airteagal 2 den Rialachán lena mbunaítear eu-LISA, lena gceanglaítear struchtúr bainistithe tionscadal leordhóthanach a úsáid chun tacú le forbairt éifeachtúil córas mórscála TF. Ina theannta sin, sonraítear in Airteagal 29 de Rialacha Airgeadais eu-LISA go mbeidh gach gníomhaíocht **agus tionscadal a dteastaíonn caiteachas suntasach** uathu faoi réir meastóireacht ex-ante sula ndéanfar iad a fhormheas agus a áireamh sa chlár oibre bliantúil.

Chun na cineálacha meastóireachtaí sin a éascú, tá an **Beartas Meastóireachta Ex-Ante** curtha le chéile ag eu-LISA, tá an próiseas agus na nósanna imeachta ábhartha leagtha amach aige, agus tá sé sraith critéar curtha ar bun aige chun tionscadail a roghnú le haghaidh meastóireachta, lena náirítear teimpléad cásanna gnó nuashonraithe.

Agus é á chur san áireamh go dtógann an timthriall meastóireachta ex-ante dhá bhliain, ghlac an Ghníomhaireacht cur chuige dhá chéim bharrfheabhsaithe ina gcuimsítear (1) **measúnú tosaigh deiseanna** agus (2) **measúnú féidearthachta** ina dhiaidh sin an bhliain dár gcionn. Leis an gcur chuige sin éascaítear an próiseas meastóireachta ex-ante trína chinntiú nach ndéantar tionscadail nua a mheas ach amháin i gcoinne na faisnéise atá ar fáil, agus luathléargais ar éileamh an tionscadail a sholáthar ag an am céanna, chomh maith lena thionchar ar phunann agus ar bhuiséad na Gníomhaireachta. Cumasaítear ar an dóigh sin spleáchais phunainne gach tionscadail a chinneadh ón tús, agus, ag an am céanna, catagóirí agus tosaíochtaí cuí tionscadail a fháil amach chun pleanáil acmhainní a threorú.

## Meastóireachtaí seachtracha

De bhun Airteagal 39 den Rialachán lena mbunaítear eu-LISA, déanann an Coimisiún Eorpach meastóireacht ar fheidhmíocht na Gníomhaireachta gach cúig bliana. Tugadh an chéad mheastóireacht chun críche in 2024, agus díríodh ar shainordú, cúraimí agus cuspóirí, struchtúr agus rialachas, agus bainistiú acmhainní, d'fhonn bealaí a aimsiú chun feidhmiú eu-LISA a fheabhsú agus chun an breisluach a chuireann sé ar fáil a mhéadú.

In 2025, déanfaidh eu-LISA Plean Gníomhaíochta d'aon ghnó a ullmhú agus a chur chun feidhme, agus na torthaí agus na moltaí ón gCoimisiún a eascraíonn as an meastóireacht sin á gcur san áireamh agus áiritheoidh sé go ndéanfar obair leantach leordhóthanach. Tacóidh eu-LISA leis an gCoimisiún freisin i gcás ina léireoidh torthaí na meastóireachta an gá a bheith le haon athruithe a dhéanamh ar a shainordú.

### Staidéar tagarmharcála

Ag tús 2024, chuir eu-LISA bailchríoch ar an staidéar tagarmharcála chun forléargas a thabhairt ar fheidhmíocht a mhúnla oibriúcháin, agus é mar aidhm aige a bheith ar cheann de na hionchuir don phróiseas meastóireachta seachtraí. Sa tuarascáil tagarmharcála, a d'ullmhaigh comhairleoir seachtrach, cuireadh sraith moltaí straitéiseacha agus oibríochtúla ar fáil a d'fhéadfaí a chur chun feidhme sula dtabharfar an mheastóireacht sheachtrach chun críche. Baineadh úsáid as torthaí an staidéir tagarmharcála mar bhonn chun plean gníomhaíochta maidir le bainistiú straitéiseach a dhearadh, plean a cuireadh in iúl thart ar chúig thosaíocht straitéiseacha a leagtar amach san Achoimre feidhmiúcháin. Cuireadh an plean gníomhaíochta sin faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta i mí Mheán Fómhair 2024 agus cuirfear chun feidhme é idir R4 2024 agus R4 2025.

# Iarscríbhinn X. Straitéis maidir le bainistiú eagraíochtúil agus córais rialaithe inmheánaigh

## Creat Rialaithe Inmheánach (ICF)

Cuidíonn próiseas rialaithe inmheánaigh na Gníomhaireachta le eu-LISA a chuspóirí a bhaint amach agus a fheidhmíocht oibríochtúil agus airgeadais a choinneáil ar bun trí thacú le cinnteoireacht fhónta agus rioscaí a laghdú go leibhéil inghlactha trí rialuithe costéifeachtacha.

Sa chomhthéacs sin, tá Stiúrthóir Feidhmiúcháin eu-LISA freagrach as beartas agus prionsabail rialaithe inmheánaigh eu-LISA a chur chun feidhme, agus ag an am céanna an struchtúr eagraíochtúil agus an córas rialaithe inmheánaigh a bhunú i gcomhréir leis na prionsabail arna nglacadh ag an mBord Bainistíochta agus measúnú bliantúil a dhéanamh ar éifeachtúlacht Chreat Rialaithe Inmheánaigh (ICF) eu-LISA.

Comhlánaíonn ICF Rialacha Airgeadais eu-LISA, chomh maith le rialacha agus rialacháin eile is infheidhme, i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta is airde. Treoraíonn an creat ar chuir an Coimisiún Eorpach chun cinn é prionsabail ICF na Gníomhaireachta. Ar an iomlán, áirithítear le ICF na Gníomhaireachta go mbainfear amach na cuspóirí seo a leanas:

- éifeachtacht, éifeachtúlacht agus barainneacht na n-oibríochtaí,
- iontaofacht an tuairiscithe,
- sócmhainní agus faisnéis a chosaint,
- calaois agus neamhrialtachtaí a chosc, a bhrath, a cheartú agus obair leantach a dhéanamh ina leith,
- bainistíocht leordhóthanach ar rioscaí a bhaineann le dlíthiúlacht agus rialtacht na mbun-idirbheart.

Tá cúig chomhpháirt idirghaolmhara sa chreat rialaithe inmheánaigh:

- timpeallacht rialaithe,
- measúnú riosca,
- gníomhaíochtaí rialaithe,
- faisnéis agus cumarsáid,
- gníomhaíochtaí faireacháin.

Chun go measfar go bhfuil rialú inmheánach éifeachtach, ní mór go mbeadh na comhpháirteanna sin go léir ann agus ag feidhmiú ag gach leibhéal den eagraíocht agus ag gach céim de phróisis ghnó (e.g. forbairt córas, oibriú, etc.). Déantar measúnú ar an gcreat rialaithe inmheánaigh ar leibhéal na gcomhpháirteanna. In 2025, déanfar an measúnú ar bhonn bliantúil, ach déanfar faireachán agus obair leantach air go córasach agus go tréimhsiúil le linn na bliana féilire.

Féachann an Ghníomhaireacht go leanúnach lena gníomhaíochtaí rialaithe inmheánaigh a neartú, go háirithe sna réimsí inar sainaithníodh an gá atá le feabhsuithe móra le linn faireacháin agus measúnaithe. Mar chuid den mheasúnú bliantúil rialta, a dhéantar le linn na chéad ráithe den bhliain, déantar sonraí ó fhoinsí éagsúla sonraí a bhailiú agus a anailísiú bunaithe ar chritéir faireacháin shainithe, e.g. suirbhé foirne, clár na n-eisceachtaí agus na dteagmhas neamhchomhlíonta, tuarascálacha iniúchóireachta inmheánaí agus seachtraí, agus doiciméadacht ábhartha eile a bhaineann leis na próisis ghnó. Cuirtear torthaí an mheasúnaithe bhliantúil ar ICF i láthair i dTuarascáil Bhliantúil Chomhdhlúite ar Ghníomhaíochtaí eu-LISA.

Déanann eu-LISA faireachán agus anailís rialta ar na heisceachtaí agus ar na teagmhais neamhchomhlíonta chomh maith le hobair leantach ar gach cás a tuairiscíodh sa bhliain féilire roimhe sin. Leanfaidh an Ghníomhaireacht de chumais foirne a fhorbairt chun teagmhais den sórt sin a mhaolú, agus chun tuairisciú agus obair leantach a dhéanamh orthu. Déanfar na gníomhaíochtaí sin a chomhtháthú sa Straitéis Rialaithe Inmheánaigh a rannchuidíonn leis an timpeallacht rialaithe inmheánaigh a neartú. In 2025, déanfaidh eu-LISA measúnuithe, anailís, moltaí agus gníomhaíochtaí leantacha spriocdhírithe, chomh maith le hoiliúint spriocdhírithe maidir le fothú acmhainne a chur ar fáil d'fhonn feabhas a chur ar a chóras bainistithe agus rialaithe agus chun comhlíonadh próiseas agus nósanna imeachta a áirithiú. Is é an cuspóir dul chun cinn suntasach a dhéanamh i dtreo córas rialachais comhtháite, le tacaíocht ó chóras TF a nascann faisnéis a eascraíonn as iniúchtaí, rialuithe inmheánacha, eisceachtaí agus tuarascálacha neamhchomhlíonta, agus measúnú riosca.

I mí Mheán Fómhair 2024, ghlac eu-LISA a **Straitéis Rialaithe Inmheánaigh**. Is é an cuspóir atá leis sraith beart rialaithe a bhunú do na limistéir rialaithe inmheánaigh is mó atá neamhchosanta ar riosca.

Sainítear sa straitéis seo sraith rialuithe agus gníomhaíochtaí inmheánacha a dhéanfaidh an méid seo a leanas:

- comhlíonadh an Rialacháin bunaidh agus na Rialacha Airgeadais a áirithiú,
- cur ar chumas eu-LISA a shainordú dlíthiúil a chomhlíonadh agus seirbhísí a sholáthar de réir mar a bhíothas ag súil leis ó pháirtithe leasmhara,
- tacú le cinnteoireacht fheasach ar bhealach éifeachtúil agus tapa,
- aghaidh a thabhairt ar cheanglais tuairiscithe geallsealbhóirí,
- leanúnachas gnó a áirithiú.

Tugann an straitéis seo aghaidh ar mholtaí arna n-eisiúint ag roinnt údarás iniúchóireachta agus is ionann í agus tiomantas eu-LISA a chuid iarrachtaí a dhíriú ar réimse na comhlíontachta agus an bhainistithe fónta airgeadais.

## Rioscaí corparáideacha agus bainistiú rioscaí

Rinneadh athbhreithniú iomlán ar bheartas bainistithe riosca na Gníomhaireachta, a formheasadh i mí Aibreáin 2020, agus leasaíodh é d'fhonn go leanfaidh an beartas de bheith ina thionscnóir atá ailínithe le cuspóirí straitéiseacha eu-LISA. Tugadh i gcrích é le sainmhíniú próisis agus cur síos seirbhíse chun soiléireacht a sholáthar agus chun glacadh an chur chuige Bainistíochta Riosca a fheabhsú. D'fhormheas an Bord Bainistíochta an Beartas Bainistithe Riosca nua agus na doiciméid ghaolmhara nua an 16 Deireadh Fómhair 2023.

De bhun an bheartais, is cuid lárnach den chreat riosca a shainítear sa bheartas é Bainistiú Riosca Chorparáidigh eu-LISA, ag díriú ar an eagraíocht ar fad agus ar a cuspóirí, le próiseas cuíchóirithe agus Clár tiomnaithe um Rioscaí Corparáideacha agus um Shaincheisteanna. Is cuid riachtanach den rialachas corparáideach é freisin, ós rud é go dtugann sé treoir agus tacaíocht don bhainistíocht shinsearach chun cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach mar atá leagtha amach sa chlár oibre bliantúil.

Déantar na rioscaí a mheasúnú agus a dheimhniú ar an leibhéal corparáideach ar bhealach leanúnach, bunaithe ar chritéir aicmithe uathúla agus chomhroinnte:

- bailítear míreanna nua-aitheanta tríd an uirlis bainistithe punainne tionscadail (PPM) agus cáilíonn Cinn Aonaid/Cinn Roinne iad sula gcuirtear faoi bhráid an Choiste Bainistíochta iad lena gcur san áireamh sa Chlár um Rioscaí agus um Shaincheisteanna Corparáideacha,
- sanntar úinéir riosca do gach riosca a mbeidh sé de chúram air pleananna maolaithe comhfhreagracha a shainiú agus a chothabháil go dtí go ndúnfar an riosca;
- sanntar Ceann Aonaid/Ceann Roinne do gach mír riosca ar leibhéal corparáideach mar úinéir (i gcásanna sonracha áirithe, féadfaidh an Coiste Bainistíochta Ceann Earnála a shannadh),
- cuirtear tuarascáil stádais maidir le gach riosca, mar aon le saincheisteanna a thagann chun cinn agus pleananna maolaithe comhfhreagracha, faoi bhráid an Choiste Bainistíochta ar bhonn rialta, bunaithe ar an athbhreithniú ar rioscaí iarmharacha agus ar a dtionchar. I mí an Mheithimh 2024, eagraíodh ceardlann thiomnaithe ar thionscnamh an Stiúrthóra Feidhmiúcháin, chun rioscaí corparáideacha a mheasúnú/a athmheasúnú agus a chur in ord tosaíochta, agus seisiúin le húinéirí riosca aonair roimhe seo chun na míreanna a athfhoirmliú,
- ar bhonn míosúil, seoltar an leagan is déanaí den Chlár um Riosca Corparáideach ar an ríomhphost chuig gach ball foirne agus bíonn sé ar fáil i gcónaí ar leathanach SharePoint na hEarnála Pleanála agus Gnóthaí Corparáideacha.

Chun feabhas leanúnach ar bhainistiú riosca chorparáidigh a áirithiú, glacann eu-LISA páirt i gcleachtadh bliantúil athbhreithnithe piaraí ghníomhaireachtaí díláraithe agus chomhghnóthais an Aontais ina bpléitear na rioscaí is tábhachtaí, agus é mar chuspóir aige cur chuige coiteann a aimsiú maidir le sainmhíniú, measúnú agus faireachán riosca.

### Rioscaí corparáideacha

Leagtar amach thíos na rioscaí corparáideacha is déanaí a athbhreithníodh agus a deimhníodh a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'fheidhmiú oibríochtúil na Gníomhaireachta in 2025 agus ina dhiaidh sin mar aon le húinéirí riosca sannta agus pleananna maolaithe.

▲ **Tábla 24. Rioscaí corparáideacha a deimhníodh le déanaí agus a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar chuspóirí 2026-2028**

| Tag. | Riosca sainaitheanta | Tionchar | Úinéir |
|---|---|---|---|
| Riosca 1 | **Cibearionsaí seachtrach spriocdhírithe agus rathúil** | ▪ d'fhéadfadh ionsaí rathúil difear a dhéanamh do shlándáil shaoránaigh an Aontais agus don tsaoirse gluaiseachta laistigh de limistéar Schengen,<br>▪ gan chórais a bheith ar fáil faoi shainordú eu-LISA, éilliú agus sceitheadh sonraí. | Ceann an Aonaid Slándála |
| Riosca 2 | **Teorannú ar chumas na lárionad sonraí córais a bheidh ann amach anseo a óstáil** | ▪ bac ar an gcumas seirbhísí agus córais nua a chur chun feidhme faoi shainchúram eu-LISA. | Ceann an Aonaid Ardán agus Bonneagair |
| Riosca 3 | **Acmhainneacht, cumas agus éifeachtúlacht neamhleor chun tacú le bainistiú oibríochtúil tar éis do chórais nua teacht i bhfeidhm** | ▪ díghrádú tromchúiseach ar acmhainneacht, cumas agus éifeachtúlacht eu-LISA chun córais bainistíochta oibríochtúla faoina shainordú a áirithiú. | Ceann an Aonaid Oibríochtaí |
| Riosca 4 | **Seiceálacha dlíthiúla neamhleora ar chonarthaí córais agus ar chomhaid thábhachtacha eile** | ▪ rogha mhíchuí nósanna imeachta soláthair agus neamhchomhlíonadh rialachán na gcóras,<br>▪ tuairim neamhcháilithe trí thorthaí iniúchóireachta,<br>▪ dochar do chlú eu-LISA, i.e. a chumas dlíthiúlacht agus fóntacht na n-idirbheart a áirithiú. | Ceann na Rannóige Dlíthiúla |
| Riosca 5 | **Ganntanas tallainne, i gcomhréir le riachtanais na Gníomhaireachta, a mbíonn tionchar aige ar sheachadadh na seirbhísí a bhfuiltear ag súil leo** | ▪ gan a bheith in ann na seirbhísí agus na cuspóirí faoina shainordú a sholáthar sa cháilíocht a bhfuiltear ag súil léi mar gheall ar easpa scileanna riachtanacha,<br>▪ próisis fhada earcaíochta agus ionduchtaithe a chuireann moill ar sholáthar seirbhíse,<br>▪ dochar do chlú eu-LISA agus míshástacht na bpáirtithe leasmhara. | Ceann an Aonaid Acmhainní Daonna |
| Riosca 6 | **Easpa pleanála láraithe maidir le cothabháil shaolré na gcrua-earraí agus na mbogearraí** | ▪ tionchar criticiúil ar chostas, sceideal agus cáilíocht cothabhála an bhonneagair (e.g. cobhsaíocht oibríochtúil agus infhaighteacht spáis fhisicigh),<br>▪ moilleanna ar chórais nua a chur chun feidhme agus uasghráduithe criticiúla a chur in úsáid,<br>▪ ualach oibre breise nach bhfuil gá leis. | Ceann na Roinne Oibríochtaí um Réitigh Dhigiteacha |
| Riosca 7 | **Doiciméadú córais nach bhfuil coinnithe i lárstóras** | ▪ rialú laghdaithe ar ullmhú agus ar aistriú idir conraitheoirí,<br>▪ cáilíocht níos ísle i dtáirgí insoláthartha mar gheall ar úinéireacht ó cheann go ceann a bheith in easnamh,<br>▪ seiceálacha inmheánacha níos casta agus níos cruinne. | Ceann an Aonaid um Bainistiú Clár agus Réiteach |
| Riosca 8 | **Acmhainní neamhleora chun conarthaí tacaíochta seachtracha a bhainistiú agus deacracht na dlíthe saothair náisiúnta a chomhlíonadh** | ▪ acmhainneacht neamhleor le haghaidh bainistiú tacaíochta seachtraí agus brú neamh-inbhuanaithe ar acmhainní,<br>▪ dóchúlacht mhéadaithe maidir le neamhchomhlíonadh na ndlíthe saothair náisiúnta,<br>▪ dochar do chlú eu-LISA. | Ceann na Roinne Seirbhísí Corparáideacha |
| Riosca 9 | **Staid gheopholaitiúil** | ▪ dóchúlacht mhéadaithe maidir le hionsaí slándála hibrideach rathúil i gcoinne eu-LISA,<br>▪ méadú ar ghníomhaíochtaí stát-tionscanta, lena n-áirítear spiaireacht agus sabaitéireacht, ó stáit áirithe.<br>▪ cosaint fhisiciúil shuíomhanna na Gníomhaireachta le forfheidhmiú. | Ceann an Aonaid Slándála |
| Riosca 10 | **Ré fhadaithe na gcreatchonarthaí tacaíochta seachtraí** | ▪ riosca dlíthiúil maidir le hathcháiliú féideartha roinnt conraitheoirí mar phoist foirne (i.e., mar gheall ar fhostú an duine chéanna i ndiaidh a chéile le haghaidh na gcúraimí céanna faoin gconradh céanna). | Ceann na Roinne Seirbhísí Corparáideacha |
| Riosca 11 | **Easpa Straitéise Foinsithe lánfheidhme agus cumais pleanála lucht saothair** | ▪ ní féidir leis a shainordú a chur chun feidhme go hiontaofa agus go héifeachtúil (e.g. forléargas neamhleor ar riachtanais foinsithe, seachtrú neamhchothrom, easpa leanúnachais agus cobhsaíochta i ngníomhaíochtaí oibríochtúla). | Ceann na Roinne Seirbhísí Corparáideacha |

| Tag. | Riosca sainaitheanta | Tionchar | Úinéir |
|---|---|---|---|
| Riosca 12 | **Bainistiú riachtanas, bainistiú iarrataí na bpáirtithe leasmhara agus uirlisí anailíse gnó nach bhfuil á gcothabháil nó nach bhfuil i láthair** | ▪ cáilíocht laghdaithe an mheasúnaithe ar riachtanais chasta ghnó (e.g. bainistiú éilimh agus eolais),<br>▪ neamhchomhlíonadh rialála na gcóras atá ann cheana agus na gcóras nua atá faoi shainchúram eu-LISA. | An Stiúrthóir Feidhmiúcháin |
| Riosca 13 | **Fiachas ard i leochaileachtaí slándála** | ▪ d'fhéadfadh sárú rathúil ar shonraí difear a dhéanamh do shlándáil shaoránaigh an Aontais,<br>▪ neamh-infhaighteacht fhéideartha na gcóras a dhéanann difear do sheirbhísí do shaoránaigh an Aontais agus d'oibríochtaí TF,<br>▪ dochar do chlú eu-LISA agus cailliúint mhuinín na bpáirtithe leasmhara,<br>▪ impleachtaí airgeadais agus smachtbhannaí rialála a d'fhéadfadh a bheith ann mar gheall ar neamhchomhlíonadh na gceanglas. | Ceann an Aonaid Slándála |
| Riosca 14 | **Infhaighteacht mhoillithe an ionaid sonraí mhodúlaigh don láraonad cúltaca** | ▪ mar gheall ar acmhainneacht theoranta, bheadh ar na córais ghnó a bheith beo le cás amháin nó bheadh moill orthu. | Ceann an Aonaid Ardán agus Bonneagair |

**▲ Tábla 25. Bearta freagartha agus maolaithe le haghaidh rioscaí corparáideacha is déanaí a deimhníodh**

| Tag. | Cineál | Dóchúlacht | Tionchar | Bearta freagartha agus maolaithe |
|---|---|---|---|---|
| **Riosca 1** | bagairt | ard<br>(níos airde i gcás córais atá neamhchosanta ar an idirlíon) | an-ard | **Freagairt: *laghdaigh***<br>▪faireachán ar chroíchórais ghnó agus ar TF chorparáideach a mhéadú,<br>▪seasamh cibearshlándála a fheabhsú,<br>▪tástáil slándála a fheabhsú agus béim á leagan ar chórais atá nochta don Idirlíon,<br>▪cleachtaí slándála rialta agus seisiúin feasachta. |
| **Riosca 2** | bagairt | ard | an-ard | **Freagairt: *laghdaigh***<br>▪an lárionad sonraí modúlach (MDC2) a chur chun feidhme. |
| **Riosca 3** | bagairt | ard | an-ard | **Freagairt: *laghdaigh***<br>▪an tsamhail tacaíochta a athbhreithniú agus a shoiléiriú,<br>▪acmhainneacht a mhéadú le dlúth-obair leantach ar earcaíocht,<br>▪cumais a chothú trí chúrsaí oiliúna sula dtiocfaidh siad i bhfeidhm. |
| **Riosca 4** | bagairt | ard | an-ard | **Freagairt: *laghdaigh***<br>▪athbhreithniú dlíthiúil luath agus córasach,<br>▪acmhainní dlíthiúla a fhorfheidhmiú. |
| **Riosca 5** | bagairt | ard | an-ard | **Freagairt: *laghdaigh***<br>▪bailchríoch a chur ar an Straitéis Foinsithe,<br>▪an Creat Inniúlachta a thabhairt cothrom le dáta,<br>▪tacaíocht a thabhairt do bhainisteoirí i measúnuithe promhaidh. |
| **Riosca 6** | bagairt | ard | an-ard | **Freagairt: *laghdaigh***<br>▪uirlis le haghaidh bainistiú sócmhainní a chur chun feidhme,<br>▪Cumas Bainistithe Cumraíochta a fhorfheidhmiú. |
| **Riosca 7** | bagairt | ard | an-ard | **Freagairt: *laghdaigh***<br>▪bainistiú doiciméad a uathoibriú le linn shaolré iomlán an táirge,<br>▪an próiseas Bainistíochta Eolais a neartú,<br>▪réiteach an Chórais Bainistíochta Doiciméad (DMS) a chur chun feidhme maidir le doiciméadacht na gcóras, páirtithe leasmhara ábhartha a chur ar an eolas. |
| **Riosca 8** | bagairt | ard | an-ard | **Freagairt: *seachain***<br>▪úsáid post gearrthéarmach nuair is féidir agus glao ar shoghluaisteacht inmheánach,<br>▪an próiseas a uathoibriú trí uirlis inmheánach a fhorbairt. |
| **Riosca 9** | bagairt | ard | an-ard | **Freagairt: *laghdaigh***<br>▪tascfhórsa a bhunú,<br>▪Meabhrán Tuisceana nua a shíniú le húdaráis náisiúnta na mBallstát óstach, |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | ▪ nuashonrú ar an bpróiseas le haghaidh rochtain fhisiciúil ar áitreabh eu-LISA. |
| **Riosca 10** | bagairt | ard | an-ard | **Freagairt: *Iaghdaigh***<br>▪ meastóireacht a dhéanamh ar thorthaí fhorghníomhú an Chreatchonartha maidir le hOibrithe Eatramhacha. |
| **Riosca 11** | bagairt | an-ard | ard | **Freagairt: *Iaghdaigh***<br>▪ bailchríoch a chur ar an Straitéis Foinsithe. |
| **Riosca 12** | bagairt | ard | an-ard | **Freagairt: *Iaghdaigh***<br>▪ Straitéis Bainistithe Páirtithe Leasmhara a shainiú,<br>▪ tosaíocht a thabhairt d'uirlisí bainistithe riachtanas agus d'uirlisí anailíse gnó. |
| **Riosca 13** | bagairt | ard | an-ard | **Freagairt: *Iaghdaigh***<br>▪ modheolaíocht bainistíochta leochaileachta a chur chun feidhme le measúnuithe rialta agus tástálacha treáite,<br>▪ athbhreithniú a dhéanamh ar bhunú pleananna cothabhála. |
| **Riosca 14** | bagairt | ard | an-ard | **Freagairt: *Iaghdaigh***<br>▪ faireachán leanúnach ar dhul chun cinn na hinfhaighteachta,<br>▪ meastóireacht rialta ar thionchair agus ar réitigh theicniúla a d'fhéadfadh a bheith ann. |

### Bainistiú riosca ar leibhéil tionscadail agus cláir

Chomh maith leis an mBeartas Bainistithe Riosca, a chuireann cur chuige aontaithe i láthair chun monatóireacht a dhéanamh ar rioscaí ag gach leibhéal den eagraíocht, soláthraíonn an eu-LISA **Treoir Cur Chun Feidhme Modheolaíochta Bainistíochta Tionscadal** treoir maidir leis na dea-chleachtais do bhainistiú riosca ag leibhéal an tionscadail. Déantar faireachán ar gach tionscadal arna bhainistiú ag eu-LISA tríd an réiteach Bainistithe Clár agus Tionscadal (PPM) lena dtaifeadtar **rioscaí agus saincheisteanna gach tionscadail** faoi chúraimí an Bhainisteora Tionscadail atá freagrach. Pléitear na rioscaí agus na saincheisteanna do gach clár agus tionscadal faoi **Dhul Chun Cinn an Chláir**, faoi seach, agus cuirtear sásra géaraithe faoi bhráid Choiste Stiúrtha an Chláir, más gá.[101] Maidir le tuairisciú seachtrach, cuirtear gach riosca i láthair i dtuarascálacha míosúla chuig Boird Bainistithe Clár (PMB) eu-LISA.

## Straitéis frithchalaoise

Leanann Straitéis Frithchalaoise na Gníomhaireachta an struchtúr agus an t-ábhar a mhol an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) ina treoir maidir le straitéisí frithchalaoise a fhorbairt. Áirítear ar na bunphrionsabail a threoraíonn straitéis frithchalaoise eu-LISA eitic, sláine, trédhearcacht fheabhsaithe, cosc calaoise, agus dlúthchomhar idir geallsealbhóirí agus comhpháirtithe inmheánacha agus seachtracha.

Ní mór d'fhoireann na Gníomhaireachta, do chomhaltaí an Bhoird Bainistíochta agus do na Grúpaí Comhairleacha, agus do gach conraitheoir seachtrach, na caighdeáin ionracais agus macántachta is airde a chur i bhfeidhm agus a ndualgais á gcomhlíonadh acu. Ní ghlacann an Ghníomhaireacht le hiompar mí-eiticiúil amhail calaois agus tuairisceoidh sí, gan mhoill, aon chás de chalaois amhrasta do OLAF, gníomhaireacht thiomnaithe de chuid an Aontais a bhfuil inniúlacht eisiach agus sainordú dlíthiúil aici chun gach cás den sórt sin a imscrúdú.

Gníomhóidh an Ghníomhaireacht agus glacfaidh sí gach beart, de réir mar is iomchuí, lena n-áirítear conarthaí fostaíochta a fhoirceannadh, i gcoinne aon duine a dhéanann calaois nó a fhéachann le calaois a dhéanamh ar eu-LISA nó ar shócmhainní agus acmhainní eile de chuid an Aontais, nó a dhéanann dochar ar shlí eile do chlú na Gníomhaireachta. I ngach cás den sórt sin, comhoibreoidh eu-LISA le OLAF, agus le haon údaráis ábhartha eile de chuid an Aontais.

[101] Is príomhghnéithe de rialachas inmheánach tionscadal agus clár eu-LISA iad an tAthbhreithniú ar Dhul Chun Cinn an Chláir agus Coiste Stiúrtha an Chláir, arna bhunú le cinneadh ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin an 26 Meitheamh 2024.

Féachann an Ghníomhaireacht go leanúnach lena bearta coisctheacha agus braiteacha frithchalaoise a fheabhsú agus freagairt go tapa d'athruithe suntasacha a dhéanann difear dá pearsanra, dá buiséad agus dá timpeallacht oibriúcháin. Chuige sin, déanann an Ghníomhaireacht iarracht mhór chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- comhlíonadh iomlán na bprionsabal frithchalaoise a bhaint amach agus a chothabháil,
- ardleibhéal eitice agus sláine a bhunú agus a choinneáil ar bun,
- anailísíocht sonraí a fhorbairt agus a úsáid chun calaois a chosc agus a bhrath.[102]

Gach trí bliana, déanann an Ghníomhaireacht measúnú riosca calaoise tiomnaithe. Bunaithe air sin, déantar na spriocanna thuasluaite a athbhreithniú agus a chur in oiriúint do thorthaí an mheasúnaithe, agus cuirtear pleananna gníomhaíochta ábhartha i bhfeidhm. Déantar faireachán ar na pleananna gníomhaíochta sin agus tuairiscítear iad don bhainistíocht go bliantúil chun a gcur chun feidhme éifeachtach a áirithiú.

[102] *Treoir Bainistithe Riosca Calaoise* maidir le dea-chleachtais chun rioscaí calaoise a mheasúnú agus a bhainistiú, Coiste na nEagraíochtaí Urraíochta ar Choimisiún Treadway (COSO) agus Cumann na Scrúdaitheoirí Calaoise Deimhnithe (ACFE), 2016.

# Iarscríbhinn XI. **Plean le haghaidh deontais, ranníocaíochta nó SLAnna**

De réir Airteagal 7 de rialacha airgeadais eu-LISA, cuireadh de chúram ar an nGníomhaireacht an t-ardán comhair le haghaidh Foirne Comhpháirteacha um Imscrúdú (CP JITanna) a dhearadh, a fhorbairt agus a bhainistiú go hoibríochtúil.[103] Síníodh an Comhaontú Ranníocaíochta le haghaidh CP JITanna an 17 Bealtaine 2024.

Sa tréimhse 2024-2027, gheobhaidh an Ghníomhaireacht **EUR 13.884 milliún san iomlán** ón **gClár don Eoraip Dhigiteach** trí chomhaontú ranníocaíochta arna shíniú leis an gCoimisiún.[104]

Tá an miondealú ar ioncam ó gach foinse maoinithe sonraithe sa tábla thíos.

| An Clár don Eoraip Dhigiteach | | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Teideal 1: Caiteachas foirne** | ceangaltais | 0.608 | 1.216 | 1.380 | 1.380 | 4.584 |
| | íocaíochtaí | 0.608 | 1.216 | 1.380 | 1.380 | 4.584 |
| **Teideal 3: Caiteachas oibríochtúil** | ceangaltais | 3.000 | 2.900 | 1.700 | 1.700 | 9.300 |
| | íocaíochtaí | 3.000 | 2.900 | 1.700 | 1.700 | 9.300 |
| **IOMLÁN na leithreasuithe do eu-LISA** | **ceangaltais** | **3.608** | **4.116** | **3.080** | **3.080** | **13.884** |
| | **íocaíochtaí** | **3.608** | **4.116** | **3.080** | **3.080** | **13.884** |

[103] *Rialachán (AE) 2023/969* an 10 Bealtaine 2023 lena mbunaítear ardán comhoibrithe chun tacú le feidhmiú na bhfoirne comhpháirteacha um imscrúdú agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726, IO L 132, 17.5.2023, lgh. 1-20.

[104] Síníodh Comhaontú Ranníocaíochta an Aontais (JUST/2024/PR/CNECT/0031) idir eu-LISA agus Ard-Stiúrthóireacht um Cheartas agus Tomhaltóirí an Choimisiúin Eorpaigh (AS JUST) an 17 Bealtaine 2024.

# Iarscríbhinn XII. Straitéis maidir le comhar le tríú eagraíochtaí agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta

## Creat le haghaidh comhar

Eascraíonn an creat bunúsach le haghaidh chomhar eu-LISA le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus le heintitis nó comhlachtaí ábhartha eile as an Rialachán bunaidh. Sonraítear in Airteagal 43, chun a chúraimí a chomhlíonadh, go bhféadfaidh eu-LISA caidreamh oibre a bhunú le heagraíochtaí idirnáisiúnta arna rialú ag an dlí idirnáisiúnta poiblí, chomh maith le heintitis nó comhlachtaí ábhartha eile, a bhunaítear ar chomhaontú idir dhá thír nó níos mó.

Mar sin féin, ní fhéadfar gach socrú oibre den chineál sin a thabhairt i gcrích ach amháin le húdarú ón mBord Bainistíochta, tar éis formheas a fháil roimh ré ón gCoimisiún Eorpach, chun comhsheasmhacht agus ailíniú le cuspóirí straitéiseacha níos leithne an Aontais i réimse CGB a áirithiú, agus le beartais sheachtracha an Aontais freisin.

Ní mór do na prionsabail ghinearálta lena dtreoraítear comhar eu-LISA amach anseo le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus bunú socruithe oibre féideartha a bheith i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil is infheidhme agus, dá bhrí sin, ní mór dóibh a bheith dírithe ar an méid seo a leanas a dhéanamh:

- cur chun feidhme a oibleagáidí mar a shonraítear ina Rialachán bunaithe a éascú, go háirithe cur chun feidhme EES, ETIAS agus na hailtireachta idir-inoibritheachta,
- ról eu-LISA mar ionad barr feabhais a chur chun cinn trí eolas agus eispéiris a mhalartú,
- cumais eu-LISA a neartú chun nuálaíocht agus claochlú digiteach a bhrú chun cinn.

## Comhoibriú le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus le tríú tíortha

Maidir le caidreamh oibre le heagraíochtaí idirnáisiúnta, tá an Ghníomhaireacht dírithe ar threoir a fháil ón Rialachán lena mbunaítear eu-LISA, chomh maith le creat dlíthiúil agus tosaíochtaí polaitiúla an Aontais i réimse CGB.

Maidir le haon socruithe oibre a d’fhéadfadh a bheith ann, mar shampla, le INTERPOL (chun oibleagáidí i leith ETIAS agus ailtireacht idir-inoibritheachta a chur chun feidhme), fanfaidh siad le toradh chaibidlíocht an Choimisiúin le INTERPOL agus urramóidh siad go hiomlán é, agus le húdarú an Bhoird Bainistíochta, tar éis formheas a fháil roimh ré ón gCoimisiún, agus i gcomhréir le creat rialála an Aontais maidir le cosaint sonraí.

# Iarscríbhinn XIII. **Staidéir agus measúnuithe tionchair a bhaineann le SPD 2026-2028**

| Réimse | Topaic | Tionchar ar ghníomhaíocht SPD 2026-2028 |
|---|---|---|
| **Eurodac** | staidéar ar aghaidh-aithint Eurodac | Déanfar imscrúdú sa staidéar ar a indéanta atá sé aghaidh-aithint a bheith ag Eurodac. Meastar go mbeidh gníomhaíocht maidir le héabhlóid agus uasghrádú Eurodac mar thoradh air sin. |
| **Ailtireacht** | staidéar ar ailtireacht atá bunaithe ar imeachtaí amach anseo | Déanfar imscrúdú sa staidéar ar an ailtireacht athléimneach fheidhmiúil a bheidh ann amach anseo do chroíchórais ghnó eu-LISA. |

An chéad eagrán; tugadh an lámhscríbhinn chun críche i mí na Samhna 2025.

Níl eu-LISA ná aon duine atá ag gníomhú thar a cheann freagrach as an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an bhfaisnéis a chuirtear i láthair sa doiciméad seo.

© eu-LISA, 2025

Údaraítear atáirgeadh ach an fhoinse a lua.

Chun eilimintí nach le eu-LISA iad a úsáid nó a atáirgeadh, d'fhéadfadh sé gur ghá cead a lorg go díreach ó na sealbhóirí cirt faoi seach. Ní le eu-LISA an cóipcheart i ndáil leis na heilimintí seo a leanas; tá ceadúnas tugtha do na híomhánna uile agus aisghabhadh iad ó Adobestock – stock.adobe.com.